



An Bhruiséal, 13 Bealtaine 2022
(OR. en)

9068/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0155(COD)**

JAI 641
ENFOPOL 256
CRIMORG 69
IXIM 119
DATAPROTECT 149
CYBER 170
COPEN 182
FREMP 98
TELECOM 216
COMPET 332
MI 388
CONSOM 117
DIGIT 97
CODEC 690
IA 71

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Bealtaine 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 209 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 209 final.

Faoi iamh: COM(2022) 209 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.5.2022
COM(2022) 209 final

2022/0155 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 209 final} - {SWD(2022) 209 final} - {SWD(2022) 210 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) agus le hAirteagal 24(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt')¹ cumhdaítear cosaint agus cúram leas agus fholláine leanaí mar chearta. In 2021, chuir Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh i dtábhacht nach mór na cearta sin a chosaint sa timpeallacht dhigiteach freisin². Is tosaíocht Aontais í an chosaint leanaí, as líne agus ar líne araon.

Déantar foréigean gnéasach ar leanbh amháin as cúigear ar a laghad le linn na hóige³. Le staidéar domhanda a rinneadh in 2021, fuarthas gur iarradh ar níos mó ná freagróir amháin as triúr rud éigin gáirsiúil a dhéanamh ar líne le linn a n-óige, agus go ndearnadh mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ar níos mó ná leath díobh⁴. Tá riosca níos airde fós go ndéanfaí foréigean gnéasach ar leanaí faoi mhíchumas. déanfar mí-úsáid ghnéasach ar suas le 68 % de chailíní agus ar suas le 30 % de bhuachaillí faoi mhíchumas intleachtúil nó forbartha sula mbaineann siad 18 mbliana amach⁵. Is iarmhairt de mhí-úsáid ghnéasach chorpartha leanaí é ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí. Is gá é a bhrath agus a thuairisciú chun a tháirgeadh agus a scaipeadh a chosc, agus is modh ríthábhachtach é sin chun a íospartaigh a shainaithint agus chun cúnamh a thabhairt dóibh. Mar gheall ar an bpaindéim, tá leanaí neamhchosanta ar leibhéal i bhfad níos airde teagmhálacha nach bhfuil ag teastáil ar líne, lena n-áirítear sirtheoireacht i mí-úsáid ghnéasach leanaí. Cé go bhfuil mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach leanaí agus ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí coiriúlaithe ar fud an Aontais leis an Treoir um Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí⁶, a glacadh in 2011, tá sé soiléir go bhfuil ag teip ar an Aontas fós ó thaobh leanaí a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí, agus gur dúshlán ar leith é an taobh ar líne dó sin.

Dá bhrí sin, an 24 Iúil 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí a Chomhrac ar Bhealach Níos Éifeachtaí,⁷ lena leagtar amach freagairt chuimsitheach ar bhagairt mí-úsáide gnéasaí leanaí as líne agus ar líne atá ag dul i méid, trí fheabhas a chur ar chosc, ar imscrúdú agus ar chúnamh d'íospartaigh. Áirítear ocht

¹ Cairt na Náisiún Aontaithe um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, [2012/C 326/02](#), an 26 Deireadh Fómhair 2012.

² [Barúil Ghinearálta Uimh. 25 \(2021\) ó na Náisiúin Aontaithe](#) maidir le Cearta an Linbh i ndáil leis an Timpeallacht Dhigiteach.

³ [Feachtas Duine as Cúigear](#), Comhairle na hEorpa, 2010- 2015.

⁴ [Suirbhé ó Economist Impact](#) ar níos níos mó ná 5 000 duine idir 18- 20 bliain in 54 thír, foilsithe sa [Global Threat Assessment, WeProtect Global Alliance, 2021](#).

⁵ Ionadaí Speisialta na Náisiún Aontaithe ar an Ardrúnaí um Fhoréigean i gCoinne Leanaí, [Leanaí Faoi Mhíchumas](#).

⁶ Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a ghlacann ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle.

⁷ [Straitéis an Aontais maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí](#), COM(2020) 607, an 24 Iúil 2020, lch. 2.

dtionscnamh léi chun creat dlíthiúil láidir a chur i bhfeidhm chun leanaí a chosaint agus chun cur chuige comhordaithe a éascú ar fud an iliomad gníomhaithe a bhfuil baint acu le cosaint leanaí agus le tacaíocht do leanaí. Tá sé mar aidhm ag na tionscnaimh sin bearnaí reachtacha a shainaithint, agus a áirithiú, le dlíthe an Aontais, go gcumasófar freagairt éifeachtach, go neartófar iarrachtaí forfheidhmithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go gcuirfear ar a gcumas do thíortha an Aontais leanaí a chosaint ar bhealach níos fearr trí bhíthin coisc, go spreagfar tionscail iarrachtaí a dhéanamh chun cosaint leanaí a áirithiú agus iad ag úsáid na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, agus go gcuirfear feabhas ar chosaint leanaí ar fud an domhain trí bhíthin chomhar ilpháirtithe leasmhara. Le hiarrachtaí comhlántacha eile, tacaítear leis an straitéis thiomnaithe seo. An 24 Márta 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis chuimsitheach an Aontais maidir le Cearta an Linbh, lena moltar bearta treisithe chun leanaí a chosaint ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear mí-úsáid ar líne. Ina theannta sin, iarrtar ar chuideachtaí leis leanúint dá n-iarrachtaí ábhar neamhdhleathach ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, dá n-ardáin agus dá seirbhísí. Áirítear freisin leis an Dearbhú Eorpach atá molta maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití⁸, gealltanais go ndéanfar gach leanbh a chosaint ar ábhar neamhdhleathach, ar theacht i dtír, ar ionramháil agus ar mhí-úsáid ar líne, agus go gcuirfear cosc ar úsáid a bhaint as an spás digiteach chun coireanna a dhéanamh nó a éascú⁹.

Sa chomhthéacs seo, tá ról ríthábhachtach ag soláthraithe seirbhísí óstála nó cumarsáide idirphearsanta ('soláthraithe'). Tá a n-iompar freagrach agus dícheallach fíor-riachtanach le haghaidh timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa agus chun cearta bunúsacha a ráthaítear sa Chairt a fheidhmiú. Le cúrsaíocht íomhánna agus físeán mí-úsáide gnéasaí leanaí, ar tháinig méadú as cuimse uirthi le forbairt an domhain dhigitigh, cuirtear leis an díobháil a dhéantar d'íospartaigh, agus tháinig ciontóirí ar bhealaí nua trí na seirbhísí seo freisin chun rochtain a fháil ar leanaí agus chun teacht i dtír orthu.

Úsáideann soláthraithe áirithe teicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint dá seirbhísí ar bhonn deonach cheana. Tá éagsúlachtaí móra idir na bearta a dhéanann soláthraithe, áfach, agus tagann formhór mór na dtuairiscí ó dhornán soláthraithe, agus tá líon mór díobh nach ndéanann aon ghníomhaíocht. Bíonn éagsúlachtaí móra idir cáilíocht agus ábharthacht na dtuairiscí a fhaigheann údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais ó sholáthraithe freisin. Mar sin féin, eagraíochtaí amhail an Lárionad Náisiúnta um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí a Thángthas i dTír Orthu ('NCMEC') a bhfuil ceangal ar sholáthraithe na Stát Aontaithe faoi dhlí na Stát Aontaithe mí-úsáid ghnéasach leanaí ar a seirbhísí a thuairisciú dó tráth a thagann siad ar an eolas faoi, fuair siad breis agus 21 milliún tuairisc in 2020, agus bhí breis agus 1 mhilliún díobh ag baint le Ballstáit an Aontais. Leis an bhfigiúr tuairiscithe is déanaí le haghaidh 2021, léirítear méadú breise, ag dul i dtreo 30 milliún¹⁰.

D'ainneoin an chúnamh thábhachtaigh arna thabhairt ag soláthraithe áirithe, léiríodh go dtí seo nach raibh gníomhaíocht dheonach leordhóthanach chun dul i ngleic le mí-úsáid seirbhísí

⁸ An Dearbhú Eorpach atá molta maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití. [COM\(2022\) 28](#), an 26 Eanáir 2022.

⁹ [Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh](#), COM(2021) 142, an 24 Márta 2021.

¹⁰ Is ionann figiúr tuairiscithe 2021 thart ar 29.4 milliún agus méadú 35 % bliain ar bhliain, roghbhlúire sonraí Chibearlíne leideanna an Aontais [NCMEC](#), arna rochtain an 11 Márta 2022.

ar líne chun críocha mí- úsáid ghnéasach leanaí. Dá bharr sin, thosaigh roinnt Ballstát ag ullmhú agus ag glacadh rialacha náisiúnta chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac. Mar a léirítear leis an Tuarascáil um Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo, cuireann an méid sin le forbairt ceanglas náisiúnta éagsúil, rud a chuireann, ar a sheal féin, le méadú ar an ilroinnt sa Mhargadh Digiteach Aonair le haghaidh seirbhísí¹¹. Ina fhianaise sin, tá gá le rialacha aonfhoirmeacha AE maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint anuas chun an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha a chomhlánú, chun bacainní atá roimh an Margadh Digiteach Aonair cheana a bhaint agus chun a leathadh a chosc.¹² Agus aghaidh á tabhairt ar an riosca ilroinnte tríd an togra seo, ní mór a chur san áireamh an gá atá le cearta bunúsacha leanaí ar chúram agus ar chosaint dá bhfolláine, dá meabhairshláinte agus dá leas, an gá atá leis na cearta sin a áirithiú, agus ní mór tacú le leas an phobail i gcoitinne coir thromchúiseach na mí- úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach.

Chun dul i ngleic leis na dúshlán seo agus mar fhreagairt ar ghlaonna ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa, leis an togra seo, déantar iarracht, dá bhrí sin, creat dlíthiúil soiléir agus comhchuibhithe a bhunú maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac. Déantar iarracht leis deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do sholáthraithe i ndáil lena bhfreagrachtaí maidir le rioscaí a mheas agus a mhaolú agus, i gcás inar gá, mí- úsáid den sórt sin a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint dá seirbhísí ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cearta bunúsacha a leagtar síos sa Chairt agus mar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Agus aghaidh á tabhairt ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí mar a chuirtear i láthair ar líne í, tá cearta agus leasanna tábhachtacha i gceist ar gach taobh. Dá bhrí sin, tá sé an- tábhachtach cothromaíocht chóir a aimsiú idir bearta chun íospartaigh leanaí na mí- úsáide gnéasaí agus a gcearta bunúsacha a chosaint agus, dá réir sin, chun cuspóirí tábhachtacha leas na sochaí i gcoitinne, agus cearta bunúsacha úsáideoirí eile agus na soláthraithe a bhaint amach.

Leis an togra seo, leagtar amach, dá bhrí sin, bearta spriocdhírithe atá comhréireach leis an riosca mí- úsáide a bhaineann le seirbhís ar leith ó thaobh mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus atá faoi réir coinníollacha agus coimircí láidre. Déantar iarracht leis freisin a áirithiú go bhféadfaidh soláthraithe a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh, trí Lárionad Eorpach a bhunú chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ('Lárionad an Aontais Eorpaigh') chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú agus chun tacú leis agus, dá réir sin, chun cuidiú leis na constaicí atá roimh an margadh inmheánach a bhaint, go háirithe i ndáil le hoibleagáidí soláthraithe faoin Rialachán ó thaobh mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú agus ó thaobh ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhaint. Go háirithe, déanfaidh Lárionad an Aontais Eorpaigh bunachair sonraí oscailte de tháscairí maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chruthú, a chothabháil agus a oibriú, táscairí a gceanglófar ar sholáthraithe a úsáid chun na hoibleagáidí braite a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart na bunachair sonraí seo a bheith réidh sula dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm. Chun an méid sin a áirithiú, chuir an Coimisiún cistiú ar fáil do na Ballstáit cheana chun cuidiú leo leis na bunachair sonraí sin a ullmhú. Ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh cúraimí

¹¹ Arna léiriú le bunú údarás éagsúil nua nó údarás atá ann cheana atá freagrach as faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí éagsúla a bhfuil feidhm acu maidir le cineálacha soláthraithe seirbhíse éagsúla mar a shrianar le dlíthe náisiúnta na mBallstát iad. Féach roinn 3 d'Iarscríbhinn 5 den Tuarascáil um Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

¹² Féach roinn 4, *Fragmentation of rules for digital services* [Ilroinnt rialacha maidir le seirbhísí digiteacha], in [Business Journeys on the Single Market: Practical Obstacles and Barriers \[Aistir Ghnó ar an Margadh Aonair: Constaicí agus Bacainní Praiticiúla\]](#), SWD(2020)54, an 10 Márta 2020.

comhlántacha áirithe a dhéanamh freisin, amhail cúnamh a thabhairt d'údarais náisiúnta chun a gcúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh i ndáil le hoibleagáidí na soláthraithe. Ba cheart dó leas a bhaint as a ról lárnach freisin chun comhar agus malartú faisnéise agus saineolais a éascú, lena n- áirítear chun críocha cheapadh beartais agus coisc fhianaisebhunaithe. Is tosaíocht é an cosc ó thaobh iarrachtaí an Choimisiúin chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra seo, cuirtear leis na gealltanais a tugadh i Straitéis an Aontais maidir le Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí a Chomhrac ar Bhealach Níos Éifeachtaí, go háirithe ó thaobh reachtaíocht a mholadh chun dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne go héifeachtach, lena n- áirítear trí bhíthin ceangal a chur ar sholáthraithe ábhair aitheanta mhí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, agus oibriú chun Lárionad Eorpach a chruthú chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. Tá creat dlíthiúil an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair sa réimse seo comhdhéanta de reachtaíocht an Aontais a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí, amhail an Treoir um Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí, agus Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne¹³, a mbeidh feidhm aige go dtí an 3 Lúnasa 2024 ('an Rialachán eatramhach').

Trí cheangal a chur ar sholáthraithe ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, a thuairisciú, a chosc agus a bhaint dá seirbhísí, leis an togra, is féidir cionta a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar bhealach níos fearr faoin Treoir um Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí. Leis an reachtaíocht a mholtar, comhlánaítear an Straitéis Eorpach nua i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí¹⁴, a bhfuil sé mar aidhm aici eispéiris dhigiteacha shábháilte a chruthú le haghaidh leanaí agus cumhachtú digiteach a chur chun cinn.

Ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh obair i ndlúthchomhar le Europol. Gheobhaidh sé na tuairiscí ó sholáthraithe, seiceálfaidh sé iad chun tuairisciú bréagdheimhneach soiléir a sheachaint agus seolfaidh sé chuig Europol agus chuig údarais náisiúnta forfheidhmithe dlí iad. Beidh ionadaí ó Europol mar chuid de bhord bainistíochta Lárionad an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, d'fhéadfadh ionadaí ó Lárionad an Aontais Eorpaigh a bheith mar chuid de bhord bainistíochta Europol, chun comhar agus comhoibriú éifeachtach a áirithiú tuilleadh.

Leis an reachtaíocht a mholtar, cuirtear leis na cuspóirí a leagtar amach i roinnt ionstraimí dlí idirnáisiúnta a bhaint amach. Chuige sin, baineann ábharthacht le Coinbhinsiún Lanzarote Chomhairle na hEorpa maidir le Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus ar Mhí- úsáid Ghnéasach¹⁵, arna dhaingniú ag gach Ballstát den Aontas, lena leagtar síos íoscheanglais maidir le dlí coiriúil substainteach, cúnamh d'íospartaigh, agus cláir idirghabhála, agus Coinbhinsiún Bhúdaipeist Chomhairle na hEorpa maidir le

¹³ [Rialachán 2021/1232/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

¹⁴ COM(2022) 212, an 11 Bealtaine 2022.

¹⁵ Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus ar Mhí- Úsáid Ghnéasach, CETS Uimh. 201, an 25 Deireadh Fómhair 2007.

Cibearchoireacht¹⁶, arna dhaingniú ag beagnach gach Ballstát den Aontas, lena gceanglaítear ar pháirtithe cionta coiriúla áirithe a leagan síos a bhaineann le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra, cuirtear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí¹⁷ (RGCS). Sa chleachtas, forais maidir le próiseáil dá bhforáiltear in RGCS, bíonn sé de nós ag soláthraithe cinn éagsúla de na forais sin a agairt chun an phróiseáil sonraí pearsanta a bhíonn i gceist le brath agus tuairisciú deonach mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne. Leis an togra, leagtar amach córas orduithe braite spriocdhírithe agus sonraítear na coinníollacha maidir le brath, rud a fhágann go bhfuil deimhneacht dhlíthiúil níos fearr ann i leith na ngníomhaíochtaí sin. A mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí braite sainordaitheacha ina mbíonn próiseáil sonraí pearsanta i gceist, dá réir sin, leagtar síos leis an togra, go háirithe leis na horduithe braite arna n-eisiúint ar an mbonn sin, an foras le próiseáil den sórt sin dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(c) RGCS, lena ndéantar foráil maidir le próiseáil sonraí pearsanta a bhfuil gá leis chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit a bhfuil an rialóir faoina réir.

Leis an togra, cumhdaítear, inter alia, soláthraithe a chuireann seirbhísí cumarsáide leictreonaí idirphearsanta ar fáil agus, dá réir sin, atá faoi réir forálacha náisiúnta lena ndéantar an Treoir maidir le príobháideacht leictreonach¹⁸ agus maidir leis an athbhreithniú a bheartaítear a dhéanamh uirthi atá faoi chaibidlíocht faoi láthair¹⁹ a chur chun feidhme. Leis na bearta a leagtar amach sa togra, cuirtear srian ar bhealaí áirithe le raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí faoi fhorálacha ábhartha na Treorach sin, eadhon, i ndáil le gníomhaíochtaí a bhfuil fíorghá leo chun orduithe braite a fhorghníomhú. Maidir leis sin, leis an togra, cuirtear Airteagal 15(1) den Treoir sin i bhfeidhm, de réir analaí.

Tá an togra seo comhleanúnach leis an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus leis an Togra le haghaidh na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha²⁰, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach ina leith le déanaí²¹. Leagtar síos leis an togra, go háirithe, ceanglais shonracha maidir le dul i ngleic le foirmeacha ar leith gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéantar agus le hábhar neamhdhleathach a roinntear ar líne, in éineacht le sraith coimircí. Ar an mbealach sin, comhlánófar an creat ginearálta leis dá bhforáiltear leis

¹⁶ Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht, CETS Uimh. 185, an 23 Samhain 2001.

¹⁷ [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

¹⁸ [Treoir 2000/31/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach.

¹⁹ [Treoir 2002/58/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach).

²⁰ Togra le haghaidh rialacháin maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha ([an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha](#)) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, COM/2020/825 final, an 15 Nollaig 2020.

²¹ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_22_2545

an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, tráth a ghlacfar é. Leis an togra, cuirtear le creat cothrománach na hIonstraim um Sheirbhísí Digiteacha ag brath air mar bhonnlíne i gcás inar féidir agus lena leagtar amach rialacha sonracha i gcás inar gá maidir leis an gcás ar leith a bhaineann le dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Mar shampla, féadfaidh roinnt soláthraithe a bheith faoi réir oibleagáid níos ginearálta measúnú a dhéanamh ar rioscaí córasacha a bhaineann le húsáid a seirbhísí faoin Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, agus féadfaidh siad a bheith faoi réir oibleagáid chomhlántach measúnú sonracha a dhéanamh ar na rioscaí go dtarlódh mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne sa togra atá ann faoi láthair. Féadfaidh na soláthraithe sin cur leis an measúnú riosca níos ginearálta agus an measúnú riosca níos sonraí a dhéanamh acu, agus dá réir sin, rioscaí sonracha a shainaithnítear le haghaidh leanaí ar a seirbhísí de bhun an mheasúnaithe riosca shonraigh faoin togra atá ann faoi láthair, féadfaidh siad eolas a dhéanamh do bhearta maolaithe níos ginearálta a théann i ngleic le hoibleagáidí faoin Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha.

Leis an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, cuirtear toirmeasc ar na Ballstáit oibleagáidí ginearálta a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí idirmheánacha chun faireachán a dhéanamh ar fhíorais nó imthosca lena léirítear gníomhaíocht neamhdhleathach nó chun iad a lorg go gníomhach. Cé nach bhfuil múnla beacht an toirmisc sin atá dírithe ar na Ballstáit ag éirí soiléir ach de réir a chéile, tá sé mar aidhm ag an Rialachán atá beartaithe an ceanglas forluiteach a chomhlíonadh maidir le cothromaíocht chóir a aimsiú idir na cearta bunúsacha contrártha éagsúla atá i gceist atá mar bhonn faoin toirmeasc sin, agus an comhthéacs sonracha a bhaineann le dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus an tábhacht a bhaineann le leas an phobail atá i gceist á gcur san áireamh. Déantar amhlaidh leis, go háirithe, trí bheith ag díriú ar raon feidhme na n- oibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthraithe atá i mbail agus trí shraith rialacha agus coimircí soiléire agus atá cothromaithe go cúramach a leagan amach, lena n- áirítear trí shainmhíniú soiléir a thabhairt ar na cuspóirí a shaothraítear, an cineál ábhair agus gníomhaíochtaí lena mbaineann, cur chuige rioscabhunaithe, raon feidhme agus cineál na n- oibleagáidí ábhartha, rialacha maidir le sásamh agus sásraí maoirseachta agus trédhearcachta ábhartha. Áirítear leis freisin bearta láidre chun tacú le cur chun feidhme agus chun é a éascú agus, dá réir sin, chun an t- ualach ar sholáthraithe seirbhíse a laghdú.

Agus príomhchuspóirí an togra á mbaint amach, leis an togra, cuidítear le híospartaigh freisin. Dá réir sin, tá an Rialachán atá beartaithe i gcomhréir leis an Treoir um Chearta Íospartach mar ionstraim chothrománach chun feabhas a chur rochtain íospartach ar a gcearta²².

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá ann chun tacú le gníomhaíocht sa réimse (CFAE). Leis an airteagal, déantar foráil maidir le bunú beart chun feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh a áirithiú. Is é Airteagal 114 an bunús dlí iomchuí le Rialachán lena bhféachtar leis na ceanglais a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha ar líne sa Mhargadh Digiteach Aonair a chomhchuibhiú. Mar a luaitear thuas, tá

²² [Treoir 2012/29/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n- ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle.

bacainní ar an Margadh Digiteach Aonair le haghaidh Seirbhísí ag teacht chun cinn anois mar gheall ar rialacha náisiúnta éagsúla arna dtabhairt isteach ag roinnt Ballstát chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

Leis an Rialachán atá beartaithe, féachtar leis na héagsúlachtaí sin atá ann cheana a dhíothú agus le cosc a chur ar chonstaicí a thiocfadh chun cinn amach anseo mar gheall ar fhorbairt bhreise rialacha náisiúnta den sórt sin. I bhfianaise chineál trasteorann intreach sholáthar na seirbhísí ar líne, le heaspa gníomhaíochta ón Aontas a chuirfeadh le creat rialála a bheadh ilroinnte ar bhonn náisiúnta, cuirfí ualach ar sholáthraithe ar ghá dóibh sraitheanna rialacha náisiúnta éagsúla a chomhlíonadh agus chruthófaí dálaí éagothroma le haghaidh soláthraithe ar fud an Aontais, chomh maith le lúba ar lár féideartha.

- **Coimhdeacht**

De réir phrionsabal na coimhdeachta ní fhéadfar gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais a dhéanamh ach amháin mura féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna a bheartaítear a ghnóthú astu féin, agus más féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais.

Cothroime iomaíochta a áirithiú le haghaidh soláthraithe ar fud an Mhargaidh Dhigitigh Aonair, agus bearta a dhéanamh chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, is aidhm é sin nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach astu féin. Mar a luaitear, tá ceanglais á bhforchur ag na Ballstáit ar sholáthraithe anois chun dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Fiú na Ballstáit sin nár thug ceanglais den sórt sin isteach go fóill, tá siad ag smaoineamh níos mó ar bhearta náisiúnta a thabhairt isteach chun na críche sin. Is iondúil go bhfeidhmíonn na soláthraithe a chumhdaítear thar theorainneacha, áfach, go minic ar fud an Aontais, nó go bhféadfar gur mian leo amhlaidh a dhéanamh. Dá réir sin, le ceanglais náisiúnta a fhorchuirtear ar sholáthraithe margaidh den sórt sin chun dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne, cuirtear méadú ar ilroinnt sa Mhargadh Digiteach Aonair agus bíonn costais chomhlíontachta shuntasacha i gceist le haghaidh soláthraithe, agus ní bhíonn siad éifeachtach go leor de bhua chineál trasteorann na seirbhísí lena mbaineann.

Ní fhéadfar an aidhm a bhaint amach maidir le bacainní roimh an Margadh Digiteach Aonair le haghaidh na seirbhísí lena mbaineann ach le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, rud a fheabhsódh deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh soláthraithe agus a laghdódh costais chomhlíontachta, agus a áiritheodh, an tráth céanna, go mbeadh na ceanglais a fhorchuirtear ar ghníomhaithe margaidh chun dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne éifeachtach de bhua a n- infheidhmeachta aonfhoirmí thar theorainneacha laistigh den Aontas iomlán. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun cuspóirí an Rialacháin atá beartaithe a bhaint amach agus cuirtear luach breise suntasach ar fáil léi i gcomparáid le gníomhaíocht náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Tá sé mar aidhm ag an togra seo na bacainní atá ann cheana a bhaint maidir le seirbhísí ábhartha a chur ar fáil laistigh den Mhargadh Digiteach Aonair agus maidir le teacht chun cinn bacainní breise a chosc, agus comhrac éifeachtach in aghaidh mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha faoi dhlí an Aontais gach páirtí a ndéantar difear dóibh. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, leis an togra seo, tugtar

oibleagáidí spriocdhírithe go cúng agus aonfhoirmeacha isteach maidir le rioscaí a mheas agus a mhaolú, a chomhlánaítear, i gcás inar gá, le horduithe maidir le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir le soláthraithe ábhartha a chuireann seirbhísí ar fáil ar an Margadh Digiteach Aonair gan beann ar an suíomh ina bhfuil a bpríomhbhunaíocht.

Níl feidhm ag na rialacha atá beartaithe ach maidir le soláthraithe cineálacha áirithe seirbhísí ar líne a cruthaíodh a bheith leochaileach maidir lena mí- úsáid chun ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó chun sirtheoireacht leanaí a dhéanamh (a dtugtar ‘mealltóireacht’ uirthi), go príomha mar gheall ar a ngnéithe teicniúla nó comhdhéanamh aoise a ngnáthúsáideoirí. Tá raon feidhme na n- oibleagáidí teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach. Tá bearta ag gabháil leis na hoibleagáidí chun an t- ualach a fhorchuirtear ar na soláthraithe sin a íoslaghdú, agus chun sraith coimircí a thabhairt isteach chun cur isteach ar chearta bunúsacha a íoslaghdú, go háirithe ceart úsáideoirí na seirbhísí chun príobháideachais.

Chun an líon bréagdeimhneach a laghdú agus chun tuairisciú mícheart d’údaráis forfheidhmithe dlí a chosc, agus chun an t- ualach riaracháin agus airgeadais a fhorchuirtear ar sholáthraithe a íoslaghdú, i measc cúiseanna eile, leis an togra, cruthaítear Lárionad an Aontais Eorpaigh atá ina éascaitheoir fíor- riachtanach ar chur chun feidhme na n- oibleagáidí a fhorchuirtear ar na soláthraithe. I measc cúraimí eile, ba cheart do Lárionad an Aontais rochtain soláthraithe ar theicneolaíochtaí braite iontaofa a éascú; táscairí a chur ar fáil arna gcruthú bunaithe ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne arna bhfíorú ag cúirteanna nó ag údaráis riaracháin neamhspleacha na mBallstát chun críche braite; cúnamh ar leith a thabhairt, arna iarraidh sin, i ndáil le feidhmíocht na measúnuithe riosca; agus tacaíocht a thabhairt maidir le cumarsáid a dhéanamh le húdaráis náisiúnta ábhartha.

Ar deireadh, tá coimircí sa Rialachán atá beartaithe chun a áirithiú, maidir le teicneolaíochtaí a úsáidtear chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint anuas chun ordú braite a chomhlíonadh, gurb iad na teicneolaíochtaí is lú a chuireann isteach ar an bpríobháideacht iad agus go bhfuil siad i gcomhréir leis an úrscothacht atá in úsáid sa tionscal, agus go ndéantar aon athbhreithniú is gá leo ar bhonn anaithnid agus nach ndéantar bearta leo chun aon úsáideoir a shainaithint ach i gcás ina mbraitear mí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne. Leis sin, ráthaítear an ceart bunúsach chun leigheas éifeachtach a fháil i ngach céim de na gníomhaíochtaí ábhartha, ó ghníomhaíochtaí braite go gníomhaíochtaí bainte anuas, agus teorannaítear caomhnú an ábhair arna bhaint anuas agus sonraí gaolmhara don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun críoch sonraithe áirithe. Dá réir sin, leis an Rialachán atá beartaithe, teorannaítear cur isteach ar an gceart chun cosaint sonraí pearsanta úsáideoirí agus ar a gceart chun rúndacht cumarsáide, don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun a áirithiú go mbainfear a chuspóirí amach, is é sin, rialacha comhchuibhithe a leagan síos chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne sa mhargadh inmheánach a chosc agus a chomhrac.

- **An rogha ionstraime**

Tugtar deis do reachtóir an Aontais, le hAirteagal 114 CFAE, Rialacháin agus Teoracha a ghlacadh. Ós rud é go bhfuil sé mar aidhm ag an togra oibleagáidí aonfhoirmeacha ar sholáthraithe a thabhairt isteach, ar soláthraithe iad a chuireann a seirbhísí ar fáil i níos mó ná Ballstát amháin de ghnáth nó ar mian leo amhlaidh a dhéanamh, ní bheadh treoir lena gcuirfí

teorainn ar fáil le haghaidh trasuí náisiúnta éagsúil rialacha an Aontais oiriúnach chun na cuspóirí ábhartha a bhaint amach. Le rialacha náisiúnta éagsúla lena dtrasuitear na ceanglais a fhorchuirtear ar sholáthraithe leis an ionstraim seo, leanfaí de na bacainní sin a bheith roimh an Margadh Digiteach Aonair le haghaidh seirbhísí a bhfuil sé mar aidhm ag an tionscnamh seo a bhaint nó thabharfaí isteach an athuair iad.

Murab ionann agus Treoir, áirithítear le Rialachán go bhforchuirtear na hoibleagáidí céanna ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Chomh maith leis sin, is infheidhme go díreach iad na Rialacháin, soláthraítear soiléire agus deimhneacht dhlíthiúil níos fearr leis agus seachnaítear trasuí éagsúil sna Ballstáit leis. Ar na cúiseanna sin, is é Rialachán an ionstraim iomchuí is ceart a úsáid chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach. Ina theannta sin, i bhfianaise dháta dhul in éag an Rialacháin eatramhaigh, sa chás seo, bheadh go leor ama ann chun Rialachán a ghlacadh agus chun a rialacha a thrasuí ar an leibhéal náisiúnta ina dhiaidh sin.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha i gcaitheamh 2 bhliain chun fadhbanna agus bealaí chun tosaigh a shainaithint ó thaobh mí- úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac, ar líne agus as líne araon. Rinneadh an méid sin trí shuirbhéanna, idir comhairliúcháin phoiblí oscailte agus suirbhéanna spriocdhírithe ar údaráis forfheidhmithe dlí. Eagraíodh go leor cruinnithe grúpaí saineolaithe agus cruinnithe déthaobhacha idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara ábhartha chun plé a dhéanamh ar thionchair fhéideartha na reachtaíochta sa réimse seo, agus ghlac an Coimisiún páirt i gceardlanna, i gcomhdhálacha agus in imeachtaí ábhartha maidir le cearta an linbh.

D'fhoilsigh an Coimisiún Measúnú ar Thionchar Tionscanta i mí na Nollag 2020 agus é mar chuspóir leis saoránaigh agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin tionscnamh atá beartaithe agus aiseolas tosaigh a lorg. Leis an aiseolas seo, léiríodh tacaíocht shuntasach le haghaidh an chuspóra maidir le dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Cé gur fáiltíodh roimh chur chuige iomlánaíoch an Lárionaid fhéideartha agus roimh na feabhsúcháin lena bhfuil coinne maidir le soiléireacht dhlíthiúil, chuir roinnt páirtithe leasmhara den tionscal ábhar inní in iúl maidir leis an tionchar a bheadh ag brath agus tuairisciú éigeantach mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne.

Rinne an an Coimisiún comhairliúchán poiblí oscailte in 2021. Tríd an bpróiseas seo, bhíodhas ag iarraidh tuairimí a bhailiú ó raon leathan páirtithe leasmhara amhail údaráis phoiblí agus saoránaigh phríobháideacha, tionscail agus an tsochaí shibhialta. D'ainneoin iarrachtaí chun dáileadh cothrom freagairtí a áirithiú, fuarthas líon suntasach freagairtí ó dhaoine aonair príobháideacha sa Ghearmáin lena dtugtar aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le hábhar an chriptithe agus an t- ábhar sin amháin. Seachas sin, saincheisteanna a bhaineann le comhar agus comhordú níos fearr agus le hacmhainní agus saineolas leordhóthanach a chur ar fáil chun freastal ar mhéideanna ábhair neamhdhleathaigh a bhíonn i gcónaí ag méadú, bhí siad go mór le feiceáil i bhfreagairtí na n- údarás phoiblí, an tionscail agus na sochaí sibhialta. Bhí tacaíocht fhorleathan ar fud na ngrúpaí uile freisin maidir le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí

tuairiscithe a bhaint gan mhoill, maidir le beart a dhéanamh chun ‘mealltóireacht’ (sirtheoireacht leanaí) ar líne a laghdú agus maidir le feabhas a chur ar iarrachtaí coisc agus ar chúnamh d’íospartaigh.

Maidir leis na hoibleagáidí dlíthiúla a fhéadfar a fhorchur ar sholáthraithe chun cineálacha éagsúla mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne ina seirbhísí a bhrath agus a thuairisciú, léiríodh leis an gcomhairliúchán tacaíocht láidir ó údaráis forfheidhmithe dlí agus ó eagraíochtaí forfheidhmithe dlí a bhíonn ag obair i réimse chearta an linbh, agus go raibh daoine a thacaíonn le cearta príobháideachais agus aighneachtaí ó dhaoine aonair príobháideacha in aghaidh na n- oibleagáidí den chuid ba mhó.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Léiríodh le suirbhéanna spriocdhírithe ar údaráis forfheidhmithe dlí sna Ballstáit go bhfuil tuairiscí arna ndéanamh ag soláthraithe na Stát Aontaithe ar cheann de na foinsí is tábhachtaí faoi láthair maidir le tuairiscí mí- úsáide gnéasaí leanaí. Bíonn éagsúlachtaí ann maidir le cáilíocht agus ábharthacht na suirbhéanna sin, áfach, agus léirítear le roinnt tuairiscí nach bhfuil mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne i gceist faoin dlí náisiúnta is infheidhme.

Leis na suirbhéanna sin, sainathnódh freisin na gnéithe is gá chun a áirithiú go bhfuil tuairisc ‘inghníomhaithe’, i.e., go mbaineann cáilíocht agus ábharthacht leordhóthanach léi agus go bhféadfaidh an t- údarás forfheidhmithe dlí ábhartha beart a dhéanamh. Is ar an gcúis sin gurbh iad tuairiscí comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, arna n- éascú ag Lárionad an Aontais Eorpaigh, an straitéis ab fhearr chun an úsáid is mó is féidir a bhaint as saineolas chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac.

- **Measúnú tionchair**

Tar éis an chéad tuairim dhiúltach a fháil ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála maidir leis an Measúnú Tionchair, i mí Feabhra 2022, d’eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach maidir leis an Measúnú Tionchair, ach bhí roinnt agús léi, agus rinne sé moltaí éagsúla le haghaidh feabhsúcháin. Rinneadh tuilleadh athbhreithniú ar an Measúnú Tionchair agus cuireadh an t- aiseolas ábhartha san áireamh, go háirithe trí bhíthin soiléiriú a thabhairt ar na tuairiscí ar na bearta a rinneadh chun comhoiriúnacht le cearta bunúsacha agus leis an toirmeasc ar oibleagáidí faireacháin ginearálta a áirithiú agus trí bhíthin tuairiscí níos mionsonraithe a thabhairt ar na roghanna beartais. Leis an Measúnú Tionchair críochnaithe, déantar imscrúdú ar agus comparáid idir roinnt roghanna malartacha beartais i ndáil le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus i ndáil leis an bhféidearthacht Lárionad an Aontais Eorpaigh a chruthú chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

Leis an Measúnú Tionchair, maidir le gníomhaíochtaí deonacha in aghaidh mhí- úsáid ghnéasach leanaí, léirítear nach raibh siad leordhóthanach astu féin, de bhua nár ghlac ach líon beag soláthraithe iad, maidir leis na dúshlán mhóra atá i gceist i gcomhthéacs comhar príobháideach- poiblí sa réimse seo, agus maidir leis na deacrachtaí atá roimh na Ballstáit ó thaobh an feiniméan a chosc agus leibhéal leordhóthanach cúnaimh d’íospartaigh a ráthú. Leis an gcás seo, glacadh sraitheanna éagsúla beart chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac sna Ballstáit dhifriúla. In éagmais ghníomhaíocht an Aontas, is féidir a bheith ag súil leis go dtarlódh tuilleadh ilroinnt dhlíthiúil de réir mar a thugann na Ballstáit bearta breise

isteach chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar an leibhéal náisiúnta, rud a chruthódh bacainní ó thaobh seirbhís trasteorann a sholáthar ar an Margadh Digiteach Aonair.

I bhfianaise an ghá le dul i ngleic leis an gcás agus d'fhonn dea- fheidhmiú an Mhargaidh Dhigitigh Aonair le haghaidh seirbhísí a áirithiú agus, an tráth céanna, feabhas a chur ar shásraí chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc, a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint agus cosaint agus tacaíocht leormhaith d'íospartaigh a áirithiú, fuarthas go raibh gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

Cuireadh cúig phríomhrogha beartais san áireamh anuas ar an gcás bonnlíne, agus leibhéal mhéadaitheacha éifeachtachta ann ó thaobh na gcuspóirí a leagtar amach sa mheasúnú tionchair agus na sprice beartais foriomláine a bhaint amach maidir le dea- fheidhmiú an Mhargaidh Dhigitigh Aonair le haghaidh seirbhísí a áirithiú agus a áirithiú go ndéantar mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint ar fud an Aontais, rud a chuirfeadh feabhas ar chosc, a d'éascódh imscrúduithe agus a ráthódh cúnamh leordhóthanach d'íospartaigh go hindíreach.

Díríodh gach rogha ar an gcuspóir go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse ábhartha ar líne (raon feidhme pearsanta) atá bunaithe san Aontas agus i dtríú tíortha ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí roimhe seo agus ábhar nua mí- úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireacht (raon feidhme pearsanta) a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint – a mhéid a chuireann siad a seirbhísí ar fáil san Aontas (raon feidhme geografach).

Baineann na príomhdhifríochtaí idir na cúig rogha le raon feidhme na n- oibleagáidí ar sholáthraithe agus le ról agus foirm Lárionad an Aontais Eorpaigh. Bheadh Rogha A comhdhéanta de bhearta neamhrechtacha, praiticiúla chun cosc, brath agus tuairisciú a fheabhsú maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne, agus maidir le cúnamh d'íospartaigh. Áirítear leo sin bearta praiticiúla chun méadú a chur ar chur chun feidhme agus éifeachtúlacht beart deonach ó sholáthraithe chun mí- úsáid a bhrath agus a thuairisciú, agus Lárionad Eorpach a chruthú maidir le cosc agus cúnamh d'íospartaigh i bhfoirm mol comhordúcháin arna bhainistiú ag an gCoimisiún.

Le Rogha B, leagfaí síos bunús dlí sainráite chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath go deonach, agus chun an mhí- úsáid sin a thuairisciú agus a bhaint go sainordaitheach ina dhiaidh sin. I gcomhthéacs Rogha B, bheadh sé de chúram ar Lárionad an Aontais Eorpaigh brath, tuairisciú agus baint a éascú agus ba chomhpháirt bhunúsach den reachtaíocht é, agus é ag feidhmiú mar phríomhchoimirce le haghaidh soláthraithe seirbhíse agus mar shásra rialaithe chun cuidiú le cur chun feidhme éifeachtach an togra a áirithiú. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar roinnt roghanna a bhaineann leis an gcineál lárionaid a d'fhéadfadh a bheith i Lárionad an Aontais, thángthas ar an gconclúid leis an Measúnú Tionchair maidir leis an ngá le neamhspleáchas, acmhainní dílse, infheictheacht, foireann agus saineolas a bhfuil gá leo chun na feidhmeanna ábhartha a dhéanamh, go bhfreastalófaí ar na nithe sin ar an mbealach is fearr trí Lárionad an Aontais a bhunú ina ghníomhaireacht dhílárailte den Aontas. Deimhníodh agus neartaíodh an chonclúid seo i ndáil le Roghanna C go E, lena nglactar cur chuige céimnitheach, agus lena gcuirtear le chéile.

Le Roghanna C agus D, cé go gcuirfí le Rogha B, dhéanfaí oibleagáidí dlíthiúla a fhorchur ar sholáthraithe cineálacha áirithe mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath ar a seirbhísí. Le Rogha C, cheanglófaí ar sholáthraithe ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí (CSAM) a

bhrath, is é sin cóipeanna d'ábhar a fíoraíodh roimhe seo gurb ionann é agus ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí. Le Rogha D, cheanglófaí ar sholáthraithe ní hamháin ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí 'a itheanta' (ábhar a dheimhnítear gurb ionann é agus ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí), ach ábhar 'nua' mí- úsáide gnéasaí leanaí freisin (ábhar a d'fhéadfaí gurbh ionann é agus ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí, ach nach ndearna údarás an méid sin a dheimhniú (go fóill)).

Leis an Rogha choinnithe (Rogha E), cuirtear le Rogha D, agus ceanglaítear ar sholáthraithe mealltóireacht a bhrath freisin, anuas ar ábhar aitheanta agus nua mí- úsáide gnéasaí leanaí.

Thángthas ar an gconclúid sa Mheasúnú Tionchair gurb í Rogha E an rogha thosaíochta. Is fearr oibleagáidí a bheith ann maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ná bheith ag brath ar ghníomhaíochtaí deonacha ó sholáthraithe (Roghanna A agus B), ní hamháin toisc gur cruthaíodh nach raibh na gníomhaíochtaí sin go dtí seo leordhóthanach chun dul i ngleic le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne go héifeachtach, ach toisc nach bhfuil ach ceanglais aonfhoirmeacha a fhorchuirtear ar leibhéal an Aontais oiriúnach chun an cuspóir maidir le hilroinnt an Mhargaidh Dhigitigh Aonair le haghaidh seirbhísí a bhaint amach freisin. Dá réir sin, rinneadh Roghanna A agus B a aischur.

Tá méadú ag teacht ar leibhéal an tionchair ar dhea- fheidhmiú an Mhargaidh Dhigitigh Aonair le haghaidh seirbhísí agus ar an gcomhrac in aghaidh mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne de réir a chéile i gcomhréir leis na hoibleagáidí a bhíonn ag dul i méid go síoraí a d'fhorchuirfí faoi gach rogha. Cé go gcuideofaí le laghdú a chur ar athchúrsaíocht ábhair aitheanta le hoibleagáid maidir le hábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath (Rogha C), ní bheadh ach tionchar teoranta ag oibleagáid den sórt sin ó thaobh na sprice maidir le mí- úsáid a chosc agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh mí- úsáidí leantacha, ós rud é go bhféadfaí go raibh an t- ábhar a thagann faoi raon feidhme oibleagáid den sórt sin i gcúrsaíocht ar feadh na mblianta. Le hoibleagáid maidir le hábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí agus maidir le hábhar nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath (Rogha D), bheifí in ann íospartaigh mí- úsáide leanúnaí a shainaithint agus a tharrtháil agus dhéanfaí amhlaidh bunaithe ar chritéir aonfhoirmeacha arna leagan síos ar leibhéal an Aontais, lena gcuirfí cosc ar bhearta náisiúnta éagsúla a ghlacadh maidir leis an bpointe seo. Rachadh brath sainordaitheach mealltóireachta freisin (Rogha E) níos faide, agus sholáthrófaí an raon feidhme is mó leis maidir le cosc a chur ar mhí- úsáid atá ar tí tarlú agus maidir le cothroime iomaíochta a ráthú sa Mhargadh Digiteach Aonair le haghaidh seirbhísí.

Dá bhrí sin, measadh gurbh é Rogha E an rogha is fearr lena mbaintear an cuspóir beartais amach ar bhealach éifeachtach agus comhréireach, agus comhréireacht á háirithiú trí theorainneacha agus coimircí dian a thabhairt isteach chun an chothromaíocht chóir a cheanglaítear maidir le cearta bunúsacha, go háirithe, a áirithiú. Anuas ar na tionchair shóisialta dhearfacha a dtugtar tuairisc orthu thuas, táthar ag súil go mbeidh tionchar eacnamaíoch ag an rogha thosaíochta ar na soláthraithe a ndéantar dochar dóibh mar gheall ar chostais a eascraíonn as a n- oibleagáidí a chomhlíonadh, agus ar údarais forfheidhmithe dlí agus ar údarais náisiúnta inniúla eile mar gheall ar an líon méadaithe tuairiscí maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne. Laghdaítear iad sin an oireadagus is féidir trí thacaíocht ar leith a bheith á cur ar fáil ag Lárionad an Aontais.

Dá réir sin, táthar ag súil go ndéanfar costais aonuaire agus costais leanúnacha a thaibhiú le bunú an Lárionaid freisin. Rinneadh measúnú sa Mheasúnú Tionchair ar mheastacháin chainníochtúla na dtairbhí agus na gcostas a bhaineann le gach ceann de na roganna beartais

chun iad a chur i gcomparáid le chéile. Fuarthas go gcuireann an rogha thosaíochta leis na tairbhí foriomlána is mó, de bhua an fheabhais a tháinig ar fheidhmiú an Mhargaidh Dhigitigh Aonair mar thoradh air sin agus de bhua an laghdaithe ar na costais shochaíocha a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne.

Chun a chur ar chumas Lárionad an Aontais gach ceann dá chuspóirí a bhaint amach, tá sé rithábhachtach go mbeidh Lárionad an Aontais bunaithe ar an suíomh céanna lena chomhpháirtí is dlúithe, Europol. Tairbheoidh comhar idir Lárionad an Aontais agus Europol den suíomh céanna a bheith acu, idir fhéidearthachtaí feabhsaithe maidir le sonraí a mhalartú agus deiseanna níos fearr mol eolais a chruthú maidir le dul i ngleic le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí trí fhoireann speisialaithe agus/nó saineolaithe seachtracha a mhealladh. Beidh níos mó deiseanna gairme ag an bhfoireann seo freisin gan gá suíomh a athrú. Chuirfí ar chumas do Lárionad an Aontais freisin, cé gur eintiteas neamhspleách atá ann, a bheith ag brath ar sheirbhísí tacaíochta Europol (Acmhainní Daonna, TF lena n- áirítear an chibearshlándaíl, an foirgneamh, an chumarsáid). Is bealach níos costéifeachtaí é seirbhísí tacaíochta den sórt sin a chomhroinnt, agus seirbhís níos gairmiúla a áirithiú seachas iad a dhúbláil trína gcruthú ó bhonn le haghaidh eintiteas cuibheasach beag a bheidh i gceist le Lárionad an Aontais.

Leis an measúnú tionchair, rinneadh anailís mhionsonraithe ar na tionchair ábhartha, i.e. cearta sóisialta, eacnamaíocha agus bunúsacha. Breithníodh freisin an tionchar ar iomaíochas agus ar FBManna. Leis an Rialachán, ionchorpraítear roinnt de na bearta a chuirtear in iúl sa mheasúnú tionchair i ndáil le FBManna. Áirítear leo sin, go háirithe, an gá atá ag na húdaráis náisiúnta inniúla méid, acmhainn airgeadais agus cumas teicneolaíoch an tsoláthraí a chur san áireamh agus an Rialachán á fhorfheidhmiú, lena n- áirítear maidir le measúnú riosca, oibleagáidí braite agus pionóis, chomh maith leis an bhféidearthacht do FBManna tacaíocht shaor in aisce a iarraidh ar Lárionad an Aontais chun an measúnú riosca a sheoladh.

Mheas an measúnú tionchair an chomhsheasmhacht leis an dlí aeráide, leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus leis an bprionsabal ‘digiteach mar réamhshocrú’ freisin. Rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair freisin ar chur i bhfeidhm an phrionsabail ‘ceann-istigh-ceann-amuigh’ faoinar cheart go dtabharfaí faoiseamh le gach togra reachtach lena gcruthaítear ualaí nua daoine agus gnólachtaí ó ualach coibhéiseach atá ann cheana ar leibhéal an Aontais Eorpaigh sa réimse beartais céanna, chomh maith leis na tionchair i ndáil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, go háirithe i gcás a bhfuil SFI 5.2 (gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a dhíchur) agus SFI 16.2 (deireadh a chur le mí- úsáid, saothrú, gáinneáil agus gach cineál foréigin in aghaidh leanaí) ábhartha maidir leis an Rialachán seo.

• Cearta bunúsacha

De réir Airteagal 52(1) den Chairt, ní mór foráil a dhéanamh le dlí i ndáil le haon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n- aithint sa Chairt seo agus ní mór bunbhrí na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má shásaíonn siad i ndáiríre cuspóirí leasa ghinearálta arna n- aithint ag an Aontas nó an riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí, rud atá ina choir an- tromchúiseach, a chosc agus a chomhrac, is é is aidhm don togra na rialacha sin a chomhchuíbhiú²³. Mar sin, saothraíonn an togra cuspóir leasa ghinearálta de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt²⁴. Anuas air sin, féachann an togra le cearta daoine eile, eadhon cearta leanaí, a chosaint. Baineann sé go háirithe lena gcearta bunúsacha chun dínit an duine agus chun iomláine an duine, toirmeasc ar íde atá mídhaonna nó táireach, chomh maith le cearta an linbh.²⁵ Cuirtear san áireamh sa togra, i ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí, bíodh sí á déanamh ag na húdaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha, nach mór sárleasanna an linbh a bheith mar phríomhchúram. Thairis sin, is féidir leis na cineálacha mí- úsáide gnéasaí leanaí atá i gceist anseo – go háirithe, malartú grianghraf nó físeán a léiríonn mí- úsáid den sórt sin – difear a dhéanamh do chearta leanaí chun measa do shaol príobháideach agus teaghlaigh agus do chosaint sonraí pearsanta freisin²⁶. I ndáil le cionta coiriúla in aghaidh mionaoisigh a chomhrac, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dá haire go bhféadfadh oibleagáidí dearfacha na n- údarás poiblí ábhartha, lena n- áirítear reachtas an Aontais Eorpaigh, teacht as cuid de na cearta bunúsacha ar a laghad a luaitear, trína cheangal orthu bearta dlí a ghlacadh chun na cearta atá i gceist a chosaint²⁷.

An tráth céanna, déanann na bearta atá sa togra difear, ar an gcéad dul síos, d'fheidhmiú **chearta bunúsacha úsáideoirí** na seirbhísí atá i gceist. Áirítear leis na cearta sin, go háirithe, na cearta bunúsacha an phríobháideacht a urramú, (lena n- áirítear rúndacht chumarsáide, mar chuid den chearta níos leithne chun measa ar shaol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh), an ceart um chosaint sonraí pearsanta agus an ceart chun saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil²⁸. Cé go bhfuil sé an- tábhachtach, ní cearta iomlána iad aon cheann de na cearta seo agus ní mór iad a mheas i ndáil lena bhfeidhm sa tsochaí²⁹. Mar a shonraítear thuas, ceadáítear le hAirteagal 52(1) den Chairt teorainneacha a chur ar fheidhmiú na gceart sin, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san fhoráil sin.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag **saoirse fiontraíochta na soláthraithe** atá clúdaithe leis an togra freisin³⁰. Go ginearálta, cuireann an ceart bunúsach seo cosc ar oibreoirí eacnamaíocha a bheith faoi réir ualaí iomarcacha. Áirítear ann an tsaoirse an duine a roghnú le gnó a dhéanamh agus an tsaoirse conartha. Áfach, ní ceart iomlán é an ceart seo ach an oiread; fágann sé go mbeidh raon leathan idirghabhálacha a d'fhéadfadh teorainn a chur le feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar mhaithe le leas an phobail³¹. Dá réir sin, féachann an togra leis an gcuspóir leasa ghinearálta thuasluaite a bhaint amach agus le cearta bunúsacha an linbh sin a chosaint, agus comhréireacht a áirithiú agus cothromaíocht chóir a bhaint amach idir cearta bunúsacha na bpáirtithe ar fad atá i gceist an am céanna. Chuige sin, tá raon teorainneacha agus cosaintí sa togra, a dhéantar difreáil eatarthu ag brath ar chineál agus leibhéal na teorann a fhorchuirtear ar fheidhmiú na gceart bunúsach lena mbaineann.

²³ Is é ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí an t- aon chineál ábhar neamhdhleathach a bhfuil seilbh an ábhair amháin neamhdhleathach freisin.

²⁴ Ciste Comhtháthaithe. e.g. CBAE, *Digital Rights Ireland*, Cásanna Uamtha C-293/12 agus C-594/12, [Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18](#), mír. 42.

²⁵ Airteagail 1, 3, 4, agus 24 den [Chairt](#), faoi seach.

²⁶ Airteagal 7 agus 8 den [Chairt](#), faoi seach.

²⁷ Féach go háirithe CBAE, [La Quadrature du Net](#), Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, mír 126.

²⁸ Airteagail 7, 8, agus 11 den [Chairt](#), faoi seach.

²⁹ Ciste Comhtháthaithe e.g. CBAE, [Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18](#), mír. 120.

³⁰ Airteagal 16 den [Chairt](#).

³¹ Ciste Comhtháthaithe e.g. CBAE, [Sky Österreich](#), Cásanna C-283/11, mír. 45- 46.

Go sonrach, má chuirtear d'oibleagáidí mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar sheirbhísí 'poiblí' agus 'príobháideacha' araon, lena n- áirítear seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, beidh leibhéil éagsúla cunórachta ar chearta bunúsacha na n- úsáideoirí dá thoradh. I gcás ábhair a bhfuil fáil ag an bpobal orthu, cé go mbíonn cur isteach ann, is lú go ginearálta é an tionchar go háirithe ar an gceart chun príobháideachais i bhfianaise ról na seirbhísí seo mar 'spásanna poiblí fíorúla' le haghaidh tuairimí a nochtadh agus idirbhearta eacnamaíocha. Is mó an tionchar ar an gceart chun príobháideachais i ndáil le cumarsáid phríobháideach.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag baint fhéideartha nó ag baint iarbhir ábhar úsáideoirí, go háirithe baint earráideach (mar gheall ar an toimhde iomrallach go mbaineann sé le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí), ar chearta bunúsacha úsáideoirí, go háirithe maidir le saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. An tráth céanna, is féidir le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne nach mbraitear agus a fhágtar ar líne tionchar suntasach diúltach a bheith aige ar chearta bunúsacha thuasluaite an linbh, ag déanamh dochar buan do leanaí agus don tsochaí i gcoitinne. I measc na bhfachtóirí eile a bheidh le cur san áireamh i dtaca leis sin ná na nithe seo a leanas: cineál ábhar na n- úsáideoirí atá i gceist (téacs, grianghraif, físeáin), cruinneas na teicneolaíochta lena mbaineann, chomh maith le cineál 'glan' an toirmisc ar mhalartú ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí (nach bhfuil i bprionsabal faoi réir aon eisceachtaí agus nach bhfuil íogair ó thaobh comhthéacs de).

Mar thoradh ar na bearta lena gcuirtear oibleagáidí ar sholáthraithe ábhar aitheanta agus nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath agus a thuairisciú, bheadh tionchar suntasach dearfach ag an togra ar chearta bunúsacha na n- íospartach a bhfuil a n- íomhánna á scaipeadh ar an idirlíon, go háirithe ar a gcearta chun measa ar shaol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ar an gceart um chosaint sonraí pearsanta agus ar an gceart chun sláine an duine.

Laghdódh na bearta sin sárú ar chearta na n- íospartach go mór ar ghné dhílis de scaipeadh ábhair a léiríonn a mí- úsáid iad. De bharr na n- oibleagáidí sin, go háirithe an ceanglas maidir le hábhair nua mí- úsáide gnéasaí leanaí agus 'grúmaeireacht' a bhrath, d'aithneofaí íospartaigh nua agus chruthófaí deis chun iad a tharrtháil ó mhí- úsáid leanúnach, as a dtiocfadh tionchar dearfach suntasach ar a gcearta agus ar an tsochaí i gcoitinne. Bheadh tionchar dearfach freisin ar na cearta sin dá gcuirfí bunús dlí soiléir ar fáil do 'grúmaeireacht' a bhrath agus a thuairisciú go sainordaitheach. Laghdóidh iarrachtaí coiscthe méadaithe agus níos éifeachtaí leitheadúlacht na mí- úsáide gnéasaí leanaí, ag tacú le cearta an linbh trína gcosc ó íospairt a dhéanamh orthu freisin. Chosnódh bearta chun tacú le híospartaigh a n- íomhánna agus a bhfíseáin a bhaint a gcearta chun an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a chosaint (príobháideacht) agus chun sonraí pearsanta a chosaint.

Mar a luadh, dhéanfaidh forchur oibleagáidí ar sholáthraithe difear dá gceart chun saoirse fiontraíochta, rud is féidir a chosaint i bprionsabal i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú, ag féachaint freisin don ról atá ag a gcuid seirbhísí i ndáil leis an mí- úsáid. Ní mór, áfach, an tionchar ar chearta soláthraithe a theorannú a mhéid is féidir chun a áirithiú nach dtéann sé thar a bhfuil fíorghá leis. D'áiritheofaí an méid sin, mar shampla, trí fhoirmeacha áirithe tacaíochta a sholáthar do sholáthraithe chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear a chur chun feidhme, lena n- áirítear rochtain ar thacair iontaofa de tháscairí mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne a sholáthraíonn modhanna ar a seal féin chun teicneolaíochtaí braite uathoibrithe iontaofa, agus teicneolaíochtaí braite uathoibrithe saor in aisce a úsáid, rud a laghdaíonn an t- ualach

atá orthu. Ina theannta sin, tairbhíonn soláthraithe de bheith faoi réir sraith aonair rialacha soiléire aonfhoirmeacha.

Próiseáil sonraí pearsanta úsáideoirí chun críocha mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, is rud í an phróiseáil sin ag a mbíonn tionchar suntasach ar chearta úsáideoirí agus ní féidir í a chosaint ach amháin i bhfianaise a thábhachtaí atá sé mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac. Dá bharr sin, an cinneadh dul i mbun na ngníomhaíochtaí sin nó gan dul ina mbun, i bprionsabal ní féidir é a fhágáil faoi na soláthraithe; ní leosan a bhaineann sé, ach leis an reachtóir. Mar sin féin, ní mór aon oibleagáid a dhíriú go cúng ina raon feidhme pearsanta agus ábharach araon agus iad a chur le chéile le coimircí leormhaithe, ionas nach ndéanfar difear do bhunbhrí na gceart agus go mbeidís comhréireach. Leagtar amach sa togra seo, dá bhrí sin, rialacha a fhreagraíonn do na ceanglais sin, lena leagtar amach teorainneacha agus coimircí a dhifreáiltear i bhfeidhm an tionchair fhéideartha ar na cearta bunúsacha atá i gceist, ag méadú go ginearálta ag brath ar na cineálacha seirbhísí lena mbaineann agus cé acu atá nó nach bhfuil sé mar aidhm leis na bearta scaipeadh ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí, scaipeadh ábhar nua mí- úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht leanaí ('grúmaeireacht') a bhrath.

Mar a luadh, bheadh tionchar dearfach ag 'grúmaeireacht' a bhrath ar chearta bunúsacha íospartach féideartha go háirithe trí rannchuidiú le cosc a chur ar mhí- úsáid; má dhéantar gníomh tapa, féadfaidh sé fiú díobháil ar leanbh a chosc. An tráth céanna, is é an próiseas braite an próiseas braite is mó a dhéanann cúngracht ar úsáideoirí (i gcomparáid le scaipeadh ábhar aitheanta agus nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath), ós rud é go n- éilítear scanadh uathoibrioch trí théacsanna i gcumarsáid idirphearsanta. Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne i dtaca leis sin gur minic gurb é scanadh den sórt sin an t- aon bhealach amháin chun é a bhrath agus nach 'dtuigeann' an teicneolaíocht a úsáidtear ábhar na cumarsáide ach go gcuardaíonn sí le haghaidh patrúin réamhaitheanta, a léiríonn grúmaeireacht fhéideartha. Tá ardleibhéal cruinnis³² faighte ag teicneolaíochtaí braite cheana féin, cé go bhfuil formhaoirseacht agus athbhreithniú daonna fós riachtanach, agus tá táscairí 'grúmaeireachta' ag éirí níos iontaofa le himeacht ama, de réir mar a fhoghlaimíonn na halgartaim.

Mar sin féin, fanann na trasnaíochtaí atá i gceist fíoriógair. Mar thoradh ar sin, cé go bhfuil teorainneacha agus coimircí láidre curtha i bhfeidhm cheana féin maidir le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, tá siad níos sriantaí maidir le hábhair nua mí- úsáide gnéasaí leanaí agus, go háirithe, maidir le 'grúmaeireacht' a bhrath. Áirítear leo sin critéir choigeartaithe chun na horduithe braite a fhorchur, tréimhse níos teoranta chun na horduithe sin a chur i bhfeidhm agus ceanglais tuairiscithe threisithe le linn na tréimhse sin. Ina theannta sin, leagann an togra amach sásraí láidre formhaoirseachta, lena n- áirítear ceanglais maidir le neamhspleáchas agus cumhachtaí na n- údarás náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu na horduithe a eisiúint agus formhaoirseacht a dhéanamh ar a bhfeidhmiú, chomh maith le ról cúnamh agus comhairleach do Lárionad an Aontais. Rannchuidíonn Lárionad an Aontais freisin leis, ní hamháin trí tháscairí cruinne agus iontaofa a chur ar fáil, ach trí theicneolaíochtaí oiriúnacha a chur ar fáil do sholáthraithe, agus trí mheasúnú a dhéanamh ar thuairiscí a dhéanann soláthraithe ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha freisin. Ar an

³² Mar shampla, tuairiscíonn Microsoft gurb é 88 % cruinneas a uirlise braite grúmaeireachta, rud a chiallaíonn gur féidir 12 a eisiúint tar éis athbhreithniú a dhéanamh orthu agus nach dtuairisceofar iad chuig forghníomhú an dlí, as 100 comhrá a luaitear mar shirtheoireacht choiriúil fhéideartha ar leanaí; féach Iarscríbhinn 8 den Mheasúnú Tionchair.

mbealach sin cuidíonn sé le Lárionad an Aontais an riosca go ndéanfaí brath agus tuairiscí earráideacha a íoslaghdú. Ina theannta sin, déantar bearta éagsúla chun sásamh éifeachtach a áirithiú do sholáthraithe agus d'úsáideoirí araon.

Cé go bhfuil sé éagsúil ó thaobh cineáil de agus nach bhfuil chomh cunórach sin i gcoitinne, is cinnte go mbíonn tionchar ag an gcumhacht nuachruthaithe ar chearta bunúsacha chun orduithe baint anuas a eisiúint maidir le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí freisin, go háirithe cearta na n-úsáideoirí lena mbaineann maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Chuige sin, freisin, foráiltear do shraith teorainneacha agus coimircí, idir rialacha soiléire agus caighdeánaithe a leagan síos agus sásamh a áirithiú, agus idir neamhspleáchas na n-údarás eisiúna a ráthú agus trédhearcacht agus formhaoirseacht éifeachtach.

Ba cheart gach tagairt sa Rialachán atá beartaithe do chearta bunúsacha a thuiscint mar thagairtí do na cearta bunúsacha a aithnítear faoi dhlí an Aontais amháin, is é sin, iad siúd atá cumhdaithe sa Chairt agus iad siúd a aithnítear mar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais³³.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déanfaidh na leithdháiltí a bheartaítear sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021- 27 tionchar buiséadach an togra a chumhdach faoi imchlúdaigh airgeadais an Chiste Slándála Inmheánaí mar a mhionsonraítear sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo i gcomhair rialacháin, sa mhéid go dtagann sé faoin bpeirspictíocht bhuiséadach reatha. Éilítear sna himpleachtaí sin freisin athchlárú Cheannteideal 7 den Pheirspictíocht Airgeadais.

Cumhdaítear sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo i gcomhair Rialacháin na tionchair bhuiséadacha don Rialachán féin.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an clár chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin atá beartaithe leagtha amach in Airteagal 83 agus leagtar amach go mionsonraithe sa Mheasúnú Tionchair é. Leagtar amach sa chlár táscairí éagsúla a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar chuspóirí oibríochtúla a bhaint amach agus ar chur chun feidhme an Rialacháin.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle 5 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin. Bunaithe ar thorthaí na tuarascála, go háirithe aon bhearnaí atá ábhartha sa chleachtas iarbhír a bheith fágtha leis an Rialachán, agus forbairtí teicneolaíochta á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le raon feidhme an Rialacháin a oiriúnú. Déanfaidh an Coimisiún tograí a thíolacadh chun an Rialachán a oiriúnú, más gá.

³³ Féach Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cuimsíonn an rialachán atá beartaithe dhá phríomhchuid: ar an gcéad dul síos, forchuirtear leis oibleagáidí ar sholáthraithe maidir le hábhar aitheanta agus nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, a thuairisciú, a bhaint agus a bhlocáil, chomh maith le sirtheoireacht leanaí, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear sna malartuithe ar líne, agus, ar an dara dul síos, bunaítear leis Lárionad an Aontais um Mí- Úsáid Ghnéasach Leanaí mar ghníomhaireacht dhíláráithe chun a chur ar a chumas an Rialachán nua a chur chun feidhme.

Leagtar forálacha ginearálta amach i **gCaibidil I**, lena n- áirítear ábhar agus raon feidhme an Rialacháin (Airteagal 1) agus na sainmhínithe ar phríomhthéarmaí a úsáidtear sa Rialachán (Airteagal 2). Tógann an tagairt do ‘ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí’ ar na téarmaí ábhartha mar atá sainmhínithe sa Treoir um Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí, eadhon, pornagrafaíocht leanaí agus taispeántas pornagrafach, agus tá sé mar aidhm aige an t- ábhar ar fad a chlúdaítear ann a chuimsiú a mhéid is féidir ábhar den sórt sin a scaipeadh trí na seirbhísí atá i gceist (sa chleachtas, i bhfoirm físeán agus grianghraf de ghnáth). Tá an sainmhíniú i gcomhréir leis an sainmhíniú atá sa Rialachán eatramhach. Is ionann an scéal i leith an tsainmhínithe ar ‘sirtheoireacht leanaí’ agus ar ‘mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne’. Maidir le sainmhíniú roinnt téarmaí eile, braitheann an togra ar shainmhíniú atá in achtanna eile de dhlí an Aontais nó i dtogra, go háirithe an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (CCLE)³⁴ agus togra na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha.

Bunaítear le **Caibidil II** oibleagáidí aonfhoirmeacha, is infheidhme maidir le gach soláthraí óstála nó seirbhíse cumarsáide idirphearsanta a chuireann seirbhísí den sórt sin ar fáil ar mhargadh aonair digiteach an Aontais, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le mí- úsáid a gcuid seirbhísí chun ábhar aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí (sainmhínítear iad le chéile mar ‘mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne’). Áirítear freisin oibleagáidí spriocdhírithe ar sholáthraithe áirithe mí- úsáid den sórt sin a bhrath, í a thuairisciú trí Lárionad an Aontais, rochtain ar ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhaint nó a dhíchumasú, nó é a bhlocáil nuair a ordaítear amhlaidh.

Cruthaíonn Roinn 1 na hoibleagáidí measúnaithe riosca thuasluaite do sholáthraithe seirbhísí óstála nó do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta (Airteagal 3). Ceanglaítear leis ar sholáthraithe freisin bearta oiriúnaithe agus comhréireacha a ghlacadh chun na rioscaí a shainaithnítear a mhaolú (Airteagal 4) agus tuairisc a thabhairt ar thoradh an mheasúnaithe riosca agus ar na bearta maolaithe arna nglacadh do na hÚdaráis Chomhordúcháin a d’ainmnigh na Ballstáit (Airteagal 5). Ar deireadh, forchuirtear leis oibleagáidí spriocdhírithe ar stórais feidhmchlár bogearraí chun measúnú a dhéanamh cé acu atá aon fheidhmchlár a dhéanann siad idirghabháil ar i mbaol nó nach bhfuil i mbaol á úsáide chun críche na sirtheoireachta agus, más amhlaidh an cás agus gur suntasach é an riosca, bearta réasúnacha a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí a shainaithint agus cosc a chur ar a rochtain air (Airteagal 6).

Tugann Roinn 2 cumhacht d’Údaráis Comhordúcháin a tháinig ar an eolas – trí mheasúnú riosca nó trí bhealaí eile – ar fhianaise go bhfuil baol suntasach ann go mbainfí mí- úsáid as

³⁴ [Treoir \(AE\) 2018/1972](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach.

seirbhís óstála nó seirbhís cumarsáide idirphearsanta shonrach chun críche mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne iarraidh ar an údarás breithiúnach inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách inniúil ordú a eisiúint lena gceanglófar ar an soláthraí lena mbaineann an cineál mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne atá i gceist a bhrath ar an tseirbhís ábhartha (Airteagail 7 agus 8). Tá sraith beart comhlántach ann, amhail na bearta sin a áirithíonn go bhfuil an ceart ag soláthraithe agóid a dhéanamh i gcoinne orduithe a fhaightear (Airteagal 9). Bunaítear leis an roinn freisin ceanglais agus coimircí chun a áirithiú go ndéanfar an brath go héifeachtach agus, an tráth céanna, ar bhealach cothrom agus comhréireach (Airteagal 10). Ar deireadh, leagann sé an chumhacht ar an gCoimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7 go 10 (Airteagal 11).

Cuirtear iallach le Roinn 3 ar sholáthraithe seirbhísí óstála nó ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá tagtha ar an eolas, gan beann ar an mbealach ar tháinig siad ar an eolas, faoi chás mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne féideartha ar bith ar a gcuid seirbhísí a sholáthraítear san Aontas é a thuairisciú láithreach do Lárionad an Aontais (Airteagal 12) agus sonraítear na ceanglais a chaithfidh an tuairisc ábhartha a chomhlíonadh (Airteagal 13).

Tugtar Roinn 4 de chumhacht d'Údaráis Chomhordúcháin iarraidh ar an údarás breithiúnach inniúil nó ar an údarás riaracháin neamhspleách ordú a eisiúint lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí óstála ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí ar a chuid seirbhísí a bhaint nó rochtain air a dhíchumasú i ngach Ballstát, ina sonraítear na ceanglais nach mór don ordú a chomhlíonadh (Airteagal 14). I gcás ina mbraitheann soláthraithe mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne, níl siad faoi aon oibleagáid faoi dhlí an Aontais ábhar den sórt sin a bhaint anuas. Mar sin féin, i bhfianaise chineál follasach neamhdhleathach an chuid is mó de mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus an riosca go gcaillfear an díolúine ó dhliteanais atá sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus i dtogra na hIonstraimhe um Sheirbhísí Digiteacha, roghnóidh soláthraithe go rialta í a bhaint anuas (nó rochtain uirthi a dhíchumasú). I gcás nach ndéanann soláthraí ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint anuas uaidh féin, is féidir leis na hÚdaráis Chomhordúcháin iallach a chur air é a bhaint trí ordú a eisiúint chuige sin. Ceanglaíonn an tAirteagal freisin ar sholáthraithe seirbhísí óstála a fuair ordú den sórt sin an t- úsáideoir a sholáthair an t- ábhar a chur ar an eolas, faoi réir eisceachtaí ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Déantar bearta eile a rialáil, amhail sásamh, freisin (Airteagal 15). Is iad na rialacha atá sa Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne (Rialachán 2021/784) a spreag na rialacha seo.

Tugtar le Roinn 5 de chumhacht d'Údaráis Chomhordúcháin iarraidh ar an údarás breithiúnach inniúil nó ar an údarás riaracháin neamhspleách ordú a eisiúint lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí rochtana idirlín rochtain ar aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a dhíchumasú lena sonraítear míreanna sonracha d'ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí nach féidir a bhaint go réasúnach ag an bhfoinse (Airteagal 16 agus 17). Áirithítear le hAirteagal 18 inter alia go bhfuil an ceart ag soláthraithe a fuair ordú blocála den sórt sin agóid a dhéanamh ina leith agus go n- áirithítear sásamh na n- úsáideoirí freisin, lena n- áirítear trí iarrataí ar athmhéasúnú ó na hÚdaráis Chomhordúcháin. Leagtar amach sna hAirteagail seo, in éineacht leis na forálacha maidir le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a shainathint go hiontaofa (Airteagal 36) agus cáilíocht sonraí (Airteagal 46), na coinníollacha agus na coimircí le haghaidh orduithe den sórt sin, ag cinntiú go bhfuil siad éifeachtach chomh maith le bheith cothrom agus comhréireach.

Leagtar amach i Roinn 6 díolúine ó dhliteanas i leith cionta mí- úsaíde gnéasaí leanaí do sholáthraithe seirbhísí na sochaí faisnéise ábhartha a dhéanann gníomhaíochtaí chun an Rialachán seo a chomhlíonadh (Airteagal 19). Is é is aidhm dó sin go príomha cosc a chur ar an riosca a fhéadfadh a chur faoi dhliteanas faoin dlí coiriúil náisiúnta as iompar a éilítear faoin Rialachán seo.

Cruthaítear le Roinn 6 freisin cearta sonracha d'íospartaigh, a bhféadfadh a n- íomhánna agus a bhfiseáin de mhí- úsaíd ghnéasach leanaí a bheith á scaipeadh ar líne i bhfad tar éis don mhí- úsaíd chorpártha críochnú. Tugtar le hAirteagal 20 an ceart d'íospartaigh mí- úsaíde gnéasaí leanaí faisnéis a fháil ó Lárionad an Aontais, trí Údarás Comhordúcháin a n- áit chónaithe, ar thuairiscí ar ábhar aitheanta mí- úsaíde gnéasaí leanaí a léiríonn siad. Leagtar amach in Airteagal 21 an ceart atá ag íospartaigh cúnamh a lorg ó sholáthraithe seirbhísí óstála lena mbaineann nó, trí Údarás Comhordaithe a n- áit chónaithe, tacaíocht ó Lárionad an Aontais, agus iad ag iarraidh rochtain ar ábhar den sórt sin a bhaint nó a dhíchumasú.

Sa Roinn seo, liostaítear na cuspóirí uileghabhálacha freisin dá gcaomhnóidh soláthraithe seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta sonraí ábhair agus sonraí eile arna bpróiseáil i dtaca leis na bearta arna ndéanamh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta arna nginiúint trí phróiseáil den sórt sin, ina leagfar amach sraith coimircí agus ráthaíochtaí, lena n- áirítear uastréimhse chaomhnaithe 12 mhí (Airteagal 22).

Ar deireadh, leagtar amach inti an oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe aonair teagmhála a bhunú chun cumarsáid dhíreach leis na húdaráis phoiblí ábhartha a éascú (Airteagal 23), mar aon leis an oibleagáid atá ar sholáthraithe den sórt sin nach bhfuil bunaithe in aon Bhallstát, i.e. ach a chuireann a gcuid seirbhísí ar fáil san Aontas, ionadaí dlíthiúil a ainmniú san Aontas, chun forfheidhmiú a éascú (Airteagal 24).

Tá forálacha i **gCaibidil III** maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo. Leagtar síos forálacha i Roinn 1 maidir le húdaráis náisiúnta inniúla, go háirithe Údaráis Chomhordúcháin, arb iad na príomhúdaráis náisiúnta iad a d'ainmnigh na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach (Airteagal 25). Údaráis Chomhordúcháin, cosúil le húdaráis inniúla ainmnithe eile, a bheidh neamhspleách ar gach slí, amhail cúirt, agus feidhmeoidh siad a gcúraimí go neamhchlaonta, go trédhearcach agus go tráthúil (Airteagal 26).

Tugtar cumhachtaí sonracha imscrúdaitheacha agus cumhachtaí forghníomhaithe d'Údaráis Chomhordúcháin i Roinn 2 i ndáil le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh na hÚdaráis Chomhordúcháin (Airteagail 27 go 30). Is iad na forálacha i dtogra na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha is mó a spreag na forálacha sin. Foráiltear leis an roinn seo freisin don chumhacht faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo trí chuardaigh a dhéanamh ar ábhar mí- úsaíde gnéasaí leanaí (Airteagal 31) agus fógraí a chur faoi bhráid sholáthraithe seirbhísí óstála chun láithreachta ábhar aitheanta mí- úsaíde gnéasaí leanaí a mharcáil ar a gcuid seirbhísí (Airteagal 32).

Áirítear le Roinn 3 tuilleadh forálacha maidir le forfheidhmiú agus pionóis, trína suíomh go bhfuil dlínse ag Ballstáit na príomhbhunáochta de chuid sholáthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise (nó dá ionadaí dlíthiúil) an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú (Airteagal 33). Áirithítear leis freisin gur féidir le hÚdarás Comhordúcháin

gearáin a fháil in aghaidh soláthraithe den sórt sin as sárui the líomhnaithe ar a n- oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo (Airteagal 34). Ina theannta sin, leagfaidh na Ballstáit rialacha síos maidir le pionóis is infheidhme maidir le sárui the na n- oibleagáidí sin (Airteagal 35).

Tá forálacha i Roinn 4 maidir le comhar idir Údaráis Chomhordúcháin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Leagtar amach inti rialacha faoi mheasúnú a dhéanamh ar ábhar nó ar chomhráite le go bhféadtar a dheimhniú gur mí- úsáid ghnéasach leaná iad, cúram a fhágtar faoi Údaráis Chomhordúcháin, údaráis riaracháin neamhspleácha náisiúnta eile nó cúirteanna náisiúnta, chomh maith leis na torthaí ina leith sin a chur ar aghaidh chuig Lárionad an Aontais chun táscairí a ghiniúint, nó, i gcás ina bhfuil aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne i gceist, chun iad a chuimsiú sa liosta ábhartha (Airteagal 36). Tá rialacha inti freisin faoi chomhar trasteorann i measc Údarás Comhordúcháin (Airteagal 37) agus déantar foráil don fhéidearthacht go ndéanfaidís imscrúduithe comhpháirteacha, i gcás inarb ábhartha, le tacaíocht ó Lárionad an Aontais (Airteagal 38). Is é togra na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha a spreag na forálacha sin freisin. Ar deireadh, déantar foráil sa roinn seo do rialacha ginearálta faoi chomhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus faoi chóras comhroinnte faisnéise a bheidh iontaofa agus slán chun tacú le cumarsáid idir na páirtithe ábhartha (Airteagal 39).

Baineann **Caibidil IV** le Lárionad an Aontais Eorpaigh. Bunaíodh na forálacha inti ar Chur Chuige Comhpháirteach Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le gníomhaireachtaí dláráithe.

Le Roinn 1, bunaítear Lárionad an Aontais um Mí- úsáid Ghnéasach Leaná mar Lárionad dláráithe de chuid an Aontais (Airteagal 40), agus rialáiltear stádas dlíthiúil Lárionad an Aontais agus a cheanncheathrún (Airteagal 41 agus 42). Chun a chur ar chumas an Lárionaid gach ceann dá chuspóirí a bhaint amach, tá sé rithábhachtach go mbeidh Lárionad an Aontais bunaithe ar an suíomh céanna lena chomhpháirtí is dlúithe, Europol. Tairbheoidh comhar idir Lárionad an Aontais agus Europol den suíomh céanna a bheith acu, idir fhéidearthachtaí feabhsaithe maidir le sonraí a mhalartú agus deiseanna níos fearr mol eolais a chruthú maidir le mí- úsáid ghnéasach leaná trí fhoireann speisialaithe agus/nó saineolaithe seachtracha a mhealladh. Beidh níos mó deiseanna gairme ag an bhfoireann seo freisin gan gá suíomh a athrú. Chuirfí ar chumas do Lárionad an Aontais freisin, cé gur eintiteas neamhspleách atá ann, a bheith ag brath ar sheirbhísí tacaíochta Europol (Acmhainní Daonna, TF lena n- áirítear an chibearshlándaíl, an chumarsáid). Is bealach níos costéifeachtaí é seirbhísí tacaíochta den sórt sin a chomhroinnt, agus seirbhís níos gairmiúla a áirithiú seachas iad a dhúbláil trína gcruthú ó bhonn le haghaidh eintiteas cuibheasach beag a bheidh i gceist le Lárionad an Aontais.

Sonraítear cúraimí Lárionad an Aontais faoin Rialachán seo i Roinn 2. Áirítear leo sin tacaíocht d'Údaráis Chomhordúcháin, éascaíocht do na próisis maidir le measúnú riosca, brath, tuairisciú, baint anuas agus blocáil, agus éascaíocht do ghiniúint agus comhroinnt eolais agus saineolas (Airteagal 43). Tá sainordú ag an gCoimisiún bunachair sonraí de tháscairí mí- úsáide gnéasaí leaná ar líne a chruthú agus a choinneáil ar bun (Airteagal 44) agus de thuairiscí (Airteagal 45) agus cibé rochtain is gá ag páirtithe ábhartha ar na bunachair sonraí táscairí a dheonú orthu, agus urraim á tabhairt do na coinníollacha agus coimircí arna sonrú (Airteagal 46). Cumhachtaíonn an roinn an Coimisiún freisin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo i ndáil leis na bunachair sonraí sin freisin (Airteagal 47).

Ina theannta sin, tugtar soiléiriú sa roinn seo go bhfuil Lárionad an Aontais beartaithe feidhmiú mar chainéal tuairiscithe tiomnaithe don Aontas Eorpach ar fad, chun tuairiscí ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a fháil ó sholáthraithe uile na seirbhísí óstála agus na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a eisítear faoin Rialachán seo, chun measúnú a dhéanamh orthu lena shuí cé acu a d'fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh tuairiscí a bheith go soiléir gan bhunús, agus na tuairiscí nach bhfuil go soiléir gan bhunús a chur ar aghaidh chuig Europol agus chuig údaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit (Airteagal 48). Ar deireadh, suitear sa roinn seo, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an Rialachán seo a éascú, go bhféadfaidh Lárionad an Aontais, faoi imthosca áirithe, cuardaigh ar líne a dhéanamh le haghaidh ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí nó fógra faoi ábhar den sórt sin a thabhairt do sholáthraithe na seirbhísí óstála i gceist agus a iarraidh orthu an t- ábhar sin a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú, chun gur féidir leis na soláthraithe a machnamh a dhéanamh air dá ndeoin féin (Airteagal 49). Tá sainordú ag Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí ábhartha a chur ar fáil freisin, chun orduithe braite a fhorghníomhú agus chun gníomhú mar mhol faisnéise agus saineolais, ag bailiú faisnéise, ag déanamh taighde agus comhroinnt faisnéise i réimse na mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne, agus ag tacú leis an taighde sin (Airteagal 50).

Faoi Roinn 3, féadfaidh Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha faoi shonraí den sórt sin a phróiseáil a leagtar amach ag an Rialachán seo agus ag gníomhartha eile de dhlí an Aontais (Airteagal 51).

Le Roinn 4, bunaítear cainéil chomhair a nascann Lárionad an Aontais leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, trí oifigigh theagmhála náisiúnta a ainmniú (Airteagal 52); le Europol (Airteagal 53); agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta féideartha, amhail líonra INHOPE de bheolínthe chun ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a thuairisciú (Airteagal 54).

Leagtar amach struchtúr riaracháin agus bainistíochta Lárionad an Aontais i Roinn 5 (Airteagal 55), lena mbunaítear comhdhéanamh, struchtúr, cúraimí, minicíocht cruinnithe agus rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta (Airteagail 56 go 60); comhdhéanamh, nós imeachta ceapacháin, cúraimí agus rialacha vótála an Bhoird Feidhmiúcháin (Airteagail 61 go 63); chomh maith leis an nós imeachta ceapacháin agus cúraimí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (Airteagail 64 agus 65). I bhfianaise chineál teicniúil agus mhear- éabhlóid na dteicneolaíochtaí a úsáideann soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus chun tacú le rannpháirteachas Lárionad an Aontais i bhfaireachán agus cur chun feidhme an Rialacháin seo i ndáil leis sin, bunaítear leis na Roinn seo Coiste Teicneolaíochta laistigh de Lárionad an Aontais , atá comhdhéanta de shaineolaithe teicniúla agus a bhfuil feidhm chomhairleach aige (Airteagal 66).

Déantar foráil i Roinn 6 do bhunú agus struchtúr an bhuiséid (Airteagal 67), do na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Lárionad an Aontais (Airteagal 68), do rialacha um thíolacadh, cur chun feidhme agus rialú buiséad Lárionad an Aontais (Airteagal 69), chomh maith leis na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh (Airteagal 70).

Tá forálacha deiridh maidir le comhdhéanamh agus stádas fhoireann Lárionad an Aontais i Roinn 7 agus i Roinn 8, chomh maith le socruithe teanga, trédhearcachta agus cumarsáide i ndáil lena ghníomhaíochtaí, bearta chun dul i ngleic le calaois, dliteanas conarthach agus neamhchonarthach, féidearthacht maidir le fiosrúcháin riaracháin, comhaontú maidir le

ceanncheathrú agus maidir le coinníollacha oibriúcháin, chomh maith le tosú ar ghníomhaíochtaí Lárionad an Aontais (Airteagail 71 go 82).

Leagtar amach oibleagáidí maidir le bailiú sonraí agus maidir le trédhearcacht i **gCaibidil V**. Éilíonn na hoibleagáidí ar Lárionad an Aontais, ar na hÚdaráis Chomhordúcháin agus ar sholáthraithe seirbhísí óstála, cumarsáide idirphearsanta agus rochtain ar an idirlíon, sonraí comhiomlánaithe a bhailiú a bhaineann lena ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo agus an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil do Lárionad an Aontais (Airteagal 83), agus tuarascáil bhliantúil ar a ngníomhaíochtaí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus don Choimisiún (Airteagal 84).

Tá na forálacha deiridh den Rialachán seo i **gCaibidil VI**. Baineann siad leis an meastóireacht thréimhsiúil ar an Rialachán seo agus ar ghníomhaíochtaí Lárionad an Aontais (Airteagal 85); le hionstraimí tarmligthe agus chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 290 agus 291 den CFAE, faoi seach (Airteagail 86 agus 87); le haisghairm an Rialacháin eatramhaigh (Rialachán 2021/1232) (Airteagal 88) agus ar deireadh le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo (Airteagal 89).

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³⁶,

Ag féachaint don tuairim ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí³⁷,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá seirbhísí na sochaí faisnéise tar éis éirí an- tábhachtach chun cumarsáid, nochtadh tuairimí, bailiú faisnéise agus go leor gnéithe eile den saol sa lá atá inniu ann a dhéanamh, lena n- áirítear do leanaí ach do dhéantóirí cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí chomh maith. Is cionta coiriúla thar a bheith tromchúiseacha iad cionta den sórt sin, atá faoi réir íosrialacha a leagtar síos ar leibhéal an Aontais, agus ní mór iad a chosc agus a chomhrac go héifeachtach chun cearta agus folláine leanaí a chosaint, mar a éilítear faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('Cairt') agus chun an tsochaí i gcoitinne a chosaint. Ba cheart go mbeadh úsáideoirí seirbhísí den sórt sin a chuirtear ar fáil san Aontas a bheith in ann muinín a bheith acu go bhféadtar na seirbhísí i gceist a úsáid go sábháilte, go háirithe ag leanaí.
- (2) I bhfianaise a thábhachtaí atá seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ní féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ach trína áirithiú, maidir le soláthraithe a chuireann seirbhísí den sórt sin ar fáil san Aontas, go ngníomhaíonn siad go freagrach agus go ndéanann siad bearta réasúnacha chun an riosca go mbainfí mí- úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí- úsáide gnéasaí leanaí a laghdú, óir is minic gurb iad na soláthraithe sin na haon daoine atá in ann mí- úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart na bearta a dhéantar a bheith saindirithe, cothromaithe go cúramach agus comhréireach, chun aon iarmhairt dhiúltach mhíchúí do na daoine a

³⁵ IO C , , lch. .

³⁶ IO C , , lch. .

³⁷ IO C , , lch. .

úsáideann na seirbhísí chun críoch dlíthiúil a sheachaint, go háirithe chun a gcearta bunúsacha atá cosanta faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú, is é sin, na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt agus a aithnítear mar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais, agus chun aon ualach iomarcach ar sholáthraithe na seirbhísí a sheachaint.

- (3) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí bhíthin ceanglais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise. I bhfianaise chineál trasteorann intreach an idirlín agus an tsoláthair seirbhísí lena mbaineann, tá éifeacht dhiúltach dhíreach ag na dlíthe náisiúnta sin, atá éagsúil óna chéile, ar an margadh inmheánach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, chun deireadh a chur leis na constaicí roimh sholáthar na seirbhísí a eascraíonn as na dlíthe sin agus chun cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ba cheart na riachtanais chomhchuibhithe a bhfuil gá leo a leagan síos ar leibhéal an Aontais.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh Rialachán seo ina rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaí trí bhíthin rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a leagan amach chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach agus a urramaíonn cearta bunúsacha gach duine lena mbaineann. Ó tharla go mbíonn na seirbhísí lena mbaineann ag athrú go tapa, chomh maith leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a sholáthar, ba cheart na rialacha sin a leagan síos ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus seasmhach ó thaobh na todhchaí de, ionas nach gcuirfear isteach ar an nuálaíocht.
- (5) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart soláthraithe seirbhísí a chumhdach leis a bhféadfaí mí- úsáid a bhaint astu chun críche na mí- úsaíde gnéasaí leanaí ar líne. Ó tharla go bhfuil ag méadú de réir a chéile ar an mí-úsáid a bhaintear astu chun na críche sin, ba cheart go n- áireofaí leis na seirbhísí sin seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, amhail seirbhísí curtha teachtaireachtaí agus seirbhísí r- phoist gréasán- bhunaithe, a mhéid atá na seirbhísí sin ar fáil go poiblí. Ó tharla go mbaineann an baol céanna mí- úsaíde le seirbhísí lena gcumasaítear idirmhalartú faisnéise idirphearsanta agus idirghníomhach nach bhfuil iontu ach mionghné choimhdeach atá nasctha go bunúsach le seirbhís eile, amhail comhrá agus feidhmeanna comhchosúla eile mar chuid de chluichíocht, comhroinnt íomhánna agus óstáil físeán, ba cheart go gcumhdófaí na seirbhísí sin leis an Rialachán seo freisin. I bhfianaise na ndifríochtaí bunúsacha idir seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus na rioscaí éagsúla gaolmhara go n- úsáidí na seirbhísí sin chun críche na mí- úsaíde gnéasaí leanaí, agus cumas éagsúil na soláthraithe lena mbaineann chun mí- úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac, áfach, ba cheart na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí sin a idirdhealú ar bhealach iomchuí.
- (6) Is minic a bhíonn mí- úsáid seirbhísí na sochaí faisnéise a chuirtear ar fáil san Aontas ag soláthraithe atá bunaithe i dtríú tíortha i gceist le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne. D'fhonn éifeachtacht na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú agus cothroime iomaíochta a bheith ann laistigh den mhargadh inmheánach, ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha sin maidir leis na soláthraithe seirbhísí ar fad a sholáthraíonn seirbhísí san Aontas, gan beann ar áit a mbunaithe nó a gcónaithe, arna fhianú le nasc substaintiúil leis an Aontas.
- (7) Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a eascraíonn as gníomhartha eile an Aontais, go háirithe Treoir 2011/93 ó Pharlaimint na hEorpa agus

ón gComhairle³⁸, Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,³⁹ agus Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰ [maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/13/CE], Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴¹, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴², agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³.

- (8) Ba cheart an Rialachán seo a mheas mar *lex specialis* i ndáil leis an gcreat is infheidhme go ginearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE] lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le seirbhísí áirithe na sochaí faisnéise a sholáthar sa mhargadh inmheánach. Tá feidhm ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE] i leith saincheisteanna a dtugtar nó nach dtugtar aghaidh orthu go hiomlán leis an Rialachán seo.
- (9) Ceadaíonn Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE do Bhallstáit bearta reachtacha a ghlacadh chun srian a chur le raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí dá ndéantar foráil i bhforálacha sonracha den Treoir sin a bhaineann le rúndacht teachtaireachtaí i gcás inarb ionann srian den sórt sin agus beart riachtanach, iomchuí agus comhréireach laistigh de shochaí dhaonlathach, inter alia, chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, lena n-áirítear comhlíontacht leis an gCairt. Trí bhíthin ceanglais na forála sin a chur i bhfeidhm de réir analaí, ba cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo srian le feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí dá ndéantar foráil in Airteagail 5(1) agus (3) agus Airteagal 6(1) de Threoir 2002/58/CE a mhéid is fíorghá chun na horduithe braite arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur i gcrích d'fhonn mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac.
- (10) De ghrá na soiléireachta agus na comhsheasmhachta, ba cheart na sainmhínithe dá ndéantar foráil sa Rialachán seo, i gcás inar féidir agus in arb iomchuí, a bhunú ar na sainmhínithe ábhartha in ionstraimí eile de dhlí an Aontais agus ba cheart iad a ailíniú leo, amhail Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí

³⁸ Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

³⁹ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ('An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

⁴⁰ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (IO L).

⁴¹ Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le forálacha reachtaíochta, rialacháin nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

⁴² Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁴³ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonach ('an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach'), (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

- (11) Ba cheart féachaint ar nasc substaintiúil leis an Aontas mar rud arb ann dó i gcás ina bhfuil bunaíocht ag seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise san Aontas nó, ina éagmais sin, ar an mbonn go bhfuil líon suntasach úsáideoirí i mBallstát amháin nó níos mó, nó go bhfuil gníomhaíochtaí spriocdhírithé ar Ballstát amháin nó níos mó. Ba cheart spriocdhíríú gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na gcúinsí ábhartha ar fad, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht chun táirgí nó seirbhísí a ordú, nó fearann náisiúnta barrleibhéil a úsáid. D'fhéadfaí spriocdhíríú gníomhaíochtaí Bhallstát amháin nó níos mó a dhíorthú ó infhaighteacht feidhmchlár bogearraí sa stóras feidhmchlár bogearraí náisiúnta ábhartha, ó fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin a sholáthar, nó ó chaidreamh custaiméirí a láimhseáil, amhail seirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin. Ba cheart nasc substaintiúil a thoimhdiú freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a ghníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴. Suíomh gréasáin ón Aontas a bheith inrochtana go teicniúil, níor cheart a mheas gur rud é sin ann féin a bhunaíonn nasc substaintiúil leis an Aontas.
- (12) Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus neodrachta teicneolaíche, chun críche an Rialacháin seo, ba cheart an téarma ‘ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí’ a shainmhíniú mar thagairt a dhéanamh d’aon chineál ábhair atá ina phornagrafaíocht leanaí nó ina thaibhiú pornagrafaíochta leanaí de réir bhrí Threoir 2011/93/AE, ábhar is féidir a scaipeadh trí sheirbhísí óstála nó seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a úsáid. Faoi láthair, is íomhánna nó físeáin atá in ábhar den sórt sin, de ghnáth, ach ní féidir a chur as an áireamh, áfach, gurb ann dó i bhfoirmeacha eile, go háirithe i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta amach anseo.
- (13) Ba cheart go gcumhdófaí leis an téarma ‘mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne’ ní hamháin scaipeadh ábhar a braitheadh roimhe agus a deimhníodh gur ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí (ábhar ‘aitheanta’) é, ach ábhar nár braitheadh roimhe agus ar dócha gur ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí é ach nár deimhníodh fós gurb amhlaidh atá (ábhar ‘nua’), chomh maith le gníomhaíochtaí atá ina sirtheoireacht leanaí (‘grúmaeireacht’). Tá gá leis sin chun aghaidh a thabhairt, ní hamháin ar mhí-úsáid a tharla san am atá caite, ar athíospairt agus ar shárú chearta na n-íospartach a bhaineann leis, amhail an ceart chun príobháideachais agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ach chun aghaidh a thabhairt freisin ar mhí-úsáid a tharla le déanaí, atá ag tarlú faoi láthair nó atá ar tí tarlú, chun í chosc a mhéid agus is féidir, chun leanaí a chosaint go héifeachtach agus chun méadú a chur ar an dóchúlacht go dtarrthálfaí íospartaigh agus go stopfar déantóirí.
- (14) D’fhonn íoslaghdú a chur ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as a seirbhísí chun ábhar aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó le haghaidh sirtheoireacht leanaí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí measúnú a dhéanamh ar riosca den sórt

⁴⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

sin maidir le gach ceann de na seirbhísí a chuireann siad ar fáil san Aontas. Mar threoir dá measúnú riosca, ba cheart liosta de na nithe atá le cur san áireamh a sholáthar. Le go mbeifí in ann breithniú iomlán a dhéanamh ar shaintréithe sonracha na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, ba cheart cead a thabhairt do sholáthraithe nithe breise a chur san áireamh i gcás inarb ábhartha. Ó tharla go dtagann éabhlóid ar rioscaí le himeacht ama, mar thoradh ar fhorbairtí amhail na forbairtí a bhaineann leis an teicneolaíocht agus na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí i gceist, is iomchuí a áirithiú go dtugtar an measúnú riosca cothrom le dáta go rialta agus nuair is gá ar chúiseanna áirithe.

- (15) D'fhéadfadh roinnt de sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise sin a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bheith faoi réir oibleagáide chun measúnú riosca a dhéanamh faoi Rialachán (AE) .../... [*maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE*] i ndáil leis an bhfaisnéis a stórálaíonn siad agus a scaipeann siad ar an bpobal. Chun críocha an Rialacháin reatha, féadfaidh na soláthraithe sin tarraingt ar mheasúnú riosca den sórt sin agus é a chomhlánú le measúnú níos sonraí ar na rioscaí a bhaineann lena seirbhísí a úsáid chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, mar a éilítear leis an Rialachán seo.
- (16) Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, bearta réasúnacha a dhéanamh chun an riosca go mbainfí úsáid as a seirbhísí chun na críche sin a mhaolú, mar a shainaithnítear leis an measúnú riosca. Soláthraithe atá faoi réir oibleagáide chun bearta maolaithe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) .../... [*maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE*], féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a fhéadfaidh bearta maolaithe a ghlactar chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta saindiríthe chun cearta an linbh a chosaint, amhail fíorúchán aoise agus uirlisí rialaithe tuismitheora, feidhmiú freisin le haghaidh a thabhairt ar an riosca a shainaithnítear sa measúnú riosca sonrach de bhun an Rialacháin seo, agus féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a bheadh beart maolaithe saindiríthe breise de dhíth chun an Rialachán seo a chomhlíonadh.
- (17) Chun go mbeidh nuálaíocht ann agus chun comhréireacht agus neodracht theicneolaíoch a áirithiú, níor cheart aon liosta cuimsitheach de na bearta maolaithe éigeantacha a bhunú. Ina áit sin, ba cheart méid áirithe solúbthachta a thabhairt do sholáthraithe chun bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, bearta a bheadh saincheaptha don riosca a shainaithnítear agus do shaintréithe na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus do na bealaí a úsáidtear na seirbhísí sin. Go háirithe, tá saoirse ag soláthraithe bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, bunaithe ar a gcleachtais reatha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ina seirbhísí agus chun a thabhairt le tuiscint mar chuid den tuairisciú riosca a dtoilteanas agus a n-ullmhacht maidir le hordú braite a bheith eisithe orthu ar deireadh thiar faoin Rialachán seo, i gcás ina measann an t-údarás inniúil náisiúnta gur gá sin.
- (18) Chun a áirithiú go mbaintear amach cuspóirí an Rialacháin seo, ba cheart go mbeadh an tsolúbthacht sin faoi réir an ghá dlí an Aontais a chomhlíonadh agus, go háirithe, ceanglais an Rialacháin seo maidir le bearta maolaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, le linn dóibh na bearta maolaithe a dhearadh agus a chur chun

feidhme, tábhacht a thabhairt ní hamháin dá n- éifeachtacht a áirithiú, ach d'iarmhairtí diúltacha míchuí do pháirtithe eile dá ndéantar difear a sheachaint, go háirithe maidir le cearta bunúsacha úsáideoirí a fheidhmiú. Chun comhréireacht a áirithiú, le linn cinneadh a dhéanamh faoi na bearta maolaithe is ceart a dhéanamh go réasúnach i gcás faoi leith, ba cheart cumais airgeadais agus teicneolaíocha chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh. Le linn dóibh bearta maolaithe iomchuí a roghnú, ba cheart do sholáthraithe breithniú cuí a dhéanamh ar na bearta féideartha a liostaítear sa Rialachán seo ar a laghad, chomh maith le, i gcás inarb iomchuí, bearta eile amhail na bearta a bhunaítear ar dhea- chleachtais tionscail, lena n- áirítear na bearta a bhunaítear trí chomhar féinrialála, agus na bearta atá i dtreoirlínte ón gCoimisiún. I gcás nár braitheadh aon riosca i ndiaidh mheasúnú riosca a rinneadh go dícheallach nó mheasúnú riosca a tugadh cothrom le dáta, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe aon bhearta maolaithe a dhéanamh.

- (19) I bhfianaise a róil mar idirghabhálaithe a éascaíonn rochtain ar fheidhmchláir bhogearraí a bhféadfaí mí- úsáid a bhaint astu le haghaidh mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne, ba cheart soláthraithe stórais feidhmchlár bogearraí a chur faoi réir oibleagáidí chun bearta réasúnacha áirithe a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an riosca sin agus chun é a mhaolú. Ba cheart do na soláthraithe an measúnú sin a dhéanamh ar bhealach dícheallach, agus ba cheart dóibh iarrachtaí a dhéanamh atá réasúnach sna himthosca ar leith, ag féachaint, inter alia, do chineál agus do mhéid an riosca sin, chomh maith lena gcumais airgeadais agus theicneolaíocha, agus ba cheart dóibh dul i gcomhar le soláthraithe na seirbhísí arna gcur ar fáil trí bhíthin an fheidhmchláir bhogearraí i gcás inar féidir.
- (20) D'fhonn mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart an chumhacht a thabhairt do na hÚdaráis Chomhordúcháin a ainmníonn na Ballstáit faoin Rialachán seo a iarraidh go n- eiseofaí orduithe braite, i gcás ina meastar nach leor iad bearta maolaithe chun srian a chur leis an riosca go mbainfí mí- úsáid as seirbhísí áirithe chun críche mí- úsáide gnéasaí leanaí. Chun aon chur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart go mbeadh an chumhacht sin faoi réir ag tacar cothromaithe teorainneacha agus coimircí. Mar shampla, ag cur san áireamh go scaiptear ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí trí sheirbhísí óstála agus trí sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, de ghnáth, agus go ndéantar sirtheoireacht leanaí i seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, den chuid is mó, níor cheart go mbeadh sé indéanta orduithe braite a sheoladh ach amháin chuig soláthraithe na seirbhísí sin.
- (21) Thairis sin, mar chuid de na teorainneacha agus coimircí sin, níor cheart orduithe braite a eisiúint ach amháin i ndiaidh mheasúnú dícheallach agus oibiachtúil a raibh mar thoradh air gur thángthas ar riosca suntasach go mbainfí mí- úsáid as an tseirbhís shonrach lena mbaineann chun críche chineál áirithe mí- úsáide gnéasaí leanaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ceann de na gnéithe le cur san áireamh i ndáil leis sin is ea an dóchúlacht go n- úsáidfear an tseirbhís, a mhéid atá suntasach, chun críche mí- úsáide den sórt sin, is é sin, níos mó ná i gcásanna aonuaire nó neamhchoitianta. Ba cheart critéir éagsúla a úsáid chun saintréithe difriúla na gcineálacha éagsúla mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne a dhéantar a chur san áireamh, agus chun saintréithe difriúla na seirbhísí a úsáidtear chun mí- úsáid den sórt sin a dhéanamh a chur san áireamh, chomh maith le céimeanna difriúla cunórachta na mbeart atá le déanamh chun an t- ordú braite a fhorghníomhú.
- (22) Mar sin féin, teacht ar riosca suntasach den sórt sin, ba cheart nár leor sin chun údar a thabhairt le hordú braite a eisiúint, ó tharla go bhféadfadh sé tarlú, i gcás den sórt sin,

go mbeadh iarmhairtí diúltacha díréireacha ann do chearta agus leasanna dlisteanacha páirtithe eile a ndéanadh an t- ordú difear dóibh, go háirithe maidir le feidhmiú ceart bunúsach úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú nach féidir orduithe braite a eisiúint ach amháin i ndiaidh do na hÚdaráis Chomhordúcháin agus don údarás breithiúnach inniúil nó don údarás riaracháin neamhspleách measúnú oibiachtúil agus dícheallach, maille le sainaithint agus ualú, a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ní hamháin maidir le dóchúlacht agus tromchúis na n- iarmhairtí féideartha a leanadh as mí- úsáid na seirbhíse don chineál mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne atá i gceist, ach chomh maith leis sin maidir le dóchúlacht agus tromchúis aon iarmhairtí diúltacha féideartha do pháirtithe eile a ndéanadh orduithe braite difear dóibh. D'fhonn forchur ualaí iomarcacha a sheachaint, ba cheart don mheasúnú cumais airgeadais agus teicneolaíocha chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh.

- (23) Ina theannta sin, chun cur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, i gcás go suitear gur comhlíonadh na riachtanais sin agus go bhfuil ordú braite le heisiúint, ba cheart a áirithiú i gcónaí go bhfuil an t- ordú braite saindírithe agus sonraithe lena áirithiú nach rachaidh aon iarmhairt dhiúltach den sórt sin do pháirtithe a ndéanann an t- ordú difear dóibh thar an méid a bhfuil fíorghá leis chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca suntasach a sainaithníodh. Ba cheart go mbainfeadh sé sin le, go háirithe, srian le cuid inaitheanta nó le comhpháirt den tseirbhís i gcás inar féidir, gan dochar d'éifeachtacht an bhirt, amhail cineálacha sonracha cainéal de sheirbhís cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, nó le húsáideoirí sonracha nó grúpaí sonracha úsáideoirí, a mhéid a d'fhéadfaí caitheamh leo ina n- aonar chun críche braite, chomh maith le sonrú na gcoimircí atá sa bhreis ar na coimircí a sonraíodh go sainráite sa Rialachán seo cheana féin, amhail iniúchóireacht neamhspleách, faisnéis bhreise nó rochtain ar shonraí a sholáthar, formhaoirseacht agus athbhreithniú daonna atreisithe, agus srian bhreise le fad chur i bhfeidhm an ordaithe braite a mheasann an tÚdarás Comhordúcháin a bhfuil gá leis. Chun torthaí míréasúnacha nó díréireacha a sheachaint, ba cheart riachtanais den sórt sin a leagan amach i ndiaidh mheasúnú oibiachtúil agus dícheallach a dhéanamh ar bhonn cás ar chás.
- (24) An t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách, de réir mar is infheidhme i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe níos imeachta arna leagan amach ag an mBallstát ábhartha, ba cheart dó a bheith in ann cinneadh feasach a dhéanamh maidir le hiarrataí ar orduithe braite a eisiúint. Tá sé sin tábhachtach go háirithe chun an chothromaíocht chóir is gá idir na cearta bunúsacha i gceist agus cur chuige comhsheasmhach a áirithiú, go háirithe maidir le horduithe braite a bhaineann le sirtheoireacht leanaí. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh do nós imeachta a cheadódh do na soláthraithe lena mbaineann, do Lárionad an Aontais um Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí arna bhunú leis an Rialachán seo ('Lárionad an Aontais') agus, i gcás ina ndéantar foráil dó sa Rialachán seo, don údarás inniúil cosanta sonraí a ainmnítear faoi Rialachán (AE) 2016/679 chun a dtuairimí ar na bearta i gceist a thabhairt. Ba cheart dóibh é sin a dhéanamh a luaithe is féidir, ag féachaint don chuspóir tábhachtach um beartas poiblí atá i gceist agus don ghá le gníomhú gan moill mhíchúí chun leanaí a chosaint. Go háirithe, ba cheart d'údaráis cosanta sonraí a ndícheall a dhéanamh gan síneadh a chur leis an tréimhse ama a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 chun a tuairimí a thabhairt mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinneadh roimhe. Thairis sin, ba cheart go mbeidís in ann a dtuairimí a thabhairt laistigh den tréimhse ama sin, de ghnáth, i gcásanna ina bhfuil treoirlínte eisithe cheana féin ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis na

teicneolaíochtaí a shamhlaíonn soláthraí go n- úsáidfídh sé agus go bhfeidhmeoidh sé chun ordú braite a dhírítear air faoin Rialachán seo a fhorghníomhú.

- (25) Maidir le seirbhísí nua, is é sin, seirbhísí nár tairgeadh roimhe seo san Aontas, ní bhíonn aon fhianaise ar fáil de ghnáth faoin bhféidearthacht gur baineadh mí- úsáid as an tseirbhís le 12 mhí anuas. Agus é sin á chur san áireamh, agus chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart go mbeadh an tÚdarás Comhordúcháin in ann tarraingt ar fhianaise ó sheirbhísí inchomparáide nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a iarrfar nó nach n- iarrfar go n- eiseofaí ordú braite i leith seirbhís nua den sórt sin. Ba cheart seirbhís a mheas mar sheirbhís inchomparáide i gcás ina soláthraíonn sí coibhéis fheidhmiúil na seirbhíse i gceist, ag féachaint do na fíorais agus imthosca ábhartha ar fad, go háirithe a príomh- shaintréithe agus feidhmiúlachtaí, an bealach a chuirtear ar fáil agus a úsáidtear í, an bonn úsáideoirí, na téarmaí agus coinníollacha agus na bearta maolaithe riosca is infheidhme, chomh maith leis an bpróifíl riosca fhoriomlán atá fanta.
- (26) Na bearta a dhéanann soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun orduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú, ba cheart go mbeidís teoranta go docht don mhéid a shonraítear sa Rialachán seo agus sna horduithe braite a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Chun éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, a fhágáil gur féidir réitigh shaincheaptha a bheith ann, fanacht neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus dul timpeall ar na hoibleagáidí braite a sheachaint, ba cheart na bearta sin a dhéanamh gan beann ar na teicneolaíochtaí a úsáideann na soláthraithe lena mbaineann i ndáil le soláthar a gcuid seirbhísí. Dá bhrí sin, is rud é an Rialachán seo lena bhfágtar faoin soláthraí lena mbaineann na teicneolaíochtaí atá le feidhmiú chun orduithe braite a chomhlíonadh go héifeachtach a roghnú, agus níor cheart é a thuiscint gur dreasú nó dídhreasú maidir le haon teicneolaíocht faoi leith a úsáid atá ann, ar choinníoll go gcomhlíonann na teicneolaíochtaí agus na bearta a ghabhann leo ceanglais an Rialacháin seo. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as teicneolaíocht criptiúcháin ó cheann go ceann, ar uirlis thábhachtach í chun slándáil agus rúndacht chumarsáid na n- úsáideoirí a ráthú, lena n- áirítear cumarsáid leanaí. Le linn dóibh an t- ordú braite a fhorghníomhú, ba cheart do sholáthraithe gach beart coimirce atá ar fáil a dhéanamh lena áirithiú nach bhféadfaidh siad féin ná a gcuid fostaithe, ná tríú páirtithe, na teicneolaíochtaí a úsáideann siad a úsáid chun críoch seachas chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus dá bharr sin gan an bonn a bhaint ó shlándáil agus ó rúndacht teachtaireachtaí úsáideoirí.
- (27) Chun comhlíontacht na soláthraithe leis na hoibleagáidí braite a éascú, ba cheart do Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí braite a chur ar fáil do sholáthraithe a fhéadfaidh siad a roghnú le húsáid ar bhonn saor in aisce, chun críche na horduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú agus chun na críche sin amháin. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí faoi na teicneolaíochtaí sin agus faoi na bealaí is fearr chun iad a úsáid chun comhlíontacht le rialacha is infheidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a áirithiú. Ba cheart go dtabharfadh Lárionad an Aontais comhairle ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí san áireamh le linn dó liostaí de na teicneolaíochtaí atá ar fáil a chur le chéile agus ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún an chomhairle ón mBord san áireamh le linn dó treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na n- oibleagáidí braite a ullmhú. Féadfaidh na soláthraithe na teicneolaíochtaí a chuireann Lárionad an Aontais nó daoine eile ar fáil a fheidhmiú, nó teicneolaíochtaí a d'fhorbair siad féin, fad agus a chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo.

- (28) D'fhonn measúnú a dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht na dteicneolaíochtaí braite agus chun a áirithiú go bhfuil siad iontaofa go leordhóthanach, chomh maith le chun bréagdhéimhneacha a shainaithint agus tuairisciú mícheart chuig Lárionad an Aontais a sheachaint a mhéid is féidir, ba cheart go n-áiritheodh sholáthraithe formhaoirseacht daonna agus, i gcás inar gá, idirghabháil dhaonna, a bheadh oiriúnaithe do na cineálacha teicneolaíochtaí braite agus don chineál mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne faoi chaibidil. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i bhformhaoirseacht den sórt sin measúnú tráthrialta ar rátaí na mbréagdhiúltach agus na mbréagdhéimhneach a ghineann na teicneolaíochtaí, bunaithe ar anailís ar shamplaí de shonraí ionadaíocha anaithnidithe. Go háirithe maidir le sirtheoireacht leanaí i gcumarsáid idirphearsanta atá ar fáil go poiblí a bhrath, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí formhaoirseacht dhaonna thráthrialta, shonrach agus mhionsonraithe a áirithiú, agus fíorú daonna comhráite i gcás go sainaithníonn na teicneolaíochtaí go bhféadfadh sirtheoireacht leanaí a bheith i gceist.
- (29) Tá soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí i gcáil uathúil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a bhaineann lena seirbhísí a bhrath. An fhaisnéis a d'fhéadfaidís a fháil le linn dóibh a seirbhísí a chur ar fáil, is minic a bhíonn sí riachtanach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus chun iad a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, ba cheart a éileamh orthu mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar a seirbhísí a thuairisciú, am ar bith a éiríonn siad feasach fúithi, is é sin, i gcás go bhfuil forais réasúnacha ann chun a creidiúint go bhféadfadh gníomhaíocht áirithe a bheith ina mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha den sórt sin ann, níor cheart amhras faoi aois an íospartaigh fhéideartha cosc a chur ar na soláthraithe sin tuairiscí a chur isteach. Dé ghrá na héifeachtachta, an bealach a tháinig siad ar an bhfeasacht sin, ba cheart é a bheith neamhábhartha. D'fhéadfaí teacht ar an bhfeasacht sin, mar shampla, trí bhíthin orduithe braite a fhorghníomhú, trí bhíthin faisnéis arna cur in iúl ag úsáideoirí nó eagraíochtaí a fheidhmíonn chun leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, nó trí bhíthin gníomhaíochtaí a dhéanann na soláthraithe as a stuaim féin. Ba cheart do na soláthraithe sin an t-íosmhéid faisnéise a thuairisciú, mar a shonraítear sa Rialachán seo, le go mbeidh údaráis um fhorfheidhmiú an dlí in ann measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh siad imscrúdú a thionscnamh, i gcás inarb ábhartha, agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na tuairiscí chomh hiomlán agus is féidir sula gcuireann siad isteach iad.
- (30) Lena áirithiú go mbaintear anuas ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne chomh tapa agus is féidir i ndiaidh a braite, ba cheart go mbeadh an chumhacht ag Údaráis Chomhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údaráis bhreithiúnacha inniúla nó ar údaráis riaracháin neamhspleácha ordú baint anuas a eisiúint agus é dírithe ar sholáthraithe seirbhísí óstála. Ó tharla go bhféadfadh baint anuas nó díchumasú rochtana difear a dhéanamh do cheart na n-úsáideoirí a sholáthair an t-ábhar lena mbaineann, ba cheart do sholáthraithe úsáideoirí den sórt sin a chur ar an eolas faoi chúiseanna na bainte anuas, lena chur ar a gcumas a gceart chun sásaimh a fheidhmiú, faoi réir na n-eisceachtaí is gá le nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
- (31) Níor cheart rialacha an Rialacháin seo a thuiscint mar rialacha a dhéanann difear do na ceanglais maidir le horduithe baint anuas a leagtar amach i Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE].

- (32) Níl feidhm ag oibleagáidí an Rialacháin seo maidir le soláthraithe seirbhísí óstála nach gcuireann a seirbhísí ar fáil san Aontas. Mar sin féin, féadfar seirbhísí den sórt sin a úsáid chun ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh ar úsáideoirí san Aontas nó ag úsáideoirí san Aontas, rud atá ina chúis díobhála do leanaí agus don tsochaí i gcoitinne, fiú sa chás nach bhfuil gníomhaíochtaí na soláthraithe dírithe ar Bhallstáit agus go bhfuil teorainn ar líon iomlán úsáideoirí na seirbhísí sin san Aontas. Ar chúiseanna dlíthiúla agus praiticiúla, seans nach mbeadh sé indéanta go réasúnach iallach a chur ar na soláthraithe sin an t- ábhar a bhaint anuas ná rochtain air a dhíchumasú, fiú amháin trí chomhar le húdaráis inniúla an tríú tír ina bhfuil siad bunaithe. Dá bhrí sin, i gcomhréir le cleachtais atá ann faoi láthair i roinnt Ballstát, ba cheart go mbeadh sé indéanta éileamh ar sholáthraithe seirbhísí rochtana ar an idirlíon bearta réasúnacha a dhéanamh chun bac a chur ar úsáideoirí san Aontas rochtain a dhéanamh ar an ábhar.
- (33) De ghrá na comhsheasmhachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta agus chun an riosca go rachfaí timpeall orthu a íoslaghdú, ba cheart ordú blocála den sórt sin a bhunú ar an liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne, as a leanfadh míreanna sonracha mí- úsáide gnéasaí leanaí fíoraithe, arna gcur i dtoll a chéile agus arna gcur ar fáil go lárnach ag Lárionad an Aontais ar bhonn aighneachtaí arna bhfíorú go dícheallach ag údaráis ábhartha na mBallstát. Chun bearta gan údar nó díreireacha a sheachaint, go háirithe bearta a ndéanadh difear míchuí do na cearta bunúsacha i gceist, go háirithe, sa bhreis ar chearta na leanaí, saoirse na n- úsáideoirí chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus saoirse na soláthraithe chun fiontraíochta, ba cheart foráil a dhéanamh do theorainneacha agus coimircí iomchuí. Go háirithe, ba cheart a áirithiú nach míréasúnach iad na hualaí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí rochtana idirlín lena mbaineann, go ndéantar measúnú dícheallach ar an ngá le horduithe blocála agus lena gcomhréireacht i ndiaidh a n- eisiúna freisin, agus go bhfuil modh éifeachtach sásaimh breithiúnaigh agus neamh- bhreithiúnaigh ag na soláthraithe agus ag na húsáideoirí a ndéantar difear dóibh.
- (34) Ag cur san áireamh gur cionta coiriúla faoi Threoir 2011/93/AE iad ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a fháil, a bheith i seilbh duine, rochtain a dhéanamh air go feasach agus é a tharchur, is gá soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a dhiolmhú ó dhliteanas coiriúil i gcás go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí den sórt sin, a mhéid atá a ngníomhaíochtaí teoranta go docht don mhéid is gá chun críche a n- oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus go ngníomhaíonn siad de mheon macánta.
- (35) Is cion coiriúil é ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, cion a dhéanann difear do chearta na n- íospartach a thaispeántar. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an ceart ag íospartaigh faisnéis ábhartha a fháil ach í a iarraidh ar Lárionad an Aontais, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin, i gcás go ndéanann soláthraithe seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí tuairisc faoi ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí ina dtaispeántar na híospartaigh sin.
- (36) I bhfianaise an tionchair ar chearta na n- íospartach a thaispeántar in ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí den sórt sin, agus i bhfianaise an cumas a bhíonn ag soláthraithe seirbhísí óstála de ghnáth chun teorainn a chur ar an tionchar sin trí chuidiú lena áirithiú nach bhfuil an t- ábhar ar fáil ar a seirbhísí a thuilleadh, ba cheart do na soláthraithe sin cúnamh a thabhairt d'íospartaigh a iarrann orthu an t- ábhar i gceist a bhaint anuas nó a dhíchumasú. Ba cheart go mbeadh an cúnamh sin teoranta don mhéid is féidir a iarraidh go réasúnach ón soláthraí lena mbaineann faoi na himthosca reatha, ag féachaint do chúinsí amhail ábhar agus raon feidhme na hiarrata, na céimeanna is gá chun na nithe d'ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí lena

mbaineann a aimsiú agus na modhanna atá ar fáil don soláthraí. D'fhéadfadh cuidiú leis na nithe a aimsiú, seiceálacha a dhéanamh nó na nithe a bhaint anuas nó rochtain orthu a dhíchumasú a bheith sa chúnamh sin, mar shampla. Ó tharla go bhféadfaidh sé a bheith pianmhar nó ina chúis tráma fiú, chomh maith le bheith casta, na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun baint anuas nó dhíchumasú rochtana den sórt sin a chur i gcrích, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag íospartaigh cúnaimh a fháil ó Lárionad an Aontais i ndáil leis sin freisin, trí mheán na nÚdarás Comhordúcháin.

- (37) Lena áirithiú go ndéanfar bainistíocht éifeachtach ar fheidhmeanna tacaíochta íospartach den sórt sin, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Comhordúcháin is inrochtana dóibh, agus brath air, agus ba cheart don Údarás Comhordúcháin sin gach teachtaireacht idir íospartaigh agus Lárionad an Aontais a sheoladh.
- (38) Chun éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú cheart an íospartaigh chun faisnéise agus chun cúnaimh agus tacaíochta maidir le baint anuas nó dhíchumasú rochtana, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh an ní nó na nithe ábhartha d'ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil faisnéis ina leith nó baint anuas nó dhíchumasú rochtana á lorg acu a chur in iúl, trí mheán an íomhá, na híomhánna, an físeán nó na físeáin a sholáthar iad féin nó trí mheán na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a thugann nascleanúint chuig an ní sonrach nó na nithe sonracha d'ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí, nó trí mheán aon ionadaíocht eile lena bhféadtar an ní nó na nithe i gceist a shainaithint gan amhras.
- (39) Le nach ndéanfar cur isteach díréireach ar chearta úsáideoirí chun an saol príobháideach, saol an teaghligh agus sonraí pearsanta a chosaint, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise na sonraí a bhaineann le cásanna de mhí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a chaomhnú, ach amháin más gá chun críche ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a shonraítear sa Rialachán seo, agus níor cheart iad a chaomhnú go ceann tréimhse níos faide ná mar is gá, faoi réir ag fad uasta iomchuí. De bharr nach mbaineann na ceanglais chaomhnaithe ach leis an Rialachán seo amháin, níor cheart iad a thuiscint mar cheanglais a dhéanann difear don fhéidearthacht sonraí inneachair agus sonraí tráchta ábhartha a stóráil i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE nó chun cur i bhfeidhm aon oibleagáide dlíthiúla chun sonraí a chaomhnú a bhaineann le soláthraithe faoi ghníomhartha eile dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (40) Chun cumarsáid réidh agus éifeachtúil trí mhodh leictreonach a éascú, lena n- áirítear, i gcás inarb ábhartha, trína admháil go bhfuarthas cumarsáid den sórt sin, cumarsáid a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go n- éileofaí ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe teagmhála aonair a ainmniú agus faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir leis an bpointe teagmhála sin, lena n- áirítear na teangacha atá le húsáid i gcumarsáid den sórt sin. I gcodarsnacht le hionadaí dlí an tsoláthraí, ba cheart an pointe teagmhála a fhreastal ar chuspóirí oibríochtúla agus ní gá go mbeadh láthair fhisiciúil aige. Ba cheart coinníollacha oiriúnacha a leagan amach i ndáil leis na teangacha cumarsáide le sonrú, lena áirithiú nach mbeidh cumarsáid réidh casta go míréasúnta. I gcás soláthraithe atá faoi réir na hoibleagáide maidir le feidhm chomhlíonta a bhunú agus oifigigh chomhlíontachta a ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... [*maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE*], féadtar duine de na hoifigigh chomhlíontachta sin a ainmniú mar an pointe teagmhála faoin Rialachán seo, chun cur chun feidhme comhleanúnach na n- oibleagáidí a eascraíonn as an dá chreat a éascú.

- (41) Le go bhféadtar formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh agus, i gcás inar gá, an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise nach bhfuil bunaithe i dtríú tír agus a chuireann seirbhísí ar fáil san Aontas ionadaí dlíthiúil san Aontas a bheith acu agus an pobal agus na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas faoin mbealach le teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí dlíthiúil. Le go bhféadtar réitigh sholúbtha a chur ar fáil nuair is gá sin agus d'ainneoin a gcuspóirí difriúla faoin Rialachán seo, ba cheart go mbeadh sé indéanta, i gcás gur shoiléirigh an soláthraí i gceist gurb amhlaidh, dá ionadaí dlí a bheith in ann feidhmiú freisin mar phointe teagmhála, ar choinníoll go gcloítear le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo.
- (42) I gcás inarb ábhartha agus caoithiúil, faoi réir ag rogha an tsoláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus ag an ngá leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme a chomhlíonadh i ndáil leis sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta do na soláthraithe sin pointe teagmhála amháin agus ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú chun críocha Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE] agus chun críocha an Rialacháin seo.
- (43) Ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach agus le forfheidhmiú an Rialacháin seo, i gcás inar gá, ba cheart do gach Ballstát ar a laghad údarás amháin atá ann faoi láthair nó údarás nuabhunaithe amháin a ainmniú ar údarás é atá inniúil chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú den sórt sin i leith soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit ainmnithe a áirithiú.
- (44) Chun soiléireacht a sholáthar agus chun comhordú agus comhar éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a chumasú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, i gcás go n- ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, ba cheart dó údarás inniúil amháin a ainmniú mar an tÚdarás Comhordúcháin, agus ba cheart an t- údarás ainmnithe a mheas go huathoibríoch mar an tÚdarás Comhordúcháin i gcás nach n- ainmníonn Ballstát ach aon údarás amháin. Ar na cúiseanna sin, ba cheart go bhfeidhmeodh an tÚdarás Comhordúcháin mar phointe teagmhála aonair maidir le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, gan dochar do chumhachtaí forfheidhmithe údarás náisiúnta eile.
- (45) Ag cur san áireamh shaineolas sonracha Lárionad an Aontais agus a shuíomh lárnach maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart go mbeadh Údaráis Chomhordúcháin in ann cúnamh a iarraidh ar Lárionad an Aontais chun cúraimí áirithe dá gcuid a chur i gcrích. Ba cheart cúnamh den sórt sin a bheith gan dochar do chúraimí agus cumhachtaí faoi seach de chuid na nÚdarás Comhordúcháin a iarrann cúnamh agus de chuid Lárionad an Aontais agus gan dochar do na ceanglais is infheidhme d'fheidhmiú a gcúraimí faoi seach agus d'fheidhmiú a gcumhachtaí faoi seach dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
- (46) I bhfianaise thábhacht a gcúraimí agus an tionchair a d'fhéadfadh bheith ag úsáid a gcumhachtaí chun feidhmiú chearta bunúsacha na bpáirtithe dá ndéantar difear, is fíor- riachtanach go mbeidh Údaráis Chomhordúcháin go hiomlán neamhspleách. Chuige sin, ba cheart na rialacha agus dearbhuithe is infheidhme maidir le hÚdaráis Chomhordúcháin a bheith comhchosúil leis na cinn is infheidhme maidir le cúirteanna agus binsí, chun ráthaíocht a thabhairt gur údaráis riaracháin neamhspleácha iad agus go bhféadfaidh siad gníomhú amhlaidh ar gach slí.
- (47) Tá ról ríthábhachtach ag an Údarás Comhordúcháin, chomh maith le húdaráis inniúla eile, chun éifeachtacht na gceart agus na n- oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo

agus baint amach a chuspóirí a áirithiú. Dá réir sin, is gá a áirithiú go mbeidh ní hamháin na cumhachtaí riachtanacha imscrúdúcháin agus forfheidhmithe ag na húdaráis sin, ach na hacmhainní riachtanacha airgeadais, daonna, teicneolaíocha agus eile chun a gcúraimí a chur i gcrích go leormhaith faoin Rialachán seo. Go háirithe, i bhfianaise na héagsúlachta soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus an úsáid a bhaineann siad as ardteicneolaíocht agus a seirbhísí á dtairiscint acu, is fíor- riachtanach go mbeidh an líon ball foirne is gá ag an Údarás Comhordúcháin, lena n- áirítear saineolaithe a bhfuil sainscileanna acu. Ba cheart acmhainní Údaráis Chomhordúcháin a chinneadh agus aird á tabhairt ar mhéid, castacht agus tionchar féideartha ar an tsochaí ag soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit ainmnithe, chomh maith le haimsiú a seirbhísí ar fud an Aontais.

- (48) I bhfianaise an ghá le héifeachtacht na n- oibleagáidí arna bhforchur a áirithiú, ba cheart cumhachtaí forfheidhmithe a dheonú ar Údaráis Chomhordúcháin chun aghaidh a thabhairt ar shárúithe ar an Rialachán seo. Ba cheart go n- áireofaí leis na cumhachtaí sin, an chumhacht chun rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú a shrianadh go sealadach nó, sa chás nach indéanta sin go teicniúil agus sa chás sin amháin, rochtain ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a ndéantar an sárú a shrianadh go sealadach. I bhfianaise an leibhéil ard cur isteach ar chearta na soláthraithe seirbhíse a bhaineann le cumhacht den sórt sin, níor cheart an chumhacht sin a fheidhmiú ach amháin i gcás go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Ba cheart go n- áireofaí leis na coinníollacha sin an coinníoll go dtarlaíonn éascú tráthrialta agus struchtúrach ar chionta mí- úsáide gnéasaí leanaí mar thoradh ar an sárú, agus ba cheart é sin a thuiscint mar thagairt do chás inar léir ón bhfianaise go léir atá ar fáil gur tharla éascú den sórt sin ar scála mór agus thar thréimhse fhada ama.
- (49) Chun a fhíorú go gcomhlíontar rialacha an Rialacháin seo go héifeachtach agus go praiticiúil, go háirithe na rialacha faoi bhearta maolaithe agus faoi fheidhmiú ordúithe braite, ordúithe baint anuas nó ordúithe blocála arna n- eisiúint ag na húdaráis Chomhordúcháin, ba cheart go mbeadh gach Údarás Comhordúcháin in ann cuardaigh a dhéanamh, agus na táscairí ábhartha arna soláthar ag Lárionad an Aontais á n- úsáid, chun scaipeadh ábhar aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí trí ábhar atá ar fáil go poiblí i seirbhísí óstála na soláthraithe lena mbaineann a bhrath.
- (50) D'fhonn a áirithiú go mbeidh soláthraithe seirbhísí óstála feasach faoin mí- úsáid a bhaintear as a seirbhísí agus chun deis a thabhairt dóibh gníomhaíocht ghasta a dhéanamh chun ábhar a bhaint anuas nó rochtain a dhíchumasú ar bhonn deonach, ba cheart go mbeadh Údaráis Chomhordúcháin bhunaíochta in ann fógra a thabhairt do na soláthraithe sin go bhfuil ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí ar a seirbhísí agus iarraidh orthu an t- ábhar sin a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú, chun gur féidir leis na soláthraithe a machnamh a dhéanamh air dá ndeoin féin. Ba cheart gníomhaíochtaí fógartha den sórt sin a idirdhealú go soiléir ó chumhachtaí na nÚdarás Comhordúcháin faoin Rialachán seo a iarraidh go n- eiseofaí ordúithe baint anuas, rud a fhorchuireann ar an soláthraí lena mbaineann oibleagáid dhlíthiúil cheangailteach chun an t- ábhar a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú laistigh de thréimhse shocraithe ama.
- (51) Chun soiléireacht a thabhairt agus chun forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart go mbeadh soláthraí faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht suite, is é sin, san áit ina bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláráithe ag an soláthraí ina bhfeidhmítear na príomhfeidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil laistigh de. I dtaca le soláthraithe nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a chuireann seirbhísí ar fáil san Aontas, ba cheart dlínse a bheith ag an mBallstát

inar cheap na soláthraithe sin a n- ionadaí dlí, ag tabhairt feidhm ionadaithe dlíthiúla faoin Rialachán seo san áireamh.

- (52) Chun forfheidhmiú éifeachtach agus coimirciú chearta úsáideoirí faoin Rialachán seo a áirithiú, is iomchuí éascaíocht a dhéanamh ar thaisceadh gearán faoi neamhchomhlíonadh líomhnaithe le hoibleagáidí soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoin Rialachán seo. Ba cheart é sin a dhéanamh trí bhíthin cead a thabhairt d'úsáideoirí gearáin den sórt sin a thaisceadh leis an Údarás Comhordúcháin i gcríoch an Bhallstáit ina bhfuil na húsáideoirí bunaithe nó ina gcónaí, gan beann ar an mBallstát a bhfuil dlínse aige i leith an tsoláthraí lena mbaineann. Chun críche gearáin a thaisceadh, féadfaidh úsáideoirí cinneadh a dhéanamh go mbraithfidh siad ar eagraíochtaí a ghníomhaíonn chun leas an phobail in aghaidh mí- úsáid ghnéasach leanaí. Mar sin féin, le nach gcuirfí an aidhm de chóras formhaoirseachta soiléir agus éifeachtach a bhunú i mbaol, agus chun an riosca go ndéanfaí cinntí neamh- chomhsheasmhacha a sheachaint, ba cheart go mbeadh sé faoi Údarás Comhordúcháin na bunáochta agus faoi sin amháin aon cheann dá chumhachtaí imscrúdaithe nó forfheidhmithe a fheidhmiú ina dhiaidh sin maidir le hiompar a ndéantar gearán faoi, de réir mar is iomchuí, gan dochar d'inniúlacht údarás maoirseachta eile laistigh dá sainchúram.
- (53) Ba cheart go n- áiríteodh na Ballstáit, maidir le sárúithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo gurb ann do phionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ag tabhairt san áireamh cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsárúithe, i bhfianaise an leasa phoiblí arna shaothrú, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, chomh maith le hacmhainn eacnamaíoch sholáthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise lena mbaineann.
- (54) Níor cheart rialacha an Rialacháin seo maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a thuiscint mar rialacha a dhéanann difear do chumhachtaí agus inniúlachtaí na n- údarás cosanta sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679.
- (55) Chun go bhfeidhmeoidh an córas a bhunaítear leis an Rialachán seo i gceart maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a bhlocáil go héigeantach, tá sé riachtanach go bhfaigheann Lárionad an Aontais, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin, ábhar a shainaithnítear a bheith ina ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí nó tras- scríbhinní na gcomhráite a shainaithnítear mar shirtheoireacht leanaí, amhail ábhar nó comhráite a bheadh aimsithe le linn imscrúduithe coiriúla, mar shampla, chun go bhféadfaidh an t- ábhar sin nó na comhráite sin feidhmiú mar bhonn cruinn agus iontaofa do Lárionad an Aontais chun táscairí mí- úsáide den sórt sin a ghiniúint. Chun an toradh sin a bhaint amach, ba cheart an tsainaithint a dhéanamh i ndiaidh measúnú dícheallach, a dhéantar i gcomhthéacs nós imeachta a ráthaíonn toradh cóir agus oibiachtúil, ag na hÚdaráis Chomhordúcháin iad féin nó ag cúirt nó údarás riaracháin neamhspleách eile seachas an tÚdarás Comhordúcháin. Cé gur tábhachtach é ábhar den sórt sin a mheas, a shainaithint agus a chur isteach go gasta i gcomhthéacsanna eile freisin, is ríthábhachtach é i ndáil le hábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí nua agus sirtheoireacht leanaí a thuairiscítear faoin Rialachán seo, ós rud é go bhféadfaí mí- úsáid leanúnach nó mí- úsáid atá ar tí tarlú a shainaithint agus íospartaigh a thabhairt slán mar thoradh ar an ábhar sin. Dá bhrí sin, ba cheart teorainneacha sonracha ama a leagan amach i ndáil le tuairisciú den sórt sin.
- (56) D'fhonn a áirithiú go bhfuil na táscairí a ghineann Lárionad an Aontais chun críche braite chomh hiomlán agus is féidir, ba cheart do na hÚdaráis Chomhordúcháin ábhar agus tras- scríbhinní ábhartha a chur isteach go réamhghníomhach. Mar sin féin, ba

cheart cead a bheith ag Lárionad an Aontais ábhar nó comhráite áirithe a chur faoi bhráid na nÚdarás Comhordúcháin chun na gcíoch sin.

- (57) Cuireann soláthraithe áirithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a seirbhísí ar fáil i roinnt Ballstát nó sna Ballstáit ar fad, ach faoin Rialachán seo, níl dlínse ach ag aon Bhallstát amháin maidir le soláthraí faoi leith. Is fíor-riachtanach, mar sin, go ndéanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát a bhfuil dlínse aige leasanna na n-úsáideoirí go léir san Aontas a chur san áireamh le linn dó a chúraimí a fheidhmiú agus a chumhachtaí a úsáid, gan aon idirdhealú a dhéanamh ag brath ar ghnéithe amhail suíomh nó náisiúntacht na n-úsáideoirí, agus is fíor-riachtanach go n-oibreoidh Údaráis Chomhordúcháin i gcomhar le chéile ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Chun comhar den sórt sin a éascú, ba cheart foráil a dhéanamh do na sásraí agus córais chomhroinnte faisnéise a bhfuil gá leo. Beidh an comhar sin gan dochar don fhéidearthacht do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le malairtí tuairimí le húdaráis eile go tráthrialta i gcás inarb ábhartha le haghaidh feidhmiú chúraimí na n-údarás eile sin agus ag an Údaráis Comhordúcháin.
- (58) Go háirithe, chun éascaíocht a dhéanamh ar an gcomhar is gá le go bhfeidhmeoidh na sásraí a bhunaítear leis an Rialachán seo i gceart, ba cheart do Lárionad an Aontais na córais chomhroinnte faisnéise is gá a bhunú agus a choimeád ar bun. Le linn dó córais den sórt sin a bhunú agus a choimeád ar bun, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí ('Europol') agus le húdaráis náisiúnta chun cur leis na córais agus dea-chleachtais atá ann cheana féin, i gcás inarb ábhartha.
- (59) Chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus chun rannchuidiú le baint amach a chuspóirí, ba cheart do Lárionad an Aontais feidhmiú mar éascaitheoir lárnach agus réimse cúraimí sonracha a dhéanamh. Chun na cúraimí sin a fheidhmiú, éilítear ráthaíochtaí láidre neamhspleáchais, go háirithe ó údaráis um fhorfheidhmiú an dlí, chomh maith le struchtúr rialachais a áiríthíonn feidhmiú éifeachtach, éifeachtúil agus comhleanúnach a chúraimí éagsúla, agus pearsantacht dhlítheanach chun bheith in ann idirghníomhú go héifeachtach leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir. Dá bhrí sin, ba cheart é a bhunú mar ghníomhaireacht dhíláráithe de chuid an Aontais.
- (60) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht, ba cheart cúraimí Lárionad an Aontais a liostú ar bhealach soiléir agus cuimsitheach. D'fhoill cur chun feidhme ceart an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart go mbainfeadh na cúraimí sin go háirithe le héascaíocht a dhéanamh ar na hoibleagáidí braite, tuairiscithe agus blocála a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí óstála, seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe seirbhísí rochtana ar an idirlíon. Ar an gcúis chéanna sin, áfach, ba cheart cúraimí eile a chur ar Lárionad an Aontais, go háirithe na cúraimí sin a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí um measúnú riosca agus maolú atá ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú ag soláthraithe seirbhísí óstála, cúnamh a chur ar fáil d'Údaráis Chomhordúcháin, chomh maith le heolas agus saineolas a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a ghiniúint agus a chomhroinnt.
- (61) Ba cheart go gcuirfeadh Lárionad an Aontais faisnéis iontaofa ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí is féidir a mheas go réasúnach gur mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá i gceist leo, le gur féidir iad a bhrath agus a bhlocáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. I bhfianaise chineál an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, is gá an fhaisnéis iontaofa sin a chur ar fáil gan an t-ábhar féin a chomhroinnt. Dá bhrí sin, ba cheart go

nginfeadh Lárionad an Aontais táscairí cruinne agus iontaofa, bunaithe ar ábhar sainaitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí a cuireadh faoina bhráid ag Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo. Ba cheart go ligfeadh na táscairí sin do theicneolaíochtaí scaipeadh an ábhair chéanna (ábhar aitheanta) nó scaipeadh ábhar difriúil mí- úsáide gnéasaí leanaí (ábhar nua), nó sirtheoireacht leanaí a bhrath, de réir mar is infheidhme.

- (62) Le go bhfeidhmeoidh an córas a bhunaítear leis an Rialachán seo i gceart, ba cheart a chur de chúram ar Lárionad an Aontais bunachair sonraí a chruthú le haghaidh gach ceann de na trí chineál mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne sin, agus na bunachair sonraí sin a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú. Chun críocha cuntasachta agus chun ceartúcháin a cheadú i gcás inar gá sin, ba cheart dó taifid a choimeád de na haighneachtaí agus de na próisis a úsáidtear chun na táscairí a ghiniúint.
- (63) Chun na críche inrianaitheacht an phróisis tuairiscithe a áirithiú, agus inrianaitheacht aon ghníomhaíochta leantaí a dhéantar bunaithe ar thuairisciú, chomh maith le foráil a dhéanamh d'aiseolas faoi thuairisciú a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, do ghiniúint staitisticí a bhaineann le tuairiscí agus do bhainistíocht agus próiseáil iontaofa agus ghasa a dhéanamh ar thuairiscí, ba cheart do Lárionad an Aontais bunachair sonraí tiomnaithe do thuairiscí den sórt sin a chruthú. Le bheith in ann na cuspoirí thuas a chomhlíonadh, ba cheart go mbeadh faisnéis ábhartha a bhaineann leis na tuairiscí sin sa bhunachair sonraí freisin, amhail na táscairí a dhéanann ionadaíocht ar an ábhar agus na clibeanna coimhdeacha, lena féidir a tháscadh, mar shampla, an fíoras go bhfuil íomhá nó físeán a tuairiscíodh mar chuid de shraith íomhánna agus físeáin ina dtaispeántar an t- íospartach céanna nó na híospartaigh chéanna.
- (64) I bhfianaise íogaireacht na sonraí lena mbaineann agus d'fhonn aon earráid nó mí- úsáid fhéideartha a sheachaint, is gá rialacha dochta a leagan síos maidir le rochtain ar na bunachair sonraí sin de tháscairí agus ar bhunachair sonraí de thuairiscí, maidir leis na sonraí iontu agus maidir lena slándáil. Go háirithe, níor cheart na sonraí lena mbaineann a stóráil níos faide ná mar a bhfuil fíorghá leis. Ar na cúiseanna thuas, níor cheart rochtain ar an mbunachair sonraí de tháscairí a thabhairt ach do na páirtithe agus chun na gcríoch sin a shonraítear sa Rialachán seo, faoi réir rialuithe Lárionad an Aontais, agus ba cheart rochtain a bheith teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na gcríoch sin.
- (65) Chun tuairisciú earráideach mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne faoin Rialachán seo a sheachaint agus chun deis a thabhairt d'údaráis um fhorfheidhmiú an dlí díriú ar a bpríomh- chúraimí imscrúdaithe, ba cheart go rachadh tuairiscí trí Lárionad an Aontais. Ba cheart do Lárionad an Aontais measúnú a dhéanamh ar na tuairiscí sin chun na cinn atá go follasach gan bhunús a shainaithint, is é sin, i gcás inar soiléir láithreach, gan aon anailís shubstainteach dhlíthiúil nó fhíorasach a dhéanamh, nach mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá sna gníomhaíochtaí a tuairiscíodh. I gcás ina bhfuil an tuairisc go follasach gan bhunús, ba cheart do Lárionad an Aontais aiseolas a thabhairt don soláthraí seirbhísí óstála nó don soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí a thug an tuairisc, chun deis a thabhairt feabhsúcháin a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí agus ar na próisis a úsáidtear, agus céimeanna eile, amhail ábhar a baineadh anuas go mícheart a chur ar ais. Ó tharla go bhféadfadh gach tuairisc a bheith ina modh tábhachtach chun na cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chun íospartach na mí- úsáide a thabhairt slán, ba cheart tuairiscí a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.

- (66) D'fhonn rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo agus le cearta íospartach a chosaint, ba cheart go mbeadh Lárionad an Aontais in ann, i gcás ina n- iarrtar air, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus cúnamh a thabhairt d'Údaráis Inniúla trí bhíthin cuardaigh a dhéanamh ar sheirbhísí óstála le haghaidh scaipeadh ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil rochtain phoiblí air, trí bhíthin na táscairí comhfhreagracha a úsáid. I gcás ina sainaithníonn sé ábhar den sórt sin i ndiaidh cuardach den sórt sin a dhéanamh, ba cheart go mbeadh Lárionad an Aontais in ann iarraidh ar sholáthraí na seirbhíse óstála lena mbaineann an mhír nó na míreanna i gceist a bhaint anuas nó rochtain uirthi nó orthu a dhíchumasú, ó tharla go mb'fhéidir nárbh eol don soláthraí gurbh ann iad agus go mbeadh sé toilteanach amhlaidh a dhéanamh ar bhonn deonach.
- (67) I bhfianaise a shuímh lárnaigh mar thoradh ar fheidhmiú a phríomh- chúraimí faoin Rialachán seo agus i bhfianaise na faisnéise agus an tsaineolais a fhéadfaidh sé a bhailiú i gceangal leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais rannchuidiú le baint amach chuspóirí an Rialacháin seo freisin, trí bhíthin gníomhú mar mhol d'eolas, saineolas agus taighde ar ábhair a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. I ndáil leis sin, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha ó laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus ba cheart dó deis a thabhairt do Bhallstáit tairbhiú den eolas agus den saineolas a bhailítear, lena n- áirítear dea- chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh.
- (68) Is gá sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil agus a stóráil chun cúraimí Lárionad an Aontais a fheidhmiú faoin Rialachán seo. Chun a áirithiú go gcosnófar sonraí pearsanta den sórt sin go leormhaith, níor cheart do Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a phróiseáil agus a stóráil ach amháin i gcás a mbeadh fíor- ghá leis sin chun na gcríoch a mhionsonraítear sa Rialachán seo. Ba cheart dó sin a dhéanamh ar bhealach slán agus ba cheart dó stóráil a theorannú chuig an méid a bhfuil fíor- ghá leis chun na cúraimí ábhartha a fheidhmiú.
- (69) Chun foráil a dhéanamh d'fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil a chúraimí, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i ndlúthchomhar le hÚdaráis Chomhordúcháin, le Europol agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha, amhail an US National Centre for Missing and Exploited Children [Lárionad Náisiúnta na Stát Aontaithe um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí ar Thángthas i dTír Orthu] nó an International Association of Internet Hotlines [Cumann Idirnáisiúnta na mBeolíní Idirlín] ('INHOPE'), líonra beolíní chun ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a thuairisciú, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach leis an Rialachán seo agus le hionstraimí dlíthiúla eile lena rialáiltear a ngníomhaíochtaí faoi seach. Chun comhar den sórt sin a éascú, ba cheart na socruithe is gá a dhéanamh, lena n- áirítear ainmniúchán oifigeach teagmhála ag Údaráis Chomhordúcháin agus tabhairt i gcrích mheabhrán tuisceana le Europol agus, i gcás inarb iomchuí, le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha.
- (70) Leis an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas le fada an lá do INHOPE agus dá bheolíní is comhaltaí, aithnítear go bhfuil beolíní sa líne thosaigh sa chomhrac in aghaidh mhí- úsáid ghnéasach leanaí. Ba cheart do Lárionad an Aontais leas a bhaint as an líonra beolíní agus a mholadh go n- oibreodís le chéile go héifeachtach leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí de chuid na mBallstát. Is ionann saineolas agus taithí na mbeolíní agus foinse thar a bheith luachmhar d'fhaisnéis faoi bhagairtí comhchoiteanna agus réitigh chomhchoiteanna a shainaithint go luath, chomh maith le faisnéis faoi dhifríochtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar fud an Aontais.

- (71) I bhfianaise shainchúram Europol agus na taithí atá aige ar údaráis náisiúnta inniúla a shainaithint i gcásanna míshoiléire, agus a bhunachar sonraí d'fhaisnéis choiriúil atá in ann rannchuidiú le naisc chuig imscrúduithe i mBallstáit eile a shainaithint, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i ndlúthchomhar leis, go háirithe chun sainaithint ghasta údarás náisiúnta inniúla um fhorfheidhmiú an dlí a áirithiú i gcásanna míshoiléire nó i gcásanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin.
- (72) I bhfianaise an ghá do Lárionad an Aontais dianchomhar a dhéanamh le Europol, ba cheart ceanncheathrú Lárionad an Aontais a lonnú in aice le ceanncheathrú Europol, atá suite sa Háig, an Ísiltír. Tairbhíonn cineál rí- íogair na dtuarascálacha a chomhroinneann Lárionad an Aontais le Europol agus na ceanglais theicniúla araon, amhail maidir le naisc sonraí shlána, de shuíomh comhroinnnte idir Lárionad an Aontais agus Europol. Chuirfeadh sé ar chumas do Lárionad an Aontais freisin, cé gur eintiteas neamhspleách atá ann, bheith ag brath ar sheirbhísí tacaíochta Europol, go háirithe na seirbhísí sin a bhaineann le bainistíocht acmhainní daonna, teicneolaíocht na faisnéise (TF), lena n- áirítear an chibearshlándaíl, an foirgneamh agus an chumarsáid. Is bealach níos costéifeachtaí é na seirbhísí tacaíochta den sórt sin a chomhroinnt, agus seirbhís níos gairmiúla a áirithiú seachas iad a dhúbláil trína gcruthú an athuair.
- (73) Lena fheidhmiú ceart a áirithiú, ba cheart na rialacha is gá a leagan síos maidir le heagrúchán Lárionad an Aontais. De ghrá na comhsheasmhachta, ba cheart na rialacha sin a bheith i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le gníomhaireachtaí díláraithe.
- (74) Ós rud é gur gá saineolas teicniúil a bheith ag Lárionad an Aontais chun a chúraimí a dhéanamh, go háirithe an cúram liosta teicneolaíochtaí a sholáthar ar féidir úsáid a bhaint astu le haghaidh brath, ba cheart Coiste Teicneolaíochta a bheith ag Lárionad an Aontais, coiste a bheadh comhdhéanta de shaineolaithe ag a mbeadh feidhm chomhairleach. Féadfaidh an Coiste Teicneolaíochta saineolas a sholáthar go háirithe chun tacú le saothair Lárionad an Aontais, faoi chuimsiú a shainordaithe, i dtaca le cúrsaí a bhaineann leis an mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, chun tacú le Lárionad an Aontais rannchur le leibhéal ard caighdeán teicniúil agus coimircí i dteicneolaíocht an bhraite.
- (75) Dé ghrá na trédhearcachta agus na cuntasachta, agus chun meastóireacht agus, i gcás inar gá, coigeartuithe a chumasú, ba cheart iallach a chur ar sholáthraithe na seirbhísí óstála, soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe seirbhísí rochtana, Údaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais faisnéis a bhailiú, a thaifeadadh agus a anailisiú, bunaithe ar bhailiú anaithnidithe na sonraí neamhphearsanta agus tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Ba cheart go gcomhoibredh na hÚdaráis Chomhordúcháin le Europol agus le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí agus le húdaráis náisiúnta ábhartha eile na mBallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Chomhordúcháin i gceist chun an fhaisnéis sin a bhailiú.
- (76) De ghrá an dea- rialachais agus ag tarraingt ón staidreamh agus ón bhfaisnéis atá bailithe agus ó shásraí tuairiscithe trédhearcachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart go ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo laistigh de 5 bliana ó dháta a theachta i bhfeidhm, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.
- (77) Is ar chritéir na héifeachtúlachta, an riachtanais, na héifeachtachta, na comhréireachta, na hábharthachta, an chomhleanúnachais agus an bhreisluacha Aontais, ba cheart an mheastóireacht a bhunú. Ba cheart measúnú a dhéanamh léi ar fheidhmiú na mbeart

éagsúil oibriúcháin agus teicniúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart chun feabhas a chur ar bhrath, tuairisciú agus baint mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, ar éifeachtacht na sásraí coimirce agus na tionchair ar chearta bunúsacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, ar an tsaoirse chun gnó a dhéanamh, ar an gceart ar shaol príobháideach agus um chosaint na sonraí pearsanta. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar ar leasanna tríú páirtithe lena bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

- (78) Le Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁵ déantar foráil maidir le réiteach sealadach i dtaca le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe áirithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, ar feitheamh creat dlíthiúil fadtéarmach a ullmhú agus a ghlacadh. Leis an Rialachán seo, soláthraítear an creat dlíthiúil fadtéarmach sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/1232 a aisghairm.
- (79) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean don Choimisiún chun na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú agus lena fhorlíonadh trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le cruth, inneachar beacht agus mionsonraí eile na dtuarascálacha agus an phróisis tuairiscithe, maidir le cinneadh agus gearradh na gcostas arna dtabhú ag Lárionad an Aontais chun tacú le soláthraithe sa mheasúnú riosca, agus maidir leis na ceanglais theicniúla maidir leis na córais comhroinnte faisnéise lena dtacaítear leis an gcumarsáid idir na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile an Aontais agus soláthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise.
- (80) Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a shaothair ullmhúcháin le haghaidh na ngníomhartha tarmligthe, lena n-áirítear trí mheán comhairliúcháin poiblí oscailte agus ar leibhéal saineolach, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁴⁶. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (81) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an córas comhroinnte faisnéise a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁷.

⁴⁵ Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (IO L 274, 30.7.2021, lch. 41).

⁴⁶ Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

⁴⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (82) Chun dóthain ama a thabhairt do gach páirtí dá ndéantar difear na bearta is gá a dhéanamh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le tréimhse ama iomchuí idir dáta a theachta i bhfeidhm agus dáta a churtha chun feidhme.
- (83) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh trí rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a leagan amach chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach agus a urramaíonn cearta bunúsacha, a ghnóthú go leormhaith agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (84) Chuathas i gcomhairle leis An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁸ agus thug siad tuairim chomhpháirteach an [...].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha aonfhoirmeacha chun aghaidh a thabhairt ar mhí- úsáid sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí sa mhargadh inmheánach.
Bunaítear leis, go háirithe:
 - (a) oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise chun an riosca a íoslaghdú go mí- úsáidtear a seirbhísí le haghaidh mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne;
 - (b) oibleagáidí ar sholáthraithe na seirbhísí óstála agus ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú;
 - (c) oibleagáidí ar sholáthraithe na seirbhísí óstála rochtain ar ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí ar a seirbhísí a bhaint nó a dhíchumasú;
 - (d) oibleagáidí ar sholáthraithe na seirbhísí rochtana idirlín rochtain ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a dhíchumasú;

⁴⁸ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (e) rialacha maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hainmniú agus feidhmiú údaráis inniúla na mBallstát, Lárionad an Aontais um Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí a bhunaítear in Airteagal 40 ('Lárionad an Aontais') agus maidir le comhar agus trédhearcacht.
- 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a thairgeann seirbhísí den sórt sin san Aontas, gan beann ar a bpríomhbhunaíocht.
- 3. Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar difear do na rialacha a leagtar síos leis na gníomhartha dlíthiúla a leanas:
 - (a) Treoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/JHA ón gComhairle;
 - (b) Treoir 2000/31/CE agus Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE];
 - (c) Treoir 2010/13/AE;
 - (d) Rialachán (AE) 2016/679, Treoir 2016/680, Rialachán (AE) 2018/1725, agus, faoi réir mhír 4 den Airteagal seo, Treoir 2002/58/CE.
- 4. Leis an Rialachán seo, cuirtear srian le feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí dá ndéantar foráil in 5(1) agus (3) agus Airteagal 6(1) de Threoir 2002/58/CE a mhéid is gá chun na horduithe braite a chur i gcrích i gcomhréir le Roinn 2 de Chaibidil 1 den Rialachán seo.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (a) ciallaíonn 'seirbhís óstála' seirbhís na sochaí faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (f), an tríú heang, de Rialachán (AE) .../... [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE];
- (b) ciallaíonn 'seirbhís cumarsáide idirphearsanta' seirbhís atá ar fáil go poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 5, de Threoir (AE) 2018/1972, lena n-áirítear seirbhísí lena gcumasaítear idirmhalartú faisnéise idirphearsanta agus idirghníomhach nach bhfuil ann ach mionghné choimhdeach atá nasctha go bunúsach le seirbhís eile;
- (c) ciallaíonn 'feidhmchlár bogearraí' táirge nó seirbhís dhigiteach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 13 de Rialachán (AE) .../... [maidir le margat inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margat Digiteacha)];
- (d) ciallaíonn 'stóras feidhmchlár bogearraí' seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 12, de Rialachán (AE) .../... [maidir le margat inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margat Digiteacha)];

- (e) ciallaíonn ‘seirbhís rochtana idirlín’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2), pointe 2, de Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹;
- (f) ciallaíonn ‘seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise’ na seirbhísí uile a leanas:
 - (i) seirbhís óstála;
 - (ii) seirbhís cumarsáide idirphearsanta;
 - (iii) stóras feidhmchlár bogearraí;
 - (iv) seirbhís rochtana idirlín.
- (g) ciallaíonn ‘seirbhísí a chur ar fáil san Aontas’ seirbhís a chur ar fáil san Aontas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (d), de Rialachán (AE) .../... [*maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE*];
- (h) ciallaíonn ‘úsáideoir’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a úsáideann seirbhís ábhartha na sochaí faisnéise;
- (i) ciallaíonn ‘leanbh’ aon duine nádúrtha atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;
- (j) ciallaíonn ‘úsáideoir is leanbh’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a úsáideann seirbhís ábhartha na sochaí faisnéise agus atá ina dhuine nádúrtha faoi bhun 17 mbliana d’aois;
- (k) ciallaíonn ‘micrifhiontar, fiontar beag nó meánmhéide’ fiontar mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide⁵⁰;
- (l) ciallaíonn ‘ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí’ ábhar atá ina phornagrafaíocht leanaí nó ina thaibhiú pornagrafaíochta leanaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (c) agus (e), faoi seach, de Threoir 2011/93/AE;
- (m) ciallaíonn ‘ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí’ ábhar a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhraitear trí úsáid a bhaint as na táscairí i mbunachar sonraí na dtáscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a);
- (n) ciallaíonn ‘ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí nua’ ábhar a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhraitear trí úsáid a bhaint as na táscairí i mbunachar sonraí na dtáscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b);
- (o) ciallaíonn ‘sirtheoireacht leanaí’ sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí chun críocha gnéasacha dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir 2011/93/AE;
- (p) ciallaíonn ‘mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne’ ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh ar líne agus sirtheoireacht leanaí;
- (q) ciallaíonn ‘cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí’ cionta mar a shainmhínítear in Airteagail 3 go 7 de Threoir 2011/93/AE;

⁴⁹ Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a bhaineann le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1–18).

⁵⁰ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36–41).

- (r) ciallaíonn ‘córas moltóra’ an córas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (o), de Rialachán (AE) .../... *[maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]*;
- (s) ciallaíonn ‘sonraí inneachair’ sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 10, de Rialachán (AE) ... *[maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise Leictreonach i gCúrsaí Coiriúla a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Eorpacha um Chaomhnú (.../... an Rialachán maidir le r- fhianaise)]*;
- (t) ciallaíonn ‘modhnóireacht inneachair’ na gníomhaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (p), de Rialachán (AE) .../... *[maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]*;
- (u) Ciallaíonn ‘Údarás Comhordúcháin na bunaíochta’ an tÚdarás Comhordúcháin le haghaidh saincheisteanna i ndáil le mí- úsáid ghnéasach leanaí i gcomhréir le hAirteagal 25 ag an mBallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht ag soláthraí seirbhísí na sochaí faisnéise, nó i gcás inarb infheidhme, ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe;
- (v) ciallaíonn ‘téarmaí agus coinníollacha’ téarmaí agus coinníollacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (q), de Rialachán (AE) .../... *[maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]*;
- (w) ciallaíonn ‘príomhbhunaíocht’ ceannoifig nó oifig chláraithe an tsoláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise ina ndéantar na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil a fheidhmiú.

CAIBIDIL II

OIBLEAGÁIDÍ AR SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA NA SOCHAÍ FAISNÉISE CHUN MÍ- ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ AR LÍNE A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

Roinn 1

Oibleagáidí maidir le measúnú agus maolú riosca

Airteagal 3

Measúnú riosca

1. Soláthraithe na seirbhísí óstála agus soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, i gcás gach seirbhíse den sórt sin a chuireann siad ar fáil, sainaithneoidh siad, agus déanfaidh siad anailís agus measúnú ar riosca úsáide na seirbhíse chun críche na mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne.
2. Agus measúnú riosca á dhéanamh, tabharfaidh an soláthraí an méid a leanas san áireamh, go háirithe:
 - (a) aon ásc a sainaithníodh roimhe seo d'úsáid a sheirbhísí chun críche na mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne;
 - (b) beartas a bheith ag an soláthraí agus a chur chun feidhme, agus infhaighteacht na bhfeidhmiúlachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca dá dtagraítear i mír 1, lena n- áirítear tríd an méid a leanas:
 - toirmisc agus srianta a leagtar síos sna téarmaí agus coinníollacha;
 - bearta a dhéantar chun na toirmisc agus srianta sin a fhorfheidhmiú;
 - feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear fíorú aoise;
 - feidhmiúlachtaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí an mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a mharcáil don soláthraí trí uirlisí atá sorochtana agus aoisoiriúnach;
 - (c) an bealach ina n- úsáideann úsáideoirí an tseirbhís agus tionchar an mhéid sin ar an riosca sin;
 - (d) an bealach inar dhear an soláthraí an tseirbhís agus ina n- oibríonn sé í, lena n- áirítear an tsamhail ghnó, rialachas agus próisis agus córais ábhartha, agus tionchar na nithe sin ar an riosca sin;
 - (e) maidir leis an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí:
 - (i) a mhéid atá an tseirbhís á húsáid nó is dócha a bheidh sí á húsáid ag leanaí;
 - (ii) i gcás ina bhfuil an tseirbhís á húsáid ag leanaí, na haoisghrúpaí éagsúla d'úsáideoirí is leanaí agus an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí i ndáil leis na haoisghrúpaí sin;
 - (iii) infhaighteacht na bhfeidhmiúlachtaí lena gcruthaítear nó lena dtreisítear an riosca go ndéanfar sirtheoireacht ar leanaí, lena n- áirítear na feidhmiúlachtaí a leanas:

- a chur ar chumas d’úsáideoirí cuardach a dhéanamh ar úsáideoirí eile, agus go háirithe, d’úsáideoirí aosaigh cuardach a dhéanamh ar úsáideoirí leanaí;
 - a chur ar chuumas d’úsáideoirí teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí eile go díreach, go háirithe tríd an gcumarsáid phríobháideach;
 - a chur ar a gcumas d’úsáideoirí íomhánna nó físeáin a chomhroinnt le húsáideoirí eile, go háirithe tríd an gcumarsáid phríobháideach.
3. Féadfaidh an soláthraí iarraidh ar Lárionad an Aontais anailís a dhéanamh ar shamplaí sonraí ionadaíocha anaithnidithe chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a d’fhéadfadh a bheith ar líne a shainaithint, chun tacú leis an measúnú riosca.
- Is é an soláthraí iarrthach a iompróidh na costais a thabhaíonn Lárionad an Aontais as anailís den sórt sin a dhéanamh. Is é Lárionad an Aontais, áfach, a iompróidh na costais sin i gcás ina bhfuil an soláthraí ina mhicrifhiontar, ina fhiontar beag nó meánmhéide, ar choinníoll ina bhfuil gá réasúnta leis an iarraidh chun tacú leis an measúnú riosca.
- Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá maidir le cinneadh agus gearradh na gcostas sin agus maidir le cur i bhfeidhm na díolúine le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide.
4. Déanfaidh an soláthraí an chéad mheasúnú riosca faoi *[Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo + 3 mhí]* nó, i gcás nár chuir an soláthraí an tseirbhís ar fáil san Aontas faoi *[Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, faoi 3 mhí ón dáta ag ar thosaigh an soláthraí ag cur na seirbhíse ar fáil san Aontas.
- Ina dhiaidh sin, nuashonróidh an soláthraí an measúnú riosca i gcás inar gá agus uair amháin ar a laghad gach 3 bliana ón dáta deireanach a rinne sé nó a nuashonraigh sé an measúnú riosca. Mar sin féin:
- (a) i gcás seirbhís atá faoi réir ordú braite a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 7, nuashonróidh an soláthraí an measúnú riosca ar a dhéanaí 2 mhí roimh dháta éaga thréimhse chur i bhfeidhm an ordaithe braite;
 - (b) féadfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a cheangal ar an soláthraí an measúnú riosca a nuashonrú ag dáta réasúnta níos luaithe ná an dáta dá dtagraítear sa dara fómhír, i gcás inarb ann d’fhianaise lena léirítear athrú substaintiúil féideartha ar an riosca go mbaintear úsáid as an tseirbhís chun críche na mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne.
5. Áireofar leis an measúnú riosca measúnú ar aon riosca a d’fhéadfadh a bheith fágtha, go mbaintear úsáid as an tseirbhís, tar éis na bearta maolaithe a dhéanamh de bhun Airteagal 4, chun críche na mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne.
6. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 5, ag féachaint go cuí go háirithe d’fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n- úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Airteagal 4

Maolú riosca

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta bearta maolaithe réasúnta, a bheidh saincheaptha don riosca a shainaithnítear de bhun Airteagal 3, chun an riosca sin a íoslaghdú. Áireofar leis na bearta sin roinnt de na nithe a leanas nó na nithe sin uile:
 - (a) córais modhnaithe nó moltóra an tsoláthraí, a phróisis cinnteoireachta, oibriú nó feidhmiúlachtaí na seirbhíse, nó inneachar nó forfheidhmiú a théarmaí agus coinníollacha a oiriúnú, trí bhearta teicniúla agus oibríochtúla iomchuí agus soláthar foirne a dhéanamh;
 - (b) próisis inmheánacha an tsoláthraí nó maoirseacht inmheánach ar fheidhmiú na seirbhíse a threisiú;
 - (c) an comhar a thionscnamh nó a choigeartú, i gcomhréir le dlí na hiomaíochta, le soláthraithe eile na seirbhísí óstála nó le soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, le húdaráis phoiblí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta nó, i gcás inarb infheidhme, le heintitis ar ar dámhadh stádas mar chomharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) .../... [*maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE*].
2. Beidh na bearta maolaithe:
 - (a) éifeachtach ó thaobh an riosca shainaitheanta a mhaolú;
 - (b) ina mbearta spriocdhírithe agus comhréireacha i ndáil leis an riosca sin, ag tabhairt san áireamh, go háirithe, tromchúis an riosca agus acmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí agus an líon úsáideoirí;
 - (c) á gcur i bhfeidhm ar bhealach dícheallach agus neamh- idirdhealaitheach, ag féachaint go cuí, i ngach imthoisc, do na hiarmhairtí a d'fhéadfadh teacht ó na bearta maolaithe le haghaidh cearta bunúsacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh a chleachtadh;
 - (d) á dtabhairt isteach, á n- athbhreithniú, á scor nó á bhformhéadú, de réir mar is iomchuí, gach uair a dhéantar nó a nuashonraítear an measúnú riosca de bhun Airteagal 3(4), laistigh de 3 mhí ón dáta dá dtagraítear ansin.
3. Soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a shainaithin riosca, de bhun an mheasúnaithe riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh i gcomhréir le hAirteagal 3, a bhaineann le húsáid a seirbhísí chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí; déanfaidh siad na bearta is gá maidir le fíorú aoise agus measúnú aoise chun úsáideoirí is leanaí a shainaithint go hiontaofa maidir lena seirbhísí, rud a chuireann ar a gcumas na bearta maolaithe a dhéanamh.
4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta tuairisc shoiléir ina dtéarmaí agus coinníollacha ar na bearta maolaithe atá déanta acu. Ní áireofar leis an tuairisc sin faisnéis lena bhféadfaí éifeachtacht na mbearta maolaithe a laghdú.
5. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2, 3 agus 4, ag féachaint go cuí go

háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n- úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Airteagal 5

Tuairisciú riosca

1. Tarchuirfidh soláthraithe na seirbhísí óstála agus soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, faoi 3 mhí ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta bunaithe tuarascáil ina sonraítear na nithe a leanas:
 - (a) an próiseas agus na torthaí ón measúnú riosca a dhéantar nó a nuashonraítear de bhun Airteagal 3, lena n- áirítear measúnú ar aon riosca a d'fhéadfadh a bheith fágtha dá dtagraítear in Airteagal 3(5);
 - (b) aon bheart maolaithe a dhéantar de bhun Airteagal 4.
2. Laistigh de 3 mhí tar éis an tuarascáil a fháil, déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta measúnú uirthi agus cinnfidh sé, ar an mbonn sinn agus aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dó á cur san áireamh, cé acu a rinneadh nó a nuashonraíodh an measúnú riosca, agus cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh na bearta maolaithe i gcomhréir le ceanglais Airteagail 3 agus 4.
3. I gcás inar gá maidir leis an measúnú sin, féadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a cheangal tuilleadh faisnéise a fháil ón soláthraí, laistigh de thréimhse ama réasúnta atá socraithe ag an Údarás Comhordúcháin sin. Ní bheidh an tréimhse ama sin níos faide ná 2 sheachtain.

Cuirfear an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fionraí go dtí go gcuirfear an fhaisnéis bhreise sin ar fáil.
4. Gan dochar d'Airteagail 7 agus 27 go 29, i gcás nár comhlíonadh ceanglais Airteagail 3 agus 4 go fóill, cuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin de cheangal ar an soláthraí an measúnú riosca a stiúradh nó a nuashonrú nó na bearta maolaithe a thabhairt isteach, a athbhreithniú, a scor nó a fhorfhéadú, de réir mar is infheidhme, laistigh de thréimhse ama réasúnta atá socraithe ag an Údarás Comhordúcháin sin. Ní bheidh an tréimhse ama sin níos faide ná 1 mhí amháin.
5. Tarchuirfidh soláthraithe, nuair a tharchuireann siad tuarascáil Údarás Comhordúcháin na bunaíochta i gcomhréir le mír 1, an tuarascáil chuig Lárionad an Aontais freisin.
6. Tarchuirfidh soláthraithe, arna iarraidh sin dóibh, an tuarascáil do sholáthraithe na stóras feidhmchlár bogearraí, a mhéid is gá le haghaidh an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 6(2). I gcás inar gá, féadfaidh siad faisnéis rúnda a bhaint ó na tuarascálacha.

Airteagal 6

Oibleagáidí le haghaidh stórais feidhmchlár bogearraí

1. Déanfaidh soláthraithe stóras feidhmchlár bogearraí:
 - (a) iarrachtaí réasúnta a dhéanamh measúnú a dhéanamh, i gcás inar féidir in éineacht le soláthraithe na bhfeidhmchlár bogearraí, cibé acu atá nó nach bhfuil gach seirbhís a thairgtear trí mheán na bhfeidhmchlár bogearraí a bhainistíonn siad ina riosca dá n- úsáid chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;

- (b) bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí a chosc ó rochtain a dhéanamh ar fheidhmchláir bogearraí ar shainaithin siad riosca suntasach leo d'úsáid na seirbhíse lena mbaineann chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;
 - (c) na bearta is gá um fhíorú aoise agus measúnú aoise a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí dá seirbhísí a shainaithint go hiontaofa, ag cur ar a gcumas dóibh na bearta a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (b).
2. Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh an soláthraí san áireamh gach faisnéis atá ar fáil dó, lena n-áirítear torthaí an mheasúnaithe riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh de bhun Airteagal 3.
 3. Cuirfidh soláthraithe na stóras feidhmchlár bogearraí faisnéis ar fáil go poiblí ina dtuairiscítear an próiseas agus na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an riosca agus ina dtuairiscítear na bearta dá dtagraítear i mír 1. Ní áireofar leis an tuairisc sin faisnéis lena bhféadfaí éifeachtacht an mheasúnaithe ar na bearta sin a laghdú.
 4. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlinnte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3, ag féachaint go cuí go háirithe d'fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus do na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Roinn 2

Oibleagáidí braite

Airteagal 7

Eisiúint orduithe braite

1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit sin ordú braite a eisiúint lena gceanglófar ar sholáthraí seirbhísí óstála nó ar sholáthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta faoi dhlínse an Bhallstáit sin na bearta a shonraítear in Airteagal 10 a dhéanamh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar sheirbhís shonrach.
2. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, sula n-iarrann sé eisiúint ordaithe braite, na himscrúduithe agus na measúnuithe is gá chun cinneadh a dhéanamh cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha mhír 4.

Chuige sin, féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, a chur de cheangal ar an soláthraí an fhaisnéis is gá a chur isteach, sa bhreis ar an tuarascáil agus ar an bhfaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (3), faoi seach, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin sin, nó a iarraidh ar Lárionad an Aontais, ar údarás poiblí eile nó ar shaineolaithe nó eintitis ábhartha an fhaisnéis bhreise is gá a chur ar fáil.
3. I gcás ina mbíonn Údarás Comhordúcháin na bunaíochta den réamhthuairim gur comhlíonadh coinníollacha mhír 4, déanfaidh sé na bearta a leanas:
 - (a) dréacht-iarraidh a bhunú chun ordú braite a eisiúint, ina sonraítear na príomhghnéithe d'inneachar an ordaithe braite a bhfuil sé ar intinn aige a iarraidh agus na cúiseanna lena iarraidh;
 - (b) dréacht-iarraidh a chur faoi bhráid an tsoláthraí agus Lárionad an Aontais;

- (c) deis a thabhairt don soláthraí trácht a dhéanamh ar an dréacht- iarraidh, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin;
- (d) iarraidh ar Lárionad an Aontais a thuairim a thabhairt faoin dréacht- iarraidh, laistigh de thréimhse ama 4 seachtaine ó dháta fála na dréacht- iarrata.

I gcás, ag féachaint do thráchtanna an tsoláthraí agus do thuairim Lárionad an Aontais, ina mbíonn an tÚdarás Comhordúcháin fós den tuairim gur comhlíonadh coinníollacha mhír 4, cuirfidh sé an dréacht- iarraidh, arna coigeartú de réir mar is iomchuí, faoi bhráid an tsoláthraí an athuair. Sa chás sin, déanfaidh an soláthraí gach ceann de na nithe seo a leanas, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin:

- (a) plean cur chun feidhme a dhréachtú ina leagtar amach na bearta a shamhlaíonn sé a dhéanamh leis an ordú braite atá beartaithe a fhorghníomhú, lena n- áirítear faisnéis mhionsonraithe maidir leis na teicneolaíochtaí agus na coimircí a shamhlaítear;
- (b) i gcás ina mbaineann an dréachtphean cur chun feidhme le hordú braite atá beartaithe maidir le sirtheoireacht ar leanaí seachas athnuachan an ordaithe braite a eisíodh roimhe seo gan aon athrú substainteach air, measúnú tionchair um chosaint sonraí agus nós imeachta réamhchomhairliúcháin a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, i ndáil leis na bearta a leagtar amach sa phean cur chun feidhme;
- (c) i gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (b), nó i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, an dréachtphean cur chun feidhme a choigeartú, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe tionchair um chosaint sonraí agus d'fhonn tuairim an údaráis cosanta sonraí a chur san áireamh arna cur ar fáil mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán roimhe seo;
- (d) an plean cur chun feidhme a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin, i gcás inarb infheidhme tuairim an údaráis inniúil cosanta sonraí a cheangal leis agus an chaoi ar coigeartaíodh an plean cur chun feidhme a shonrú i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe tionchair um chosaint sonraí agus na tuairime sin.

I gcás ina mbíonn an tÚdarás Comhordúcháin fós den tuairim, ag féachaint do phean cur chun feidhme an tsoláthraí agus do thuairim an údaráis cosanta sonraí, gur comhlíonadh coinníollacha mhír 4, cuirfidh sé an iarraidh ar eisiúint an bhraite, arna coigeartú i gcás inarb iomchuí, faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách. Ceanglóidh sé plean cur chun feidhme an tsoláthraí agus tuairimí Lárionad an Aontais agus an údaráis cosanta sonraí leis an iarraidh sin.

4. Iarrfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta eisiúint an ordaithe braite, agus eiseoidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách an t- ordú braite i gcás ina measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

- (a) tá fianaise ann de riosca suntasach go n- úsáidfear an tseirbhís chun críche na mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne, de réir bhrí mhíreanna 5, 6 agus 7, de réir mar is infheidhme;
- (b) is treise iad na fáthanna leis an ordú braite a eisiúint ná na hiarmhairtí diúltacha ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh, ag féachaint go háirithe don ghá atá le cothromaíocht chóir a áirithiú idir cearta bunúsacha na bpáirtithe sin.

Nuair atá measúnú á dhéanamh ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha na chéad fhomhíre, cuirfear san áireamh fíorais agus tosca ábhartha uile an cháis atá i gceist, go háirithe:

- (a) an measúnú riosca a dhéantar nó a nuashonraítear agus aon bheart maolaithe a dhéanann an soláthraí de bhun Airteagail 3 agus 4, lena n-áirítear aon bheart maolaithe a thugtar isteach, a athbhreithnítear, a scoirtear nó a fhorfhéadaítear de bhun Airteagal 5(4) i gcás inarb infheidhme;
- (b) aon fhaisnéis bhreise eile a fhaightear de bhun mhír 2 nó aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dó, go háirithe i dtaca le húsáid, dearadh agus oibriú na seirbhíse, i dtaca le hacmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí, agus i dtaca le méid an tsoláthraí, agus i dtaca leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na bearta a dhéantar chun an t-ordú braite a fhorghníomhú le haghaidh gach páirtí eile a ndéantar difear dóibh;
- (c) tuairimí agus plean cur chun feidhme an tsoláthraí a chuirtear isteach i gcomhréir le mír 3;
- (d) tuairimí Lárionad an Aontais agus an údaráis cosanta sonraí a chuirtear isteach i gcomhréir le mír 3.

A mhéid a bhaineann leis an dara fomhír, pointe (d), i gcás ina n-imíonn an tÚdarás Comhordúcháin sin go substaintiúil ó thuairim Lárionad an Aontais, cuirfidh sé an méid sin in iúl do Lárionad an Aontais agus don Choimisiún, sonróidh sé na pointí ag ar imigh sé uaithi agus na príomhchúiseanna leis an imeacht.

5. A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (a) a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

- (a) gur dócha, d'ainneoin aon bheart maolaithe a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh nó a fhéadfaidh sé a dhéanamh, go n-úsáidfear an tseirbhís, a mhéid atá suntasach, chun ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh;
- (b) go bhfuil fianaise ar sheirbhís ann, nó ar sheirbhís inchomparáide mura bhfuil an tseirbhís curtha ar fáil go fóill san Aontas ag dáta na hiarrata ar eisiúint an ordaithe braite, a úsáideadh le 12 mhí anuas agus a mhéid atá suntasach, chun ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh.

6. A mhéid a bhaineann le horduithe braite i ndáil le hábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (a), a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

- (a) gur dócha, d'ainneoin aon bheart maolaithe a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh nó a fhéadfaidh sé a dhéanamh, go n-úsáidfear an tseirbhís, a mhéid atá suntasach, chun ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh;
- (b) go bhfuil fianaise ar sheirbhís ann, nó ar sheirbhís inchomparáide mura bhfuil an tseirbhís curtha ar fáil go fóill san Aontas ag dáta na hiarrata ar eisiúint an ordaithe braite, a úsáideadh le 12 mhí anuas agus a mhéid atá suntasach, chun ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh;

(c) le haghaidh seirbhísí seachas na cinn lena gcumasaítear tarchur beo na dtaibhiúchán pornagrafaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (e), de Threoir 2011/93/AE:

- (1) gur eisíodh ordú braite a bhaineann le hábhar aitheanta mí- úsaíde gnéasaí leanaí a scaipeadh i ndáil leis an tseirbhís;
- (2) gur chuir an soláthraí isteach roinnt mhaith tuarascálacha maidir le hábhar aitheanta mí- úsaíde gnéasaí leanaí, a braitheadh le bearta a rinneadh chun an t- ordú braite dá dtagraítear i bpointe (1) a fhorghníomhú, de bhun Airteagal 12.

7. A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le sirtheoireacht ar leanaí, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (a), a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

- (a) go gcáilíonn an soláthraí mar sholáthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta;
- (b) gur dócha, d’ainneoin aon bheart maolaithe a d’fhéadfadh a bheith déanta ag an soláthraí nó a dhéanfaidh sé, go n- úsáidtear an tseirbhís, a mhéid atá suntasach, chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;
- (c) go bhfuil fianaise ar sheirbhís ann, nó ar sheirbhís inchomparáide mura bhfuil an tseirbhís curtha ar fáil go fóill san Aontas ag dáta na hiarrata ar eisiúint an ordaithe braite, a úsáideadh le 12 mhí anuas agus a mhéid atá suntasach, chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí.

Ní bheidh feidhm ag na horduithe braite a bhaineann le sirtheoireacht ar leanaí ach amháin maidir le cumarsáid idirphearsanta inar úsáideoir is leanbh é duine amháin de na húsáideoirí.

8. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta nuair a iarrann sé eisiúint na n- orduithe braite, agus déanfaidh an t- údarás breithiúnach inniúil agus riaracháin neamhspleách nuair a eisíonn sé an t- ordú braite, í a spriocdhíriú agus a shonrú ar bhealach a bhfanfaidh na hiarmhairtí diúltacha dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), teoranta don mhéid a bhfuil dianghá leis chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca suntasach dá dtagraítear i bpointe (a) de sin.

Chun na haidhme sin, tabharfaidh siad san áireamh gach paraiméadar ábhartha, lena n- áirítear infhaighteacht na dteicneolaíochtaí braite atá iontaofa a ndóthain sa mhéid go gcuireann siad srian a mhéad is féidir ar an ráta earráidí maidir leis an mbrath agus lena n- oiriúnacht agus éifeachtacht chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, agus tionchar na mbearta ar chearta na n- úsáideoirí dá ndéantar difear, agus sa mhéid gur gá na bearta is lú cunóraí a dhéanamh dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 10, as measc roinnt bearta atá chomh héifeachtach céanna.

Go háirithe, áiritheoidh siad na nithe a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil an riosca sin teoranta do pháirt nó comhpháirt inaitheanta de sheirbhís, nach gcuirtear na bearta is gá i bhfeidhm ach amháin i ndáil leis an bpáirt nó an chomhpháirt sin;
- (b) i gcás inar gá, go háirithe chun srian a chur ar na hiarmhairtí diúltacha den sórt sin, go ndéantar foráil maidir le coimircí éifeachtacha agus comhréireacha sa bheis ar na cinn a liostaítear in Airteagal 10(4), (5) agus (6);
- (c) faoi réir mhír 9, fanfaidh an tréimhse cur i bhfeidhm teoranta don tréimhse a bhfuil fíorghá léi.

9. Sonróidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách san ordú braite an tréimhse a mbeidh feidhm leis lena linn, agus an dáta tosaigh agus an dáta deiridh á léiriú.

Socrófar an dáta tosaigh agus an t- am a bhfuil gá réasúnta leis don soláthraí chun na bearta is gá a dhéanamh chun cur i gcrích an ordaithe braite a ullmhú á chur san áireamh. Ní bheidh sé níos luaithe ná 3 mhí ón dáta ar a bhfuair an soláthraí an t- ordú braite, agus ní bheidh sé níos moille ná 12 mhí ón dáta sin.

Ní bheidh tréimhse cur i bhfeidhm na n- orduithe braite maidir le hábhar aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh níos faide ná 24 mhí, agus ní bheidh tréimhse cur i bhfeidhm na n- orduithe braite maidir le sirtheoireacht ar leanaí níos faide ná 12 mhí.

Airteagal 8

Rialacha breise maidir le horduithe braite

1. Eiseoidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách na horduithe braite dá dtagraítear in Airteagal 7 leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Áireofar leis na horduithe braite:
- (a) faisnéis maidir leis na bearta atá le déanamh chun an t- ordú braite a fhorghníomhú, lena n- áirítear na táscairí a úsáidfear agus na coimircí dá ndéanfar foráil, lena n- áirítear na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach de bhun Airteagal 9(3) agus, i gcás inarb infheidhme, aon choimirce breise dá dtagraítear in Airteagal 7(8);
 - (b) mionsonraí sainaitheantais an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú braite agus fiordheimhniú an ordaithe braite ag an údarás breithiúnach nó riaracháin neamhspleách sin;
 - (c) ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil;
 - (d) an tseirbhís shonrach a n- eisítear an t- ordú braite ina leith agus, i gcás inarb infheidhme, an pháirt nó an chomhpháirt den tseirbhís dá ndéantar difear dá dtagraítear in Airteagal 7(8);
 - (e) cé acu a bhaineann an t- ordú braite le hábhar aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh nó le sirtheoireacht ar leanaí;
 - (f) dáta tosaigh agus dáta deiridh an ordaithe braite;
 - (g) ráiteas leor- mhionsonraithe de na cúiseanna lena mínítear an fáth go n- eisítear an t- ordú braite;
 - (h) tagairt don Rialachán seo mar bhunús dlí an ordaithe braite;
 - (i) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón údarás breithiúnach nó riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú braite;
 - (j) faisnéis shothuigthe maidir leis an sásamh atá ar fáil do sheolaí an ordaithe braite, lena n- áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir le sásamh den sórt sin.
2. Seolfaidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú braite é chuig príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dlíthiúil atá ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 24.

Tarchuirfear an t- ordú braite chuig pointe teagmhála an tsoláthraí dá dtagraítear in Airteagal 23(1), chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Dréachtófar an t- ordú braite sa teanga a dhearbhaíonn an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).

3. Mura féidir leis an soláthraí an t- ordú braite a chur i gcrích toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh an soláthraí, gan moill mhíchúí, an soiléiriú is gá ar Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II á úsáid.
4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní I agus II a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Airteagal 9

Sásamh, faisnéis, tuairisciú agus modhnú na n- orduithe braite

1. Soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a bhfuil ordú braite faighte acu, agus úsáideoirí a ndearna difear dóibh leis na bearta a rinneadh lena fhorghníomhú, beidh sé de cheart acu sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh ar an ordú braite os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t- ordú braite.
2. Nuair a éireoidh an t- ordú braite críochnaitheach, tarchuirfidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t- ordú braite, gan moill mhíchúí, cóip de sin chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta. Tarchuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ansin, gan moill mhíchúí, cóip de sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Chun críche na chéad fhomhíre, éireoidh ordú braite críochnaitheach ar dhul in éag na tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcás nach bhfuil aon achomharc curtha faoi bhráid i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó ar dheimhniú an ordaithe braite tar éis achomharc a dhéanamh.

3. I gcás inar faide í tréimhse cur i bhfeidhm an ordaithe braite ná 12 mhí, nó 6 mhí i gcás ordú braite i ndáil le sirtheoireacht ar leanaí, cuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta de cheangal ar an soláthraí tuairisciú chuige maidir le forghníomhú an ordaithe braite uair amháin ar a laghad, leath bealaigh le linn na tréimhse cur i bhfeidhm.

Áireofar leis na tuarascálacha sin tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a rinneadh chun an t- ordú braite a fhorghníomhú, lena n- áirítear na coimircí a soláthraíodh, agus faisnéis maidir le feidhmiú iarbhir na mbeart sin, go háirithe maidir lena n- éifeachtacht chun scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht ar leanaí a bhrath, de réir mar is infheidhme, agus maidir le hiarmhairtí na mbeart sin ar na cearta agus leasanna dlisteanacha le gach páirtí a ndéantar difear dóibh.

4. Maidir leis na horduithe braite a eisíodh arna n- iarraidh sin don údarás breithiúnach inniúil nó don údarás riaracháin neamhspleách, measfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, i gcás inar gá agus in aon chás tar éis na dtuarascálacha a fháil dá

dtagraítear i mír 3, cibé acu ar tharla nó nár tharla aon athrú substaintiúil ar na forais chun na horduithe braite a eisiúint agus, go háirithe, cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 7(4) go fóill. Ina leith sin, cuirfidh sé san áireamh bearta maolaithe breise a fhéadfaidh an soláthraí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a shainaithnítear tráth eisiúna an ordaithe braite.

Iarrfaidh an tÚdarás Comhordúcháin sin ar an údarás breithiúnach inniúil nó ar an údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t- ordú braite go ndéanfar an t- ordú sin a mhodhnú nó a aisghairm, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe sin. Beidh feidhm ag forálacha na Roinne seo ar iarrataí den sórt sin, *mutatis mutandis*.

Airteagal 10

Teicneolaíochtaí agus coimircí

1. Soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a fuair ordú braite, déanfaidh siad é a fhorghníomhú trí theicneolaíochtaí a shuiteáil agus a oibriú chun scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí, nó sirtheoireacht ar leanaí a bhrath, de réir mar is infheidhme, trí úsáid a bhaint as na táscairí comhfhreagracha arna soláthar ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 46.
2. Beidh an soláthraí i dteideal teicneolaíochtaí a éadáil, a shuiteáil agus a oibriú, saor in aisce, a chuireann Lárionad an Aontais ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 50(1), d'aon toisc chun an t- ordú braite a fhorghníomhú. Ní bheidh sé de cheangal ar an soláthraí aon teicneolaíocht shonrach a úsáid, lena n- áirítear na teicneolaíochtaí sin a chuireann Lárionad an Aontais ar fáil, chomh fada agus a chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo. Ní dhéanfaidh úsáid na dteicneolaíochtaí a chuireann Lárionad an Aontais ar fáil difear do fhreagracht an tsoláthraí na ceanglais sin a chomhlíonadh agus d'aon chinnidh a fhéadfaidh sé a dhéanamh i ndáil le húsáid na dteicneolaíochtaí nó mar thoradh a n- úsáide.
3. I gcás na dteicneolaíochtaí sin:
 - (a) beidh siad éifeachtach ó thaobh scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht ar leanaí a bhrath, de réir mar is infheidhme;
 - (b) ní bheifear in ann leo aon fhaisnéis eile a bhaint ón gcumarsáid ábhartha seachas an fhaisnéis a bhfuil fíorghá léi, ag úsáid na dtáscairí dá dtagraítear i mír 1, chun patrúin a bhrath lena dtugtar le fios scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht ar leanaí, de réir mar is infheidhme;
 - (c) beidh siad i gcomhréir leis an úrscothacht sa tionscal agus is lú cunóirí iad ó thaobh an tionchair ar chearta úsáideoirí ar shaol príobháideach agus saol teaghlaigh, lena n- áirítear rúndacht cumarsáide, agus ar chosaint sonraí pearsanta;
 - (d) beidh siad iontaofa a ndóthain, sa mhéid go gcuireann siad srian a mhéad agus is féidir ar an ráta earráidí maidir leis an mbrath.
4. Déanfaidh an soláthraí an méid a leanas:
 - (a) gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n- úsáidtear na teicneolaíochtaí agus táscairí, agus próiseáil na sonraí pearsanta agus sonraí eile i ndáil leis sin, chun scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí nó

sirtheoireacht ar leanaí a bhrath agus chun na críche sin amháin, de réir mar is infheidhme, a mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na horduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú;

- (b) nósanna imeachta éifeachtacha a chur ar bun chun aon mhí- úsáid de na teicneolaíochtaí, táscairí agus sonraí pearsanta agus sonraí eile dá dtagraítear i bpointe (a) a chosc agus, i gcás inar gá, a bhrath agus a leigheas, lena n- áirítear rochtain neamhúdaraith ar, agus aistrithe neamhúdaraith de shonraí pearsanta den sórt sin agus de shonraí eile;
- (c) formhaoirseacht dhaonna thráthrialta a áirithiú de réir mar is gá chun a áirithiú go n- oibríonn na teicneolaíochtaí ar bhealach atá iontaofa a dhóthain, agus i gcás inar gá, go háirithe nuair a bhraitear earráidí féideartha agus sirtheoireacht fhéideartha ar leanaí, an idirghabháil dhaonna a áirithiú;
- (d) sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so- úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin a chur faoina bhráid, laistigh de thréimhse réasúnach, gearáin maidir le sáruithe líomhnaithe dá oibleagáidí faoin Roinn seo, agus aon chinneadh a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh i ndáil le húsáid na dteicneolaíochtaí, lena n- áirítear baint nó díchumasú na rochtana ar ábhar a sholáthraíonn úsáideoirí, bac a chur ar chuntais úsáideoirí nó soláthar na seirbhísí do na húsáideoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, agus gearáin den sórt sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil;
- (e) an tÚdarás Comhordúcháin a chur ar an eolas, 1 mhí amháin ar a laghad roimh an dáta tosaithe a shonraítear san ordú braite, maidir le cur chun feidhme na mbeart beartaithe a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(3);
- (f) feidhmiú na mbeart dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (d) den mhír seo a athbhreithniú go tráthrialta, agus iad a choigeartú i gcás inar gá chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach ansin, agus an próiseas athbhreithnithe agus na torthaí air a dhoiciméadú, agus an fhaisnéis sin a áireamh leis an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 9(3).

5. Cuirfidh an soláthraí úsáideoirí ar an eolas ar bhealach soiléir, feiceálach agus intuigthe i leith an mhéid a leanas:

- (a) go n- oibríonn sé teicneolaíochtaí lena mbraitear mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne chun an t- ordú braite a fhorghníomhú, na bealaí ina n- oibríonn sé na teicneolaíochtaí sin agus an tionchar ar rúndacht chumarsáid na n- úsáideoirí;
- (b) nach foláir dó mí- úsáid ghnéasach fhéideartha leanaí ar líne a thuairisciú chuig Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (c) ceart na n- úsáideoirí chun sásamh breithiúnach dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus a gcearta chun gearáin a chur faoi bhráid an tsoláthraí tríd an sásra dá dtagraítear i mír 4, pointe (d) agus faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.

Ní sholáthróidh an soláthraí faisnéis d'úsáideoirí lena bhféadfaí laghdú a chur ar éifeachtacht na mbeart chun an t- ordú braite a fhorghníomhú.

6. Nuair a bhraitheann soláthraí mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha trí na bearta a dhéantar chun an t- ordú braite a fhorghníomhú, cuirfidh sé na húsáideoirí lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchui, i ndiaidh do Europol nó don údarás um fhorfheidhmiú an dlí le Ballstát a fuair an tuarascáil de bhun Airteagal 48 a

dheimhniú nach gcuirfeadh an fhaisnéis d'úsáideoirí isteach ar chionta mí- úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Airteagal 11

Treoirlínte maidir le hoibleagáidí braite

Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúcháin poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7 go 10, agus aird iomchuí á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus ar na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n- úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Roinn 3

Oibleagáidí tuairiscithe

Airteagal 12

Oibleagáidí tuairiscithe

1. I gcás ina n- éiríonn soláthraí seirbhísí óstála nó soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta feasach ar aon bhealach, seachas trí ordú baint anuas a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, faoi aon fhaisnéis lena gcuirtear in iúl mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar a sheirbhísí, cuirfidh sé tuarascáil faoi sin go pras faoi bhráid Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 13. Déanfaidh sé amhlaidh tríd an gcóras a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2).
2. I gcás ina gcuireann an soláthraí tuarascáil isteach de bhun mhír 1, cuirfidh sé an t- úsáideoir lena mbaineann, ar an eolas, ag soláthar faisnéise maidir le príomhinneachar na tuarascála, faoin mbealach inar éirigh an soláthraí feasach faoin mí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha lena mbaineann, faoin mbeart leantach a thugtar don tuarascáil a mhéid atá faisnéis den sórt sin ar fáil don soláthraí agus faoi fhéidearthachtaí sásaimh an úsáideora, lena n- áirítear maidir leis an gceart chun gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.

Cuirfidh an soláthraí an t- úsáideoir lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchuí, i ndiaidh dó teachtaireacht a fháil ó Lárionad an Aontais ina gcuirtear in iúl go measann sé an tuarascáil a bheith go soiléir gan bhunús dá dtagraítear in Airteagal 48(2), nó i ndiaidh dhul in éag na tréimhse ama 3 mhí ó dháta na tuarascála gan teachtaireacht a fháil ó Lárionad an Aontais a chuireann in iúl nach soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 48(6), pointe (a), cé acu a tharlaíonn ar dtús.

I gcás laistigh den tréimhse ama 3 mhí dá dtagraítear sa dara fomhír go bhfaigheann an soláthraí teachtaireacht den sórt sin ó Lárionad an Aontais ina gcuirtear in iúl nach gcuirfeadh an fhaisnéis ar fáil, cuirfidh sé an t- úsáideoir lena mbaineann ar an eolas, gan moill mhíchuí, i ndiaidh dhul in éag na tréimhse ama a leagtar amach sa teachtaireacht sin.
3. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so- úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gcuirtear ar chumas d'úsáideoirí nóta a dhéanamh don soláthraí maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar an tseirbhís.

Airteagal 13

Ceanglais shonracha maidir le tuairisciú

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 12 faoi bhráid leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Beidh na nithe a leanas sa tuarascáil:
 - (a) sonraí aitheantais an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí aitheantais a ionadaí dhlíthiúil;
 - (b) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón soláthraí;
 - (c) gach sonra inneachair, lena n- áirítear íomhánna, fiseáin agus téacs;
 - (d) gach faisnéis infhaighte seachas na sonraí inneachair a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha;
 - (e) cé acu a bhaineann an mhí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne le scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí nó a bhaineann sé le sirtheoireacht ar leanaí;
 - (f) faisnéis a bhaineann leis an suíomh geografach a bhaineann leis an mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha, amhail seoladh an Phrótaicail Idirlín;
 - (g) faisnéis a bhaineann le haitheantas aon úsáideora a bhfuil baint aige le mí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne;
 - (h) cé acu ar thuairiscigh an soláthraí freisin, nó a thuairisceoidh an soláthraí freisin, an mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha chuig údarás poiblí nó eintiteas eile atá inniúil chun tuairiscí den sórt sin a fháil ó thríú tír, agus más amhlaidh, cén t- údarás nó eintiteas a dtuairisceoidh sé chuige;
 - (i) i gcás ina mbaineann an mhí- úsáid ghnéasach fhéideartha leanaí ar líne le scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí, an ndearna an soláthraí an rochtain ar an ábhar a bhaint anuas nó a dhíchumasú;
 - (j) cé acu a mheasann an soláthraí go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach i bhfianaise na tuarascála nó nach bhfuil gá léi;
 - (k) tagairt don Rialachán seo mar bhunús dlí leis an tuairisciú.
2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinn III a leasú chun feabhas a chur ar na teimpléid i gcás inar gá sin i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Roinn 4

Oibleagáidí baint anuas

Airteagal 14

Orduithe baint anuas

1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó ar údarás riaracháin neamhspleách eile den Bhallstát sin ordú baint anuas a eisiúint lena gcuirtear de cheangal ar sholáthraí seirbhísí óstála faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin sin chun rochtain i ngach Ballstát a bhaint nó a dhíchumasú ar ítim sonrach amháin nó níos mó ná sin d'ábhar a shainaithin an tÚdarás

Comhordúcháin nó na cúirteanna nó na húdaráis riaracháin neamhspleácha, tar éis measúnú dícheall a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 36(1) a shainaithnítear a bheith ina ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí.

2. Forghníomhóidh an soláthraí an t- ordú baint anuas a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis an t- ordú braite sin a fháil.
3. Eiseoidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách ordú baint anuas leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Beidh na nithe a leanas san áireamh in orduithe baint anuas:
 - (a) sonraí aitheantais an údaráis bhreithiúnaigh nó riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú baint anuas agus fíordheimhniú an ordaithe bainte ag an údarás sin;
 - (b) ainm an tsoláthraí agus, i gcás inar gá, ainm a ionadaí dhlíthiúil;
 - (c) an tseirbhís shonrach a eisítear an t- ordú baint anuas ina leith;
 - (d) ráiteas mionsonraithe a dhóthain de na cúiseanna lena mínítear an fáth go n- eisítear an t- ordú baint anuas agus go háirithe an fáth gur ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí atá ann;
 - (e) aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne beacht agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise lena bhféadfar an t- ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a shainaithint;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis maidir le neamhnochtadh le linn tréimhse ama shonraithe, i gcomhréir le hAirteagal 15(4), pointe (c);
 - (g) tagairt don Rialachán seo mar bhunús dlí an ordaithe baint anuas;
 - (h) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú an údaráis bhreithiúnaigh nó riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú baint anuas;
 - (i) faisnéis shothuigthe maidir leis an sásamh atá ar fáil do sheolaí an ordaithe baint anuas, lena n- áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir le sásamh den sórt sin.
4. An t- údarás breithiúnach nó an t- údarás riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú baint anuas, déanfaidh sé an t-ordú sin a dhíriú ar phríomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dlíthiúil a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24.

Tarchuirfidh sé an t- ordú baint anuas chuig an bpointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 23(1) trí mhodh leictreonach lenar féidir taifead i scríbhinn a léiriú i ndálaí lena gcumasaítear fíordheimhniú an tseoltóra a shuí, lena n- áirítear cruinneas dháta agus am seolta agus faighte an ordaithe, chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Dréachtóidh sé an t- ordú baint anuas sa teanga a dhearbhaíonn an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).
5. Mura féidir leis an soláthraí an t- ordú baint anuas a fhorghníomhú ar fhorais force majeure nó na dodhéantachta de facto nach bhfuil inchurtha ina leith, lena n- áirítear ar chúiseanna teicniúla nó oibríochtúla atá inchosanta ar bhealach oibiachtúil, cuirfidh sé Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ar an eolas, gan moill mhíchúil, faoi na forais sin, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V a úsáid.

Tosóidh an tréimhse ama a leagtar amach i mír 1 ag rith a luaithe agus a scoirfear na cúiseanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír de bheith ann.

6. Mura féidir leis an soláthraí an t- ordú baint anuas a fhorghníomhú toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh sé, gan moill mhíchúí, an soiléiriú is gá ar Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V á úsáid.

Tosóidh an tréimhse ama a leagtar amach i mír 1 ag rith a luaithe agus a bheidh an soiléiriú is gá faighte ag an soláthraí.

7. Cuirfidh an soláthraí Údarás Comhordúcháin na bunaíochta agus Lárionad an Aontais ar an eolas, gan moill mhíchúí agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VI á úsáid, faoi na bearta a dhéantar chun an t- ordú baint anuas a fhorghníomhú, ag cur in iúl go háirithe, cé acu a bhain an soláthraí an t- ábhar mí- úsaíde gnéasaí leanaí nó a dhíchumasaigh sé an rochtain air sin i ngach Ballstát, agus an dáta agus an t- am leis.
8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní IV, V agus VI a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Airteagal 15

Sásamh agus soláthar faisnéise

1. Soláthraithe seirbhísí óstála a bhfuil ordú baint anuas faighte acu a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 14, agus na húsáideoirí a sholáthair an t- ábhar, beidh sé de cheart acu sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh ar ordú baint anuas den sórt sin os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t- ordú baint anuas.
2. Nuair a éireoidh an t- ordú baint anuas críochnaitheach, tarchuirfidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t- ordú baint anuas, gan moill mhíchúí, cóip de sin chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta. Tarchuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ansin, gan moill mhíchúí, cóip de sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Beidh ordú baint anuas críochnaitheach ar dhul in éag na tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcás nár cuireadh achomharc isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó nuair a dheimhnítear an t- ordú baint anuas i ndiaidh achomharc a dhéanamh.
3. I gcás ina mbaineann nó ina ndíchumasaíonn soláthraí an rochtain ar ábhar mí- úsaíde gnéasaí leanaí de bhun ordú baint anuas a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 14, cuirfidh sé an t- úsáideoir ar an eolas a sholáthair an t- ábhar, gan moill mhíchúí, faoin méid a leanas:
 - (a) gur bhain sé an t- ábhar nó gur dhíchumasaigh sé an rochtain air;
 - (b) na cúiseanna leis an mbaint nó leis an díchumasú, agus cóip den ordú baint anuas á soláthar arna iarraidh sin don úsáideoir;

- (c) cearta na n- úsáideoirí ar shásamh breithiúnach dá dtagraítear i mír 1 agus chun gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34.
4. Féadfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a iarraidh, nuair a iarrann sé ar an údarás breithiúnach nó ar an údarás riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú baint anuas, agus i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis na húdaráis phoiblí ábhartha, nach nochtfaidh an soláthraí aon fhaisnéis maidir le baint nó díchumasú na rochtana ar an ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí, i gcás inar gá, agus a mhéid is gá chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

I gcás den sórt sin:

- (a) is é an t- údarás breithiúnach nó an t- údarás riaracháin neamhspleách a eisíonn an t- ordú baint anuas a shocróidh an tréimhse ama nach faide ná mar is gá agus nach faide ná 6 seachtaine, nach nochtfaidh an soláthraí an fhaisnéis sin lena linn;
- (b) ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 3 le linn na tréimhse ama sin;
- (c) cuirfidh an t- údarás breithiúnach sin nó an t- údarás riaracháin neamhspleách sin an soláthraí ar an eolas faoina chinneadh, ina sonraítear an tréimhse ama is infheidhme.

Féadfaidh an t- údarás breithiúnach sin nó an t- údarás riaracháin neamhspleách sin cinneadh a dhéanamh síneadh a chur leis an tréimhse ama dá dtagraítear sa dara fómhír, pointe (a), trí thréimhse bhreise 6 seachtaine ar a mhéad a chur léi, i gcás inar gá agus a mhéad a bhfuil gá leis an neamhnóchtadh go fóill. Sa chás sin, cuirfidh an t- údarás breithiúnach sin nó an t- údarás riaracháin neamhspleách sin an soláthraí ar an eolas faoina chinneadh, ina sonraítear an tréimhse ama is infheidhme. Beidh feidhm ag Airteagal 14(3) maidir leis an gcinneadh sin.

Roinn 5

Oibleagáidí maidir le blocáil

Airteagal 16

Orduithe blocála

1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit sin ordú blocála a eisiúint lena gceanglófar ar sholáthraí seirbhísí rochtana idirlín faoi dhlínse an Bhallstáit sin bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí a chosc rochtain a fháil ar ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl le gach aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne ar an liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a áirítear sa bhunachar táscairí, i gcomhréir le hAirteagal 44(2), pointe (b) agus arna soláthar ag Lárionad an Aontais.
2. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, sula n- iarrann sé ordú blocála a eisiúint, na himscrúduithe agus gach measúnú is gá a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha mhír 4.

Chun na críche sin, déanfaidh sé, i gcás inarb iomchuí:

- (a) a fhíorú, maidir le gach aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne nó sampla ionadaíoch díobh ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 36(1), pointe (b), lena n-áirítear trí sheiceálacha a dhéanamh chun a fhíorú i gcomhar le Lárionad an Aontais go bhfuil an liosta iomlán, cruinn agus cothrom le dáta;
 - (b) a cheangal ar an soláthraí an fhaisnéis is gá a chur isteach, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin sin, go háirithe maidir le rochtain a fháil nó iarracht chun rochtain a fháil ag úsáideoirí ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl leis na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne, maidir le beartas an tsoláthraí aghaidh a thabhairt ar riosca scaipthe an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus maidir le hacmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí agus maidir lena mhéid;
 - (c) a iarraidh ar Lárionad an Aontais an fhaisnéis is gá a sholáthar, go háirithe mínithe agus dearbhuithe maidir le cruinneas na n-aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chur in iúl, maidir le cainníocht agus cineál an ábhair sin agus maidir le fíorúcháin ag Lárionad an Aontais agus leis na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 36(2) agus Airteagal 46(7), faoi seach;
 - (d) a iarraidh ar aon údarás poiblí eile nó ar shaineolaithe nó eintitis ábhartha chun an fhaisnéis is gá a sholáthar.
3. Cuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, sula n-iarrfaidh sé an t-ordú blocála a eisiúint, an soláthraí ar an eolas faoina rún chun eisiúint an ordaithe blocála a iarraidh, ina sonraítear príomhghnéithe inneachar an ordaithe blocála atá beartaithe agus na cúiseanna leis an t-ordú blocála a iarraidh. Tabharfaidh sé deis don soláthraí trácht a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin sin.
4. Iarrfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta eisiúint an ordaithe blocála, agus eiseoidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách an t-ordú blocála, i gcás ina measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:
- (a) tá fianaise ann gur úsáideadh an tseirbhís le linn na 12 mhí dhéag seo caite, a mhéid atá suntasach, chun rochtain a fháil nó chun iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl leis na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne;
 - (b) tá gá leis an ordú blocála chun scaipeadh an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar úsáideoirí san Aontas a chosc, ag féachaint go háirithe do chainníocht agus do chineál an ábhair sin, don ghá atá le cearta na n-íospartach a chosaint agus do bheartas a bheith ann agus a bheith curtha chun feidhme ag an soláthraí chun aghaidh a thabhairt ar riosca scaipeadh den sórt sin;
 - (c) cuirtear in iúl leis na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne, ar bhealach atá iontaofa a dhóthain, gurb ann d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí;
 - (d) is treise iad na fáthanna leis an ordú blocála a eisiúint ná na hiarmhairtí diúltacha ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí dá ndéantar difear, ag féachaint go háirithe don ghá le cothromaíocht chóir a áirithiú idir cearta bunúsacha na bpáirtithe sin, lena n-áirítear feidhmiú shaoirse cainte agus faisnéise na n-úsáideoirí agus saoirse an tsoláthraí chun gnó a dhéanamh.

Nuair a dhéantar measúnú ar cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha na chéad fhomhíre, cuirfear san áireamh fíorais agus imthosca ábhartha uile an cháis ar láimh, lena n-áirítear aon fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 2 agus tuairimí an tsoláthraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 3.

5. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta nuair a eisíonn sé orduithe blocála, agus déanfaidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách nuair a eisíonn siad an t-ordú blocála:
 - (a) teorainneacha agus coimircí éifeachtacha agus comhréireacha a shonrú a bhfuil gá leo chun a áirithiú go bhfanfaidh aon iarmhairt dhiúltach dá dtagraítear i mír 4, pointe (d), teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis;
 - (b) faoi réir mhír 6, áiritheoidh sé go bhfanfaidh an tréimhse cur i bhfeidhm teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis.
6. Sonróidh an tÚdarás Comhordúcháin san ordú blocála an tréimhse a mbeidh feidhm leis lena linn, agus cuirfear an dáta tosaigh agus an dáta deiridh in iúl ann.

Ní mhairfidh tréimhse chur i bhfeidhm na n-orduithe blocála níos faide ná 5 bliana.
7. Maidir leis na horduithe blocála a d'eisigh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách arna n-iarraidh sin dó, measfaidh an tÚdarás Comhordúcháin, i gcás inar gá agus uair amháin gach bliain ar a laghad, cibé acu a tharla nó nár tharla aon athrú substaintiúil ar na forais chun na horduithe blocála a eisiúint agus, go háirithe, cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar coinníollacha mhír 4 go fóill.

Iarrfaidh an tÚdarás Comhordúcháin sin ar an údarás breithiúnach inniúil nó ar an údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú blocála an t-ordú sin a mhodhnú nó a chúlghairm, i gcás inar gá i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe sin nó chun iarrataí a bhfuil údar cuí leo nó na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 18(5) agus (6) a chur san áireamh, faoi seach. Beidh feidhm ag forálacha na Roinne seo ar iarrataí den sórt sin, *mutatis mutandis*.

Airteagal 17

Rialacha breise maidir le horduithe blocála

1. Eiseoidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta na horduithe blocála dá dtagraítear in Airteagal 16 agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VII á úsáid. Áireofar na nithe a leanas leis na horduithe blocála:
 - (a) an tagairt don liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne, arna sholáthar ag Lárionad an Aontais, agus na coimircí dá bhforáiltear, lena n-áirítear na teorainneacha agus na coimircí a shonraítear de bhun Airteagal 16(5) agus, i gcás inarb infheidhme, na ceanglais tuairiscithe a shocraítear de bhun Airteagal 18(6);
 - (b) mionsonraí aitheantais an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a eisíonn an t-ordú blocála agus fíordheimhniú an ordaithe blocála ag an údarás sin;
 - (c) ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil;
 - (d) an tseirbhís shonrach a n-eisítear an t-ordú braite ina leith;
 - (e) dáta tosaigh agus dáta deiridh an ordaithe blocála;

- (f) ráiteas mionsonraithe a dhóthain de na cúiseanna lena mínítear an fáth go n- eisítear an t- ordú blocála;
 - (g) tagairt don Rialachán seo mar an bunús dlí leis an ordú blocála;
 - (h) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón údarás breithiúnach nó ón údarás riaracháin neamhspleách a bhfuil an t- ordú blocála á eisiúint aige;
 - (i) faisnéis shothuigthe maidir leis an sásamh atá ar fáil do sheolaí an ordaithe blocála, lena n- áirítear faisnéis faoi shásamh os comhair cúirte agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir le sásamh den sórt sin.
2. Seolfaidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách a eisiúint an t- ordú blocála é chuig príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dlíthiúil a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24.
 3. Tarchuirfear an t- ordú blocála chuig pointe teagmhála an tsoláthraí dá dtagraítear in Airteagal 23(1), chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2).
 4. Dréachtófar an t- ordú blocála sa teanga a dhearbhaíonn an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).
 5. Mura féidir leis an soláthraí an t- ordú blocála a fhorghníomhú toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh an soláthraí, gan moill mhíchúí, an soiléiriú is gá ar Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII á úsáid.
 6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní VII agus VIII a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá baint amach.

Airteagal 18

Sásamh, faisnéis agus tuairisciú na n- orduithe blocála

1. Soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín a bhfuil ordú blocála faighte acu, agus na húsáideoirí a sholáthair nó ar cuireadh cosc orthu rochtain a fháil ar mhír ábhair sonrach a chuirtear in iúl leis na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne i bhforghníomhú orduithe den sórt sin, beidh sé de cheart acu sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh ar an ordú blocála os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t- ordú blocála.
2. Nuair a éireoidh an t- ordú blocála críochnaitheach, tarchuirfidh an t- údarás breithiúnach inniúil nó an t- údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t- ordú blocála, gan moill mhíchúí, cóip de sin chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta. Tarchuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ansin, gan moill mhíchúí, cóip de sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Chun críche na chéad fhomhíre, éireoidh ordú blocála críochnaitheach ar dhul in éag na tréimhse achomhairc chun achomharc a dhéanamh i gcás nár cuireadh aon achomharc isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó ar dheimhniú an ordaithe baint anuas i ndiaidh achomharc a dhéanamh.

3. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so- úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gceadaítear d'úsáideoirí gearáin a chur faoina bhráid, laistigh de thréimhse ama réasúnta, faoi sháruithe líomhnaithe ar a oibleagáidí faoin Roinn seo. Déanfaidh sé gearáin den sórt sin a phróiseáil ar bhealach oibiachtúil, éifeachtach agus tráthúil.
4. I gcás ina gcuireann soláthraí cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne de bhun ordú blocála a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 17, déanfaidh sé bearta réasúnta chun na húsáideoirí a chur ar an eolas faoin méid a leanas:
 - (a) go ndéanann sé amhlaidh de bhun ordú blocála;
 - (b) na cúiseanna le déanamh amhlaidh, agus cóip den ordú blocála a sholáthar arna hiarraidh sin dóibh;
 - (c) ceart na n- úsáideoirí ar shásamh breithiúnach dá dtagraítear i mír 1, a gceart chun gearáin a chur faoi bhráid an tsoláthraí trí mheán an tsásra dá dtagraítear i mír 3 agus an Údarás Comhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 34, agus a gceart chun na hiarrataí dá dtagraítear i mír 5 a chur isteach.
5. Beidh an soláthraí agus na húsáideoirí dá dtagraítear i mír 1 i dteideal iarraidh ar an Údarás Comhordúcháin a d'iarr an t- ordú blocála a eisiúint measúnú a dhéanamh ar cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar ítim ábhair sonrach a chuirtear in iúl le haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne de bhun an ordaithe blocála. Beidh an soláthraí i dteideal freisin modhnú nó cúlghairm an ordaithe blocála a iarraidh, i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis mar gheall ar athruithe substaintiúla ar na forais chun orduithe blocála a eisiúint a tharla tar éis a n- eisiúna, go háirithe athruithe substaintiúla lena gcuirtear cosc ar an soláthraí bearta réasúnta is gá a dhéanamh chun an t- ordú blocála a fhorghníomhú,

Déanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin, gan moill mhíchuí, measúnú dícheallach ar iarrataí den sórt sin agus cuirfidh sé an soláthraí nó an t- úsáideoir a chuireann an iarraidh isteach ar an eolas faoin toradh air sin. I gcás ina measann sé bonn cirt a bheith leis an iarraidh, iarrfaidh sé modhnú nó cúlghairm an ordaithe blocála i gcomhréir le hAirteagal 16(7) agus cuirfidh sé Lárionad an Aontais ar an eolas.
6. I gcás ina sáraíonn tréimhse cur i bhfeidhm an ordaithe blocála 24 mhí, cuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunáochta de cheangal ar an soláthraí tuairisciú dó maidir le bearta a rinneadh chun an t- ordú blocála a fhorghníomhú, lena n- áirítear na coimircí dá bhforáiltear, uair amháin ar a laghad, leath bealaigh tríd an tréimhse cur i bhfeidhm.

Roinn 6

Forálacha breise

Airteagal 19

Dliteanas soláthraithe

Ní bheidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhliteanas maidir le cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí toisc go ndéanann siad, de mheon macánta, na gníomhaíochtaí is gá chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, agus ar an gcúis sin amháin, go háirithe gníomhaíochtaí atá dírithe ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a shainaithint, a bhaint, rochtain uirthi a dhíchumasú, a bhlocáil nó a thuairisciú i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Airteagal 20

Ceart na n- íospartach chun faisnéise

1. Beidh sé de cheart ag daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas faisnéis a fháil, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát a bhfuil cónaí orthu, maidir le haon ásc ina dtuairiscítear scaipeadh ábhair aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas faisnéis den sórt sin a iarraidh agus a fháil ar bhealach a bheidh inrochtana dóibh.

Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don duine a dhéanann an iarraidh.
2. Tabharfar le fios san iarraidh dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) an mhír nó na míreanna ábhartha d'ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí;
 - (b) i gcás inarb infheidhme, an duine aonair nó an t-eintiteas a gheobhaidh an fhaisnéis thar ceann an duine a dhéanann an iarraidh;
 - (c) dóthain gnéithe le haitheantas an duine a dhéanann an iarraidh a léiriú.
3. Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) sainaitheantas an tsoláthraí a chuir an tuarascáil isteach;
 - (b) dáta na tuarascála;
 - (c) cé acu a sheol nó nár sheol Lárionad an Aontais an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3) agus, má sheol, cé na húdaráis ar seoladh chucu í;
 - (d) cé acu a thuairiscigh nó nár thuairiscigh an soláthraí gur bhain sé nó gur dhíchumasaigh sé an rochtain ar an ábhar, i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (i).

Airteagal 21

Ceart na n- íospartach chun cúnamh agus tacaíocht a fháil maidir le baint anuas

1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí óstála cúnamh réasúnta, arna iarraidh sin, do dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas a fhéachann le mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint, nó a fhéachann le rochtain air sin a dhíchumasú ag an soláthraí.
2. Beidh sé de cheart ag daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas tacaíocht a fháil ó Lárionad an Aontais, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an duine, nuair a fhéachann siad le rochtain ar mhír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint nó a dhíchumasú ag soláthraí seirbhísí óstála. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas aon fhaisnéis a iarraidh agus a fháil i ndáil le tacaíocht den sórt sin ar bhealach a bheidh inrochtana dóibhsean.

Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don duine a dhéanann an iarraidh.
3. Tabharfar le fios sna hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 an mhír nó na míreanna ábhartha d'ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí.

4. Áireofar an méid a leanas le tacaíocht Lárionad an Aontais dá dtagraítear i mír 2, de réir mar is infheidhme:
- (a) tacaíocht i ndáil le cúnamh a iarraidh ar an soláthraí dá dtagraítear i mír 1;
 - (b) a fhíorú cé acu a bhain nó a dhíchumasaigh an soláthraí rochtain ar an mír sin nó ar na míreanna sin, lena n-áirítear trí na cuardaigh a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 49(1);
 - (c) an mhír nó na míreanna d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a fhógairt ina léirítear an duine don soláthraí agus ina n-iarrtar baint nó díchumasú na rochtana, i gcomhréir le hAirteagal 49(2);
 - (d) i gcás inar gá, Údarás Comhordúcháin na bunaíochta a chur ar an eolas faoi láithreach na míre sin nó na míreanna sin sa tseirbhís, d'fhonn ordú baint anuas a eisiúint de bhun Airteagal 14.

Airteagal 22

Faisnéis a chaomhnú

1. Ní chaomhnóidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta na sonraí inneachair agus sonraí eile arna bpróiseáil i ndáil leis na bearta a rinneadh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta a gineadh trí phróiseáil den sórt sin, ach amháin le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leanas, de réir mar is infheidhme:
- (a) forghníomhú ordaithe braite arna eisiúint de bhun Airteagal 7, nó ordaithe baint anuas arna eisiúint de bhun Airteagal 14;
 - (b) mí-úsáid ghnéasach fhéideartha leanaí ar líne a thuairisciú chuig Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12;
 - (c) cuntas an úsáideora lena mbaineann a bhlocáil nó soláthar na seirbhíse don úsáideoir lena mbaineann a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh;
 - (d) gearáin úsáideoirí chuig an soláthraí nó chuig an Údarás Comhordúcháin a láimhseáil, nó feidhmiú cheart na n-úsáideoirí ar shásamh riaracháin nó breithiúnach, i ndáil le sáruithe líomhnaithe ar an Rialachán seo;
 - (e) freagairt d'iarrataí arna n-eisiúint ag údaráis inniúla forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, d'fhonn an fhaisnéis is gá a thabhairt dóibh chun cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, a mhéid a bhaineann na sonraí inneachair agus sonraí eile le tuarascáil a chuir an soláthraí faoi bhráid Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12.

A mhéid a bhaineann leis an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an soláthraí an fhaisnéis a chaomhnú freisin chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus cruinneas na dteicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath chun ordú braite a fhorghníomhú a eisíodh dó i gcomhréir le hAirteagal 7. Ní dhéanfaidh sé aon sonra pearsanta a stóráil chun na críche sin, áfach.

2. Ní chaomhnóidh soláthraithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 go ceann tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche is infheidhme, agus in aon chás, go ceann tréimhse níos faide ná 12 mhí ón dáta tuairiscithe nó ó bhaint nó díchumasú na rochtana, cé acu is túisce.

Déanfaidh siad, arna iarraidh sin don údarás nó don chúirt náisiúnta inniúil, an fhaisnéis a chaomhnú go ceann tréimhse shonraithe bhreise, aarna socrú ag an údarás nó ag an gcúirt sin agus a mhéid is gá le haghaidh imeachtaí leanúnacha um shásamh riaracháin nó breithiúnacha, dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).

Áiritheoidh soláthraithe go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chaomhnú ar bhealach slán agus go mbeidh an caomhnú faoi réir coimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí. Áiritheofar leis na coimircí sin, go háirithe, nach féidir rochtain a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus nach féidir í a phróiseáil ach chun na críche a gcaomhnaítear í, go mbainfear amach leibhéal ard slándála agus go scriosfar an fhaisnéis ar dhul in éag na dtréimhsí ama is infheidhme dá caomhnú. Déanfaidh soláthraithe athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus coigeartóidh siad iad i gcás inar gá.

Airteagal 23

Pointí teagmhála

1. Bunóidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe teagmhála aonair chun cumarsáid dhíreach a cheadú, trí mheán leictreonach, leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le húdaráis inniúla eile na mBallstát, leis an gCoimisiún agus Lárionad an Aontais, chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
2. Cuirfidh na soláthraithe in iúl do Lárionad an Aontais agus cuirfidh siad an fhaisnéis is gá ar fáil go poiblí chun a bpointí teagmhála aonair a shainaithint agus a chun cumarsáid a dhéanamh leo, lena n-áirítear a n-ainmneacha, seoltaí, seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin.
3. Sonróidh soláthraithe san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Aontais, is féidir a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh lena bpointí teagmhála.

Áireofar leis na teangacha sonraithe, teanga amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil bunaithe.

Airteagal 24

Ionadaí dlíthiúil

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise nach bhfuil príomhbhunaíocht acu san Aontas duine nádúrtha nó duine dlítheanach a ainmniú, i scríbhinn, mar a ionadaí dlíthiúil san Aontas.
2. Beidh cónaí ar an ionadaí dlíthiúil nó beidh sé bunaithe i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann soláthraí seirbhísí óstála a chuid seirbhísí.
3. Tabharfaidh an soláthraí údarás dá ionadaithe dlíthiúla ar a ndíreoidh na hÚdaráis Chomhordúcháin, údaráis inniúla eile na mBallstát agus an Coimisiún, i dteannta nó in ionad an tsoláthraí, i leith gach saincheiste is gá chun cinntí a fháil, chun iad a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú, ar cinntí iad a eisítear i ndáil leis an Rialachán seo, lena n-áirítear orduithe braite, orduithe baint anuas agus orduithe blocála.
4. Soláthróidh an soláthraí a ionadaí dlíthiúil leis na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chun comhoibriú leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le húdaráis inniúla eile na mBallstát agus leis an gCoimisiún agus chun na cinntí a chomhlíonadh dá dtagraítear i mír 3.

5. Is féidir an t- ionadaí dlíthiúil ainmnithe a chur faoi dhliteanas maidir le hoibleagáidí an tsoláthraí faoin Rialachán seo a neamhchomhlíonadh, gan dochar don dliteanas ná do na gníomhartha dlíthiúla a d'fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh an tsoláthraí.
6. Fógróidh an soláthraí ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a ionadaí dhlíthiúil atá ainmnithe de bhun mhír 1 don Údarás Comhordúcháin sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil sin nó ina bhfuil an t- ionadaí dlíthiúil sin bunaithe, agus do Lárionad an Aontais. Áiritheoidh siad go bhfuil an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus ar fáil go poiblí.
7. Ní hionann ainmniúchán ionadaí dlíthiúil laistigh den Aontas de bhun mhír 1 agus bunaíocht san Aontas.

CAIBIDIL III

MAOIRSEACHT, FORFHEIDHMIÚ AGUS COMHAR

Roinn 1

Údaráis Chomhordúcháin um shaincheisteanna i ndáil le mí- úsáid ghnéasach leanaí

Airteagal 25

Údaráis Chomhordúcháin um shaincheisteanna i ndáil le mí- úsáid ghnéasach leanaí agus údaráis inniúla eile

1. Déanfaidh na Ballstáit, faoin [Dáta - 2 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú le bheith freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ('údaráis inniúla').
2. Déanfaidh na Ballstáit, faoin dáta dá dtagraítear i mír 1, ceann amháin de na húdaráis inniúla a ainmniú ina nÚdarás Comhordúcháin um shaincheisteanna i ndáil le mí- úsáid ghnéasach leanaí ('Údarás Comhordúcháin').

Beidh an tÚdarás Comhordúcháin freagrach as gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus le forfheidhmiú an Rialacháin seo sa Bhallstát lena mbaineann, murar shann an Ballstát sin cúraimí nó earnálacha sonracha áirithe d'údaráis inniúla eile.

Beidh an tÚdarás Comhordúcháin freagrach in aon chás as comhordú na n- ábhar sin a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus as rannchuidiú le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach an Rialacháin seo ar fud an Aontais.
3. I gcás ina n- ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin sa bhreis ar an Údarás Comhordúcháin, áiritheoidh sé go bhfuil cúraimí na n- údarás agus an Údaráis Chomhordúcháin faoi seach sainmhínithe go soiléir agus go gcomhoibríonn siad go dlúth agus go héifeachtach agus a gcúraimí á bhfeidhmiú acu. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann ainm na n- údarás inniúil eile agus a gcúraimí faoi seach in iúl do Lárionad an Aontais agus don Choimisiún.
4. Laistigh de 1 seachtain amháin i ndiaidh ainmniú na nÚdarás Comhordúcháin agus aon údarás inniúil eile de bhun mhír 1, cuirfidh na Ballstáit ainm a nÚdaráis Chomhordúcháin ar fáil go poiblí, agus cuirfidh siad an t- ainm sin in iúl don Choimisiún agus do Lárionad an Aontais. Coinneoidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta.
5. Áiritheoidh gach Ballstát go n- ainmnítear nó go gcuirtear pointe teagmhála ar bun laistigh d'oifig an Údaráis Comhordúcháin chun iarrataí ar shoiléiriú, aiseolas agus cumarsáid eile a láimhseáil, i ndáil le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo sa Bhallstát sin. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir leis an bpointe teagmhála ar fáil go poiblí agus cuirfidh siad in iúl do Lárionad an Aontais í. Coinneoidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta.
6. Laistigh de 2 sheachtain i ndiaidh ainmniú na nÚdarás Comhordúcháin de bhun mhír 2, cuirfidh Lárionad an Aontais clár ar líne ar bun ina liostaítear na hÚdaráis Chomhordúcháin agus a bpointí teagmhála. Déanfaidh Lárionad an Aontais aon mhodhnú leis sin a fhoilsiú go tráthrialta.

7. Féadfaidh Údaráis Chomhordúcháin, i gcás inar gá chun a gcúraimí a chur i gcrích faoin Rialachán seo, cúnamh Lárionad an Aontais a iarraidh chun tabhairt faoi na cúraimí sin, go háirithe trí iarraidh ar Lárionad an Aontais:
 - (a) faisnéis áirithe nó saineolas teicniúil a sholáthar ar chúrsaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
 - (b) cúnamh a thabhairt maidir le measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 5(2), ar an measúnú riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh, nó ar na bearta maolaithe a rinne soláthraí seirbhísí óstála nó soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin;
 - (c) an gá féideartha a bheadh le hiarraidh ar údaráis náisiúnta inniúla ordú braite, ordú baint anuas nó ordú blocála a eisiúint i ndáil le seirbhís faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin sin, an gá sin a fhíorú ;
 - (d) fíorú a dhéanamh ar éifeachtacht ordaithe braite nó ordaithe baint anuas a eisíodh arna iarraidh sin don Údarás Comhordúcháin iarrthach.
8. Soláthróidh Lárionad an Aontais an cúnamh sin saor in aisce agus i gcomhréir lena chúraimí agus oibleagáidí faoin Rialachán seo agus a mhéid a cheadaítear lena acmhainní agus a thosaíochtaí.
9. Beidh feidhm ag na ceanglais is infheidhme maidir le hÚdaráis Chomhordúcháin a leagtar amach in Airteagail 26, 27, 28, 29 agus 30 freisin ar aon údarás inniúil a ainmníonn na Ballstáit de bhun mhír 1.

Airteagal 26

Ceanglais le haghaidh Údaráis Chomhordúcháin

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann na hÚdaráis Chomhordúcháin a d'ainmnigh siad a gcúraimí faoin Rialachán seo ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta, trédhearcach agus tráthúil, agus lánurraim á léiriú do chearta bunúsacha gach páirtí dá ndéantar difear. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leormhaithe ag a nÚdaráis Chomhordúcháin chun a gcúraimí a chur i gcrích.
2. Agus a gcúraimí á gcur i gcrích agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, gníomhóidh na hÚdaráis Chomhordúcháin ar bhealach a bheidh go hiomlán neamhspleách. Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit, go háirithe:
 - (a) go mbíonn siad neamhspleách ar bhonn dlíthiúil agus feidhmiúil ar aon údarás poiblí eile;
 - (b) go mbíonn siad i seilbh stádais lena gcumasaítear iad gníomhú go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus a gcúraimí á gcur i gcrích acu faoin Rialachán seo;
 - (c) go mbíonn siad saor ó aon tionchar seachtrach, bíodh sé ina thionchar díreach nó indíreach;
 - (d) nach n- iarraidh siad ná nach nglacfaidh siad le teoracha ó aon údarás poiblí eile nó aon pháirtí príobháideach;
 - (e) nach gcuirtear de chúram orthu an mhí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc ná a chomhrac, seachas a gcúraimí faoin Rialachán seo.

3. Ní chuirfidh cosc le mír 2 ar mhaoirseacht na nÚdarás Comhordúcháin i gcomhréir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta, a mhéid nach ndéantar difear dá neamhspleáchas leis an maoirseacht sin de réir mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo.
4. Áiritheoidh na hÚdaráis Chomhordúcháin go mbeidh na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna teicniúla is gá ag baill foirne ábhartha chun a ndualgais a fheidhmiú.
5. Beidh bainistíocht agus baill foirne eile na nÚdarás Comhordúcháin, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, faoi réir dhualgas na rúndachta gairmiúla le linn agus i ndiaidh a dtéarma oifige, maidir le haon fhaisnéis rúnda a gcuireann siad eolas uirthi i gcaitheamh fheidhmiú a gcúraimí. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an bhainistíocht agus baill foirne eile faoi réir rialacha lena ráthaítear gur féidir leo a gcúraimí a chur i gcrích ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta agus neamhspleách, go háirithe a mhéid a bhaineann lena gceapadh, lena ndífhostú, lena luach saothair agus lena n- ionchais ghairmiúla.

Roinn 2

Cumhachtaí na nÚdarás Comhordúcháin

Airteagal 27

Cumhachtaí imscrúdaitheacha

1. I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí a chur i gcrích, beidh na cumhachtaí imscrúdaithe a leanas ag na hÚdaráis Chomhordúcháin, maidir le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad:
 - (a) an chumhacht ceangal a chur ar na soláthraithe sin, agus ar aon duine eile a ghníomhaíonn chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas go réasúnta faoi fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta an Rialacháin seo, faisnéis den sórt sin a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama réasúnta;
 - (b) an chumhacht maidir le cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar aon áitreabh a úsáideann na soláthraithe sin nó na daoine eile dá dtagraítear i bpointe (a) a úsáidtear chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm, nó a iarraidh ar údaráis phoiblí eile é sin a dhéanamh, d'fhonn cóipeanna d'fhaisnéis maidir le sárú amhrasta ar an Rialachán seo in aon fhoirm, gan beann ar an meán stórála, a imscrúdú, a urghabháil, a thógáil nó a fháil;
 - (c) an chumhacht iarraidh ar aon bhall foirne nó ar ionadaí na soláthraithe sin nó na ndaoine eile dá dtagraítear i bpointe (a) mínithe a thabhairt maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta ar an Rialachán seo agus na freagraí a thaifeadadh;
 - (d) an chumhacht faisnéis a iarraidh, lena n- áirítear chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na bearta a rinneadh chun ordú braite, ordú baint anuas nó ordú blocála a fhorghníomhú, ceanglais an Rialacháin seo.
2. Féadfaidh na Ballstáit cumhachtaí imscrúdaitheacha breise a dheonú do na hÚdaráis Chomhordúcháin.

Airteagal 28

Cumhachtaí forfheidhmiúcháin

1. I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí a dhéanamh, beidh na cumhachtaí forfheidhmithe a leanas ag na hÚdaráis Chomhordúcháin, maidir le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad:
 - (a) an chumhacht na gealltanais a thairgeann na soláthraithe sin maidir lena gcomhlíonadh leis an Rialachán seo a ghlacadh agus na gealltanais sin a chur de cheangal orthu;
 - (b) an chumhacht ordú a thabhairt sárúithe a scor agus, i gcás inarb iomchuí, leighis atá i gcomhréir leis an sárú agus a bhfuil gá leo chun deireadh éifeachtach a chur leis an sárú;
 - (c) an chumhacht fineálacha a ghearradh, nó iarraidh ar údarás breithiúnach ina mBallstát déanamh amhlaidh, i gcomhréir le hAirteagal 35 i gcás sárúithe ar an Rialachán seo, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh le haon cheann de na horduithe a eisítear de bhun Airteagal 27 agus phointe (b) den mhír seo;
 - (d) an chumhacht íocaíocht phionósach thréimhsiúil a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun a áirithiú go ndéantar sárú ar an Rialachán seo a fhoirceannadh i gcomhréir le hordú a eisítear de bhun phointe (b) den mhír seo, nó i gcásanna ina mainnítear na horduithe a eisítear de bhun Airteagal 27 agus phointe (b) den mhír seo a chomhlíonadh;
 - (e) an chumhacht chun bearta eatramhacha a dhéanamh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach a sheachaint.
2. Féadfaidh na Ballstáit cumhachtaí breise forfheidhmiúcháin do na hÚdaráis Chomhordúcháin.
3. A mhéid a bhaineann le mír 1, pointí (c) agus (d), beidh na cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag Údaráis Chomhordúcháin a leagtar amach sna pointí sin freisin i ndáil leis na daoine eile dá dtagraítear in Airteagal 27, nó mainneachtain aon cheann de na horduithe a eisítear dóibh de bhun an Airteagail sin a chomhlíonadh.
4. Ní fheidhmeoidh siad na cumhachtaí forfheidhmithe sin ach amháin tar éis an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis na horduithe sin, lena n-áirítear an tréimhse ama is infheidhme, na fineálacha nó na híocaíochtaí tréimhsiúla a d'fhéadfaí a ghearradh orthu i gcás neamhchomhlíonta agus aon fhéidearthacht sásaimh, a chur ar fáil do na daoine sin in am trátha.

Airteagal 29

Cumhachtaí breise forfheidhmiúcháin

1. I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí a chur i gcrích, beidh na cumhachtaí forfheidhmithe a leanas ag na hÚdaráis Chomhordúcháin dá dtagraítear i mír 2, maidir le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad, ar choinníoll:
 - (a) go bhfuil gach cumhacht eile de bhun Airteagail 27 agus 28 chun scor de shárú ar an Rialachán seo ídithe;
 - (b) go maireann an sárú;

- (c) go mbíonn an sárú ina shiocair le díobháil thromchúiseach nach féidir a sheachaint trí chumhachtaí eile atá ar fáil faoi dhlí an Aontais ná faoin dlí náisiúnta a ghníomhú.
2. Beidh cumhachtaí breise forfheidhmiúcháin ag Údaráis Chomhordúcháin na bearta a leanas a dhéanamh:
- (a) a cheangal ar chomhlacht bainistíochta na soláthraithe iniúchadh a dhéanamh ar an gcás laistigh de thréimhse ama réasúnta agus chun:
- (i) plean gníomhaíochta a ghlacadh agus a chur isteach ina leagtar amach na bearta is gá chun sárú a fhoirceannadh;
- (ii) a áirithiú go ndéanann an soláthraí na bearta sin;
- (iii) tuairisciú ar na bearta a rinneadh;
- (b) iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil nó ar údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin chun srianadh sealadach a ordú ar rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú nó, ach amháin i gcás nach indéanta ar bhonn teicniúil é sin, ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a dtarlaíonn an sárú, i gcás ina measann an tÚdarás Comhordúcháin:
- (i) nár chomhlíon an soláthraí ceanglais phointe (a) go leormhaith;
- (ii) go maireann an sárú agus go mbíonn sé ina shiocair le díobháil thromchúiseach;
- (iii) go dtagann éascú tráthrialta agus struchtúrach na gcionta mí- úsáide gnéasaí leanaí mar gheall ar an sárú.
3. Iarrfaidh an tÚdarás Comhordúcháin, sula gcuireann sé isteach an iarraidh dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ar pháirtithe leasmhara barúlacha i scríbhinn a chur isteach faoina rún chun an iarraidh sin a chur isteach laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin. Ní bheidh an tréimhse ama sin níos lú ná 2 sheachtain.
- Déanfar sa chuireadh chun barúlacha i scríbhinn a chur isteach:
- (a) tuairisc a thabhairt ar na bearta a bhfuil sé ar intinn aige a iarraidh;
- (b) an seolaí nó na seolaithe a bhí beartaithe dó a shainaithint.
- Beidh an soláthraí, an seolaí nó na seolaithe atá beartaithe agus aon tríú páirtí eile a léiríonn leas dlisteanach i dteideal a bheith rannpháirteach sna himeachtaí maidir leis an iarraidh.
4. Aon bheart a ordófar ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), beidh sé comhréireach le cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, gan a bheith ag cur isteach go míchuí ar rochtain na bhfaighteoirí ar fhaisnéis dhleathach maidir leis an tseirbhís lena mbaineann.
- Beidh an srian sealadach i bhfeidhm go ceann tréimhse 4 seachtaine, faoi réir na féidearthachta don údarás breithiúnach inniúil, cead a thabhairt ina ordú don Údarás Comhordúcháin síneadh a chur leis an tréimhse sin go ceann tréimhsí breise den fhad céanna, faoi réir uaslíon síntí arna shocrú ag an údarás breithiúnach sin.
- Ní chuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin síneadh leis an tréimhse ach amháin i gcás ina measann sé, ag féachaint do chearta agus leasanna dlisteanacha na bpáirtithe uile

a ndéanfadh an srian difear dóibh agus do na fíorais agus imthosca ábhartha uile, lena n- áirítear aon fhaisnéis a d'fhéadfadh an soláthraí, an seolaí nó na seolaithe agus aon tríú páirtí a léirigh leas dlisteanach a chur ar fáil dó, gur comhlíonadh an dá choinníoll a leanas:

- (a) theip ar an soláthraí na bearta is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis an sárú;
- (b) nach gcuireann an srian sealadach srian míchuí ar an rochtain atá ag úsáideoirí na seirbhíse ar fhaisnéis dhleathach, ag féachaint don líon úsáideoirí a ndéanfaidh sé difear dóibh agus cé acu atá aon rogha mhalartach atá leormhaith agus sorochtana ann nó nach bhfuil.

I gcás ina measann an tÚdarás Chomhordúcháin gur comhlíonadh an dá choinníoll sin ach nach féidir leis síneadh breise a chur leis an tréimhse de bhun an dara fomhír, cuirfidh sé iarraidh nua isteach chuig an údarás breithiúnach inniúil, dá dtagraítear i mír 2, pointe (b).

Airteagal 30

Forálacha coiteanna maidir le cumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin

1. Go mbeidh na bearta a dhéanfaidh na hÚdaráis Chomhordúcháin i bhfeidhmiú a gcumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagail 27, 28 agus 29 éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, ag féachaint, go háirithe, do chineál, tromchúis, atarlú agus fad shárú nó shárú amhrasta an Rialacháin seo lena mbaineann na bearta sin, agus d'acmhainneacht eacnamaíoch, theicniúil agus oibríochtúil sholáthraí seirbhísí na sochaí faisnéise lena mbaineann, i gcás inarb ábhartha.
2. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil aon fheidhmiú ar na cumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagail 27, 28 agus 29 faoi réir coimircí leormhaithe a leagtar síos sa dlí náisiúnta is infheidhme chun urraim a léiriú do chearta bunúsacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh. Go háirithe, ní dhéanfar na bearta sin ach i gcomhréir leis an gceart maidir le hurraim a thabhairt don saol príobháideach agus do na cearta cosanta, lena n- áirítear an ceart chun éisteachta agus an ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, agus beidh siad faoi réir cheart na bpáirtithe uile dá ndéantar difear chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil.

Airteagal 31

Cuardaigh chun comhlíontacht a fhíorú

Beidh sé de chumhacht ag Údaráis Chomhordúcháin cuardaigh a dhéanamh ar ábhar atá inrochtana go poiblí ar sheirbhísí óstála chun scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, agus úsáid á baint as na táscairí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (a) agus (b), i gcás inar gá chun a fhíorú cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na soláthraithe seirbhísí óstála faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh na hÚdaráis Chomhordúcháin a n- oibleagáidí faoin Rialachán seo.

Airteagal 32

Ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne a fhógairt

Beidh sé de chumhacht ag Údaráis Chomhordúcháin fógra a thabhairt do sholáthraithe na seirbhísí óstála faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad faoi láithreach a seirbhíse maidir le mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí agus chun

iarraidh orthu rochtain ar an mír nó na míreanna sin a bhaint nó a dhíchumasú, chun gur féidir leis an soláthraí a mhachnamh a dhéanamh air dá dheoin féin.

Leagfar amach go soiléir san iarraidh sonraí aitheantais an Údaráis Chomhordúcháin a dhéanann an iarraidh agus an fhaisnéis faoina phointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 25(5), an fhaisnéis is gá chun an mhír nó na míreanna ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a shainaithint, chomh maith leis na cúiseanna leis an iarraidh. Luafar go soiléir san iarraidh freisin gur féidir leis an soláthraí a mhachnamh a dhéanamh air dá dheoin féin.

Roinn 3

Forálacha eile maidir le forfheidhmiúchán

Airteagal 33

Dlínse

1. Beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil príomhbhunaíocht sholáthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise lonnaithe chun críocha an Rialacháin seo.
2. Soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise nach bhfuil bunaíocht aige san Aontas, measfar é a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe.

I gcás inar mhainnigh soláthraí ionadaí dlíthiúil a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 24, beidh dlínse ag gach Ballstát. I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse faoin mír seo a fheidhmiú, cuirfidh sé gach Ballstát eile ar an eolas agus áiritheoidh sé go n-urramófar prionsabal *ne bis in idem*.

Airteagal 34

Ceart úsáideoirí na seirbhíse chun gearán a thaisceadh

1. Beidh sé de cheart ag úsáideoirí gearán a thaisceadh ina líomhnófar sárú ar an Rialachán lena ndéantar difear dóibh in aghaidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise leis an Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an úsáideoir nó ina bhfuil sé bunaithe.
2. Soláthróidh Údaráis Chomhordúcháin sásraí atá oiriúnach do leanaí chun gearán a chur isteach faoin Airteagal seo, agus cur chuige atá íogair do leanaí a ghlacadh nuair a láimhseáiltear gearáin arna gcur isteach ag leanaí, agus aird chuí á tabhairt d'aois, aibíocht, tuairimí, éilimh agus ábhair inní an linbh.
3. Déanfaidh an tÚdarás Comhordúcháin measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, tarchuirfidh sé an gearán chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta.

I gcás ina dtagann an gearán faoi fhreagracht údarás inniúil eile an Bhallstáit a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin a fhaigheann an gearán, tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an gearán sin chuig an údarás inniúil eile sin.

Airteagal 35

Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar oibleagáidí de bhun Chaibidlí II agus V den Rialachán seo ag soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoina ndlínse, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad.

Beidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Fógróidh na Ballstáit, faoi [Dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin, agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear dóibh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh uasmhéid na bpionós a fhorchuirtear maidir le sárú an Rialacháin seo thar 6 % den ioncam bliantúil ná den láimhdeachas bliantúil ó bhliain ghnó an tsoláthraí roimhe sin.
3. Pionóis maidir le faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar, nó mainneachtain freagra a thabhairt ar fhaisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach ná í a cheartú agus mainneachtain géilleadh do chigireacht ar an láthair, ní rachaidh siad thar 1 % d'ioncam bliantúil ná de láimhdeachas domhanda an tsoláthraí ón mbliain ghnó roimhe sin nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 27.
4. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh uasmhéid íocaíochta pionóis tréimhsiúla thar 5 % de mheánláimhdeachas laethúil an tsoláthraí nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 27 sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh an lae, arna ríomh ón dáta a sonraíodh sa chinneadh lena mbaineann.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfeadh san áireamh, agus cinneadh á dhéanamh ar cheart nó nár cheart pionós a fhorchur agus cineál agus leibhéal na bpionós á gcinneadh acu, na himthosca ábhartha go léir, lena n- áirítear:
 - (a) cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe;
 - (b) an raibh an sárú intinneach nó faillitheach;
 - (c) aon sárú roimhe seo arna dhéanamh ag an tsoláthraí nó ag an duine eile;
 - (d) neart airgeadais an tsoláthraí nó an duine eile;
 - (e) leibhéal comhair an tsoláthraí nó an duine eile;
 - (f) cineál agus méid an tsoláthraí nó an duine eile, go háirithe an micrifhiontar nó fiontar beag nó meánmhéide atá ann;
 - (g) a mhéid atá locht ar an tsoláthraí nó ar an duine eile, agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a rinneadh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh á gcur san áireamh.

Roinn 4

Comhar

Airteagal 36

Sainaitheint agus cur isteach mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne

1. Déanfaidh Údaráis Chomhordúcháin na nithe a leanas a chur faoi bhráid Lárionad an Aontais, gan moill mhíchúil agus trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2):
 - (a) míreanna sonracha d'ábhar agus tras- scríbhinní ar chomhráite atá sainaitheanta ag Údaráis Chomhordúcháin nó ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla nó ag údaráis riaracháin neamhspleacha de Bhallstát, i ndiaidh measúnú dícheallach a dhéanamh, de bheith ina n- ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí nó ina sirtheoireacht ar leanaí, de réir mar is infheidhme, le haghaidh Lárionad an Aontais chun táscairí a ghiniúint i gcomhréir le hAirteagal 44(3);

- (b) aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne beachta lena gcuirtear in iúl míreanna sonracha ábhair arna sainaithint ag Údaráis Chomhordúcháin nó údaráis bhreithiúnacha inniúla nó údaráis riaracháin neamhspleácha eile Ballstáit, i ndiaidh measúnú dícheallach, de bheith ina n-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, arna n-óstáil ag soláthraithe seirbhísí óstála nach gcuireann seirbhísí ar fáil san Aontas, nach féidir a bhaint mar gheall ar dhiúltú na soláthraithe sin rochtain air sin a bhaint nó a dhíchumasú, agus mar gheall ar an easpa comhair ó údaráis inniúla an tríú tír ag a bhfuil dlínse, chun go dtiomsóidh Lárionad an Aontais an liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne i gcomhréir le hAirteagal 44(3).

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfaighidh na hÚdaráis Chomhordúcháin a d'ainmnigh siad, gan moill mhíchúí, an t-ábhar a shainaithnítear a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, tras-scríbhinní na gcomhráite a shainaithnítear mar shirtheoireacht leanaí, agus na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní, arna sainaithint ag údarás breithiúnach inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách eile seachas an tÚdarás Comhordúcháin, lena gcur faoi bhráid Lárionad an Aontais i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

2. Arna iarraidh do Lárionad an Aontais i gcás inar gá sin chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1) iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, fíoróidh nó soláthróidh na hÚdaráis Chomhordúcháin soiléirithe nó faisnéis bhreise maidir le cibé acu a comhlíonadh coinníollacha mhír 1, pointí (a) agus (b) agus, i gcás inarb ábhartha, go leantar de chomhlíonadh na gcoinníollacha, i leith aighneacht áirithe chuig Lárionad an Aontais i gcomhréir leis an mír sin.
3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfaighidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí tuarascáil ar scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí nua nó ar shirtheoireacht ar leanaí a chuir Lárionad an Aontais ar aghaidh chucu i gcomhréir le hAirteagal 48(3), go ndéanfar measúnú dícheallach i gcomhréir le mír 1 agus, má shainaithnítear an t-ábhar nó an comhrá mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó mar shirtheoireacht ar leanaí, cuireann an tÚdarás Comhordúcháin an t-ábhar faoi bhráid Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis an mír sin, laistigh de 1 mhí amháin ón dáta a bhfaightear an tuarascáil nó, i gcás ina bhfuil an measúnú an-chasta, 2 mhí ón dáta sin.
4. Áiritheoidh siad freisin, i gcás ina léireoidh an measúnú dícheallach nach ionann an t-ábhar agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó shirtheoireacht ar leanaí, go gcuirfean an tÚdarás Comhordúcháin ar an eolas faoin toradh sin agus go gcuirfidh sé Lárionad an Aontais ar an eolas faoi, laistigh de na tréimhsí ama a shonraítear sa chéad fhomhír.

Airteagal 37

Comhar trasteorann i measc na nÚdarás Comhordúcháin

1. I gcás ina bhfuil cúiseanna ag Údarás Comhordúcháin, nach Údarás Comhordúcháin na bunaíochta é, a bheith amhrasach gur sháraigh soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise an Rialachán seo, iarrfaidh sé ar Údarás Comhordúcháin na bunaíochta measúnú a dhéanamh ar an gcás agus na bearta imscrúdaithe agus forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú.
I gcás ina bhfuil cúiseanna ag an gCoimisiún a bheith amhrasach gur sháraigh soláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise an Rialachán seo, ar bhealach a bhaineann le trí Bhallstát ar a laghad, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta measúnú ar an gcás agus go ndéanfaidh sé na bearta

imscrúdaithe agus forfheidhmithe is gá chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú.

2. Léireofar an méid a leanas ar a laghad san iarraidh nó sa mholadh dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) pointe teagmhála an tsoláthraí mar a leagtar amach in Airteagal 23 é;
 - (b) tuairisc ar na fíorais ábhartha, forálacha an Rialacháin seo lena mbaineann agus na cúiseanna a bhfuil an tÚdarás Comhordúcháin a sheol an iarraidh, nó a bhfuil an Coimisiún amhrasach, gur sháraigh an soláthraí an Rialachán seo;
 - (c) aon fhaisnéis eile a mheasann an tÚdarás Comhordúcháin a sheol an iarraidh, nó an Coimisiún, a bheith ábhartha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a bailíodh ar a thionscnamh féin agus moltaí chun bearta imscrúdaithe nó forfheidhmithe sonracha a dhéanamh.
3. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta measúnú ar an sárú amhrasta, ag tabhairt lánaírd ar an iarraidh nó ar an moladh dá dtagraítear i mír 1.

I gcás ina measann sé nach bhfuil faisnéis leormhaith aige chun measúnú a dhéanamh ar an sárú amhrasta nó chun gníomhú ar an iarraidh nó ar an moladh agus go bhfuil cúiseanna aige a mheas gur féidir leis an Údarás Comhordúcháin a sheol an iarraidh, nó an Coimisiún, faisnéis bhreise a sholáthar, féadfaidh sé faisnéis den sórt sin a iarraidh. Cuirfear an tréimhse ama a leagtar síos i mír 4 ar fionraí go dtí go gcuirfear an fhaisnéis bhreise sin ar fáil.
4. Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 2 mhí ón iarraidh ná ón moladh dá dtagraítear i mír 1 a fháil, a mheasúnú ar an sárú amhrasta, nó measúnú aon údarás inniúil eile de bhun an dlí náisiúnta i gcás inarb ábhartha, a chur in iúl don Údarás Comhordúcháin a sheol an iarraidh, nó don Choimisiún, agus míniú ar aon bheart imscrúdaithe nó forfheidhmithe arna nglacadh nó a shamhlaítear maidir leis an sárú sin chun comhlíontacht an Rialacháin seo a áirithiú.

Airteagal 38

Imscrúduithe comhpháirteacha

1. Féadfaidh Údaráis Chomhordúcháin páirt a ghlacadh in imscrúduithe comhpháirteacha, ar féidir iad a chomhordú le tacaíocht ó Lárionad an Aontais, ar ábhair a chumhdaítear faoin Rialachán seo, a bhaineann le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a chuireann a seirbhísí ar fáil i roinnt Ballstát.

Tá imscrúduithe comhpháirteacha den sórt sin gan dochar do chúraimí agus do chumhachtaí na nÚdarás Comhordúcháin rannpháirteach agus do na ceanglais is infheidhme maidir le feidhmiú na gcúraimí sin agus maidir le feidhmiú na gcumhachtaí sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
2. Cuirfidh na hÚdaráis Chomhordúcháin rannpháirteacha torthaí na n-imscrúduithe comhpháirteacha ar fáil do na hÚdaráis Chomhordúcháin eile agus do Lárionad an Aontais tríd an gcóras arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 39(2), chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

Airteagal 39

Comhar ginearálta agus córas comhroinnte faisnéise

1. Comhoibreoidh Údaráis Chomhordúcháin le chéile, le haon údarás inniúil eile den Bhallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin, leis an gCoimisiún, le Lárionad an Aontais agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas, lena n-áirítear Europol, chun comhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán seo a éascú agus a áirithiú, agus a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a áirithiú.
2. Déanfaidh Lárionad an Aontais ceann amháin nó níos mó de chórais comhroinnte faisnéise iontaofa a bhunú agus a choinneáil ar bun lena dtacófar le cumarsáid idir na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise.
3. Úsáidfí na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise na córais comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 2 chun gach cumarsáid ábhartha a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo.
4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos socruithe praiticiúla agus oibríochtúla maidir le feidhmiú na gcórais comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 2 agus a n-idir-inoibritheacht le córais ábhartha eile. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 87.

CAIBIDIL IV

LÁRIONAD AN AONTAIS CHUN MÍ- ÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

Roinn 1

Prionsabail

Airteagal 40

Bunú agus raon feidhme gníomhaíochta Lárionad an Aontais

1. Bunaítear Lárionad an Aontais um Mí- úsáid Ghnéasach Leanaí, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.
2. Rannchuideoidh Lárionad an Aontais le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach trí thacú le cur chun feidhme a fhorálacha maidir le rochtain ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú agus a bhlocáil agus tríd an gcur chun feidhme sin a éascú, agus trí fhaisnéis agus saineolas a bhailiú agus a roinnt agus comhar idir páirtithe poiblí agus príobháideacha ábhartha a éascú maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe ar líne.

Airteagal 41

Stádas dlíthiúil

1. Comhlacht den Aontas, a mbeidh pearsantacht dhlítheanach aige, a bheidh i Lárionad an Aontais.
2. Beidh ag an Lárionad i ngach ceann de na Ballstáit an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil agus a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.
3. Déanfaidh a Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht ar Lárionad an Aontais.

Airteagal 42

Suíomh

Beidh ceanncheathrú Lárionad an Aontais sa Háig, san Ísiltír.

Roinn 2

Cúraimí

Airteagal 43

Cúraimí Lárionad an Aontais

Déanfaidh Lárionad an Aontais an méid a leanas:

- (1) an próiseas measúnaithe riosca dá dtagraítear i Roinn 1 de Chaibidil II a éascú, trí na nithe a leanas a dhéanamh:
 - (a) tacú leis an gCoimisiún chun na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 3(8), Airteagal 4(5), Airteagal 6(4) agus Airteagal 11 a ullmhú, lena n- áirítear trí fhaisnéis ábhartha, saineolas agus dea- chleachtais a bhailiú agus a sholáthar,

agus comhairle ón gCoiste Teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 66 á cur san áireamh;

- (b) arna iarraidh sin do sholáthraí seirbhísí faisnéise ábhartha, anailís a dhéanamh ar shamplaí sonraí anaithnidithe chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 3(3);
- (2) an próiseas braite dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil II a éascú, trí na nithe a leanas a dhéanamh:
- (a) na tuairimí a thabhairt maidir leis na horduithe braite atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, pointe (d);
 - (b) na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 a chothabháil agus a oibriú;
 - (c) rochtain a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a fuair ordú braite ar na bunachair sonraí táscairí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 46;
 - (d) teicneolaíochtaí a chur ar fáil do sholáthraithe chun orduithe braite arna n-eisiúint chucu a chur i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 50(1);
- (3) an próiseas tuairiscithe dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil II a éascú, trí na nithe a leanas a dhéanamh:
- (a) an bunachair sonraí de thuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 a chothabháil agus a oibriú;
 - (b) na tuarascálacha a mheas, a phróiseáil agus, i gcás inar gá, a chur ar aghaidh agus aiseolas a thabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 48;
- (4) an próiseas baint anuas dá dtagraítear i Roinn 4 de Chaibidil II agus na próisis eile dá dtagraítear i Roinn 5 agus 6 den Chaibidil sin a éascú, trí na nithe a leanas a dhéanamh:
- (a) na horduithe baint anuas a tharchuirtear chuige de bhun Airteagal 14(4) a fháil chun an fheidhm fhíoraithe dá dtagraítear in Airteagal 49(1) a chomhlíonadh;
 - (b) comhoibriú le agus freagairt d'iarrataí ó Údaráis Chomhordúcháin i ndáil le horduithe blocála dá dtagraítear in Airteagal 16(2);
 - (c) na horduithe blocála arna dtarchur chuige de bhun Airteagal 17(3) a fháil agus a phróiseáil;
 - (d) faisnéis agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 21;
 - (e) taifid cothrom le dáta a chothabháil maidir le pointí teagmhála agus ionadaithe dlíthiúla soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 23(2) agus Airteagal 24(6);
- (5) tacú leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus leis an gCoimisiún chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus chun comhar, comhordú agus cumarsáid i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo a éascú, trí na nithe a leanas a dhéanamh:
- (a) clár ar líne a chruthú agus a chothabháil ina liostaítear na hÚdaráis Chomhordúcháin agus a bpointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 25(6);
 - (b) cúnamh a thabhairt do na hÚdaráis Chomhordúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 25(7);

- (c) cúnamh a thabhairt don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, i ndáil lena chúraimí faoin sásra comhair dá dtagraítear in Airteagal 37;
 - (d) an córas comhroinnte faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 39 a chruthú, a chothabháil agus a oibriú;
 - (e) cúnamh a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha tarmlichte agus na gníomhartha cuir chun feidhme agus na treoirlínte a ghlacann an Coimisiún faoin Rialachán seo a ullmhú;
 - (f) faisnéis a sholáthar do na hÚdaráis Chomhordúcháin, arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnamh féin, atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoin Rialachán seo, lena n-áirítear tríd an Údarás Comhordúcháin a chur ar an eolas faoi sháruithe féideartha a shainaithnítear i gcomhlíonadh chúraimí eile Lárionaid an Aontais;
- (6) giniúint agus comhroinnt eolais a éascú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas, le hÚdaráis Chomhordúcháin nó le húdaráis ábhartha eile na mBallstát chun rannchuidiú le cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, trí na nithe a leanas:
- (a) faisnéis a bhailiú, a thairgeadh, a anailísiú agus a sholáthar, anailís a sholáthar bunaithe ar bhailiú sonraí anaithnidithe agus neamhphearsanta, agus saeolas a sholáthar ar ábhair a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 51;
 - (b) tacú le forbairt agus le scaipeadh taighde agus saeolais ar na hábhair sin agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh, lena n-áirítear trí fheidhmiú mar mhol saeolais chun tacú le beartas atá bunaithe ar fhianaise;
 - (c) na tuarascálacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 84 a tharraingt suas.

Airteagal 44

Bunachair sonraí táscairí

1. Déanfaidh Lárionad an Aontais bunachair sonraí de na trí chineál táscairí a leanas maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chruthú, a chothabháil agus a oibriú:
 - (a) táscairí chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a braitheadh agus a sainathnódh roimhe seo mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcomhréir le hAirteagal 36(1) a bhrath;
 - (b) táscairí chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí nár braitheadh agus nár sainathnódh roimhe seo mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcomhréir le hAirteagal 36(1) a bhrath;
 - (c) táscairí chun sirtheoireacht leanaí a bhrath.
2. Ní bheidh ach na nithe a leanas sna bunachair sonraí táscairí:
 - (a) táscairí ábhartha, arb é atá iontu aitheantóirí digiteacha a úsáidfear chun scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht ar leanaí a bhrath, mar is infheidhme, ar sheirbhísí óstála agus ar sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta, arna nginiúint ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le mír 3;
 - (b) a mhéid a bhaineann le mír 1, pointe (a), áireofar liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní sna táscairí ábhartha arna dtiomsú ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le mír 3;

- (c) an fhaisnéis bhreise is gá chun úsáid na dtáscairí i gcomhréir leis an Rialachán seo a éascú, lena n-áirítear aitheantóirí lena gceadaítear idirdhealú a dhéanamh idir íomhánna, físeáin agus, i gcás inarb ábhartha, cineálacha eile ábhair chun scaipeadh ábhair aitheanta agus nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath agus aitheantóirí teanga chun sirtheoireacht ar leanaí a bhrath.
3. Ginfidh Lárionad an Aontais na táscairí dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), ar bhonn ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus sirtheoireacht leanaí amháin arna sainaitheint amhlaidh ag na hÚdaráis Chomhordúcháin nó ag na cúirteanna nó ag údaráis neamhspleácha eile na mBallstát, arna gcur faoina bhráid ag na hÚdaráis Chomhordúcháin de bhun Airteagal 36(1), pointe (a).
- Tiomsóidh Lárionad an Aontais liosta de na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ar bhonn na n-aimsitheoirí acmhainne aonfhoirmeacha a cuireadh faoina bhráid de bhun Airteagal 36(1), pointe (b) agus ar an mbonn sin amháin.
4. Coinneoidh Lárionad an Aontais taifid ar na haighneachtaí agus ar an bpróiseas a chuirtear i bhfeidhm chun na táscairí a ghiniúint agus tiomsóidh sé an liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír. Coinneoidh sé na taifid sin fad a choinneoidh sé na táscairí, lena n-áirítear na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní, lena gcomhfhreagraíonn siad sna bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 45

Bunachar Sonraí tuarascálacha

1. Déanfaidh Lárionad an Aontais bunachar sonraí le haghaidh na dtuarascálacha arna gcur faoina bhráid ag soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a chruthú, a chothabháil agus a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 12(1) agus arna meas agus arna bpróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 48.
2. Áireofar an fhaisnéis a leanas sa bhunachar sonraí tuarascálacha:
- (a) an tuarascáil;
 - (b) i gcás inar mheas Lárionad an Aontais an tuarascáil a bheith go follasach gan bhunús, na cúiseanna agus an dáta agus an t-am a cuireadh an soláthraí ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 48(2);
 - (c) i gcás inar chuir Lárionad an Aontais an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3), dáta agus am cur ar aghaidh den sórt sin agus ainm an údaráis forfheidhmithe dlí inniúil nó ainmneacha na n-údarás inniúla forfheidhmithe dlí ar chuir sé an tuarascáil ar aghaidh chucu nó, i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na cúiseanna leis an tuarascáil a chur ar aghaidh chuig Europol amháin chun anailís bhreise a dhéanamh uirthi;
 - (d) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na hiarrataí ar fhaisnéis bhreise agus faoin soláthar faisnéise breise dá dtagraítear in Airteagal 48(5);
 - (e) i gcás a mbeidh fáil air, faisnéis lena léirítear go ndearna an soláthraí a chuir tuarascáil isteach maidir le scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí rochtain ar an ábhar a bhaint nó a dhíchumasú;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi iarratas ó Lárionad an Aontais chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ordú baint anuas a eisiúint de bhun

Airteagal 14 i ndáil leis an mír nó leis na míreanna d'ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann an tuarascáil;

- (g) táscairí ábhartha agus clibeanna coimhdeacha a bhaineann leis an ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí féideartha tuairiscithe.

Airteagal 46

Rochtain, cruinneas agus slándáil

1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3, ní bheidh rochtain ach ag baill foirne Lárionad an Aontais agus ag iniúcháirí arna n- údarú go cuí ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44 agus in Airteagal 45 agus is iadsan amháin a bheidh i dteideal na sonraí sin a phróiseáil.
2. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do sholáthraithe seirbhísí óstála, do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta agus do sholáthraithe seirbhísí rochtana idirlín ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44, nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin dóibh chun na horduithe braite nó blocála a fuair siad i gcomhréir le hAirteagail 7 nó 16 a chur i gcrích. Déanfaidh sé bearta chun a áirithiú go leanfaidh an rochtain sin de bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis ar feadh thréimhse feidhmithe na n- orduithe braite nó blocála lena mbaineann agus nach gcuirfidh rochtain den sórt sin oibriú cuí na mbunachair sonraí sin agus cruinneas agus slándáil na sonraí atá iontu i mbaol ar aon bhealach.
3. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain d'Údaráis Chomhordúcháin ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.
4. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol agus d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a gcúraimí a chomhlíonadh maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chionta mí- úsáide gnéasaí leanaí amhrasta.
5. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol ar na bunachair sonraí tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a chúraimí a chomhlíonadh maidir le cúnamh a thabhairt i leith imscrúduithe a dhéanamh ar chionta mí- úsáide gnéasaí leanaí amhrasta.
6. Ní sholáthróidh Lárionad an Aontais an rochtain dá dtagraítear i míreanna 2, 3, 4 agus 5 ach amháin tar éis iarraidh a fháil, lena sonrófar cuspóir na hiarrata, módúlachtaí na rochtana a iarrtar, agus méid na rochtana is gá chun an cuspóir sin a bhaint amach. Áireofar tagairt don ordú braite nó don ordú blocála sna hiarrataí ar an rochtain dá dtagraítear i mír 2 freisin, de réir mar is infheidhme.

Déanfaidh Lárionad an Aontais na hiarrataí sin a mheas go dícheallach agus ní dhéanfaidh sé rochtain a dheonú ach i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis an rochtain a iarrtar i leith an chuspóra shonraithe agus í a bheith comhréireach leis an gcuspóir sonraithe sin.
7. Fíoróidh Lárionad an Aontais go tráthrialta go bhfuil na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45, iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, ar gach bealach agus go bhfuil gá leo go fóill chun tuairisciú, brath agus blocáil a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus teicneolaíochtaí agus próisis braite chruinne a éascú agus faireachán a dhéanamh orthu. Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na haimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainní atá sa bhunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a), déanfaidh Lárionad an Aontais, i gcás

inar gá i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, a fhíorú go tráthrialta go leanfar de choinniollacha Airteagal 36(1), pointe (b), a chomhlíonadh. Áireofar leis na fíorúcháin sin iniúchtaí, i gcás inarb iomchuí. I gcás inar gá, i bhfianaise na bhfíorúcháin sin, déanfaidh sé na sonraí a chomhlánú, a choigeartú nó a scriosadh láithreach.

8. Áiritheoidh Lárionad an Aontais go stóráiltear na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45 ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí. Áiritheofar leis na coimircí sin, go háirithe, nach bhféadfaidh ach daoine arna n- údarú go cuí na sonraí a rochtain ná a phróiseáil chun na críche lena n- údaraítear do duine sin agus go mbainfear ardleibhéal slándála amach. Déanfaidh Lárionad an Aontais athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh sé iad a choigeartú i gcás inar gá.

Airteagal 47

Gníomhartha tarmligthe a bhaineann leis na bunachair sonraí

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha mionsonraithe is gá a bhaineann leis an méid a leanas:

- (a) cineálacha, ábhar beacht, leagan amach agus oibriú na mbunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), lena n- áirítear na táscairí agus an fhaisnéis bhreise is gá a bheidh iontu dá dtagraítear in Airteagal 44(2);
- (b) aighneachtaí na n- Údarás Comhordúcháin a phróiseáil, na táscairí a ghiniúint, liosta na n- aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a thiomsú agus taifead a choinneáil, dá dtagraítear in Airteagal 44(3);
- (c) an t- ábhar beacht, an bunachair sonraí tuarascálacha a bhunú agus a oibriú dá dtagraítear in Airteagal 45(1);
- (d) rochtain ar na bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45, lena n- áirítear modúlachtaí na rochtana dá dtagraítear in Airteagal 46(1) go (5), an t- ábhar, próiseáil agus measúnú na n- iarratas dá dtagraítear in Airteagal 46(6), saincheisteanna nós imeachta a bhaineann leis na hiarrataí sin agus na bearta is gá dá dtagraítear in Airteagal 46(6);
- (e) na fíorúcháin agus na hiniúchtaí tráthrialta chun a áirithiú go bhfuil na sonraí sna bunachair sonraí sin iomlán, cruinn agus cothrom le dáta dá dtagraítear in Airteagal 46(7) agus slándáil stórála na sonraí, lena n- áirítear na coimircí teicniúla agus eagraíochtúla agus athbhreithniú tráthrialta dá dtagraítear in Airteagal 46(8).

Airteagal 48

Tuairisciú

1. Déanfaidh Lárionad an Aontais measúnú agus próiseáil go dlúsúil ar thuarascálacha arna gcur isteach ag soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta i gcomhréir le hAirteagal 12 chun a chinneadh cé acu atá na tuarascálacha go follasach gan bhunús nó atá siad le cur ar aghaidh.
2. I gcás ina measann Lárionad an Aontais go bhfuil an tuarascáil go follasach gan bhunús, cuirfidh sé an soláthraí a chuir an tuarascáil isteach ar an eolas, agus sonróidh sé na cúiseanna a mheasann sé go bhfuil an tuarascáil gan bhunús.

3. I gcás ina measann Lárionad an Aontais nach bhfuil an tuarascáil go follasach gan bhunús, cuirfidh sé an tuarascáil ar aghaidh, mar aon le haon fhaisnéis ábhartha bhreise a bheidh ar fáil dó, chuig Europol agus chuig an údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó chuig údaráis an Bhallstáit ar dócha go mbeidh dlínse aige an mhí- úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha lena mbaineann an tuarascáil a imscrúdú nó a ionchúiseamh.
- I gcás nach bhféadfadh an t- údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó na húdaráis inniúla forfheidhmithe dlí sin a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach, cuirfidh Lárionad an Aontais an tuarascáil, mar aon le haon fhaisnéis ábhartha bhreise a bheidh ar fáil dó, ar aghaidh chuig Europol, chun anailís bhreise a dhéanamh air agus chun é a tharchur ag Europol ina dhiaidh sin chuig an údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó chuig na húdaráis inniúla forfheidhmithe dlí.
4. I gcás inar shonraigh soláthraí a chuir an tuarascáil isteach go gceanglaítear gníomhaíocht phráinneach leis an tuarascáil, déanfaidh Lárionad an Aontais an tuarascáil sin a mheas agus a phróiseáil mar ábhar tosaíochta agus, i gcás ina gcuireann sé an tuarascáil ar aghaidh i gcomhréir le mír 3 agus ina measann sé go gceanglaítear gníomhaíocht phráinneach leis an tuarascáil, áiritheoidh sé go ndéanfar an tuarascáil arna cur ar aghaidh a mharcáil amhlaidh.
5. I gcás nach bhfuil an gach faisnéis a cheanglaítear in Airteagal 13 sa tuarascáil, féadfaidh Lárionad an Aontais a iarraidh ar an soláthraí a chuir an tuarascáil isteach an fhaisnéis atá ar iarraidh a sholáthar.
6. Arna iarraidh sin d'údarás forfheidhmithe dlí inniúil Ballstáit ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí maidir le cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, déanfaidh Lárionad an Aontais na nithe a leanas:
- (a) a chur in iúl don soláthraí a chuir an tuarascáil isteach nach ndéanfaidh sé an t- úsáideoir lena mbaineann a chur ar an eolas, ag sonrú na tréimhse ama nach ndéanfaidh an soláthraí amhlaidh lena linn;
 - (b) i gcás inar soláthraí seirbhísí óstála an soláthraí a chuir an tuarascáil isteach agus ina mbaineann an tuarascáil le scaipeadh ábhair mí- úsáide gnéasaí leanaí féideartha, a chur in iúl don soláthraí nach ndéanfaidh sé rochtain ar an ábhar a bhaint nó a dhíchumasú, ag sonrú na tréimhse ama nach ndéanfaidh an soláthraí amhlaidh lena linn.
7. Is iad na tréimhsí ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), na tréimhsí ama a shonraítear san iarraidh ón údarás inniúil forfheidhmithe dlí chuig Lárionad an Aontais, ar choinníoll go bhfanfaidh siad teoranta don mhéid is gá chun cur isteach ar na gníomhaíochtaí ábhartha a sheachaint agus ar choinníoll nach faide ná 18 mí iad.
8. Fíoróidh Lárionad an Aontais cé acu a bhain nó a dhíchumasaigh soláthraí seirbhísí óstála a chuir tuarascáil isteach a bhaineann le scaipeadh ábhair mí- úsáide gnéasaí leanaí rochtain ar an ábhar sin, sa mhéid atá an t- ábhar inrochtana don phobal. I gcás ina measann sé nach ndearna an soláthraí rochtain ar an ábhar a bhaint anuas ná a dhíchumasú go dlúsúil, cuirfidh Lárionad an Aontais Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ar an eolas faoi.

Airteagal 49

Cuardaigh agus fógra a thabhairt

1. Beidh sé de chumhacht ag Lárionad an Aontais cuardaigh a dhéanamh ar sheirbhísí óstála ar a ndéantar ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí atá inrochtana don phobal a scaipeadh, ag úsáid na dtáscairí ábhartha ón mbunachar sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (a) agus (b), sna cásanna a leanas:
 - (a) i gcás ina n- iarrtar amhlaidh chun tacú le híospartach trína fhíorú ar bhain soláthraí na seirbhísí óstála anuas, nó ar dhíchumasaigh sé, rochtain ar cheann amháin nó níos mó d'ítimí sonracha ábhair aitheanta mí- úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear an t- íospartach, i gcomhréir le hAirteagal 21(4), pointe (c);
 - (b) i gcás ina n- iarrtar cúnamh a thabhairt d'Údarás Comhordúcháin trí bhíthin an gá féideartha le heisiúint ordaithe braite nó ordaithe baint anuas a fhíorú i leith seirbhíse ar leith nó i leith éifeachtacht ordaithe braite nó ordaithe baint anuas arna eisiúint ag an Údarás Comhordúcháin, i gcomhréir le Airteagal 25(7), pointí (c) agus (d), faoi seach.
2. Beidh sé de chumhacht ag Lárionad an Aontais fógra a thabhairt, tar éis dó na cuardaigh a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, do sholáthraithe na seirbhísí óstála faoi láithreach ceann amháin nó níos mó d'ítimí sonracha ábhair mí- úsáide gnéasaí leanaí ar a seirbhísí agus iarrfaidh sé orthu an ítim nó na hítimí sin a bhaint nó rochtain air nó orthu a dhíchumasú, chun gur féidir leis na soláthraithe a mhachnamh a dhéanamh air dá ndeoin féin.

Leagfar amach go soiléir san iarraidh sonraí aitheantais Lárionad an Aontais agus pointe teagmhála, an fhaisnéis is gá chun an ítim nó na hítimí a shainaithint, chomh maith leis na cúiseanna leis an iarraidh. Luafar go soiléir san iarraidh freisin gur féidir leis an soláthraí a mhachnamh a dhéanamh air dá dheoin féin.
3. I gcás ina n- iarrann údarás forfheidhmithe dlí inniúil Ballstáit amhlaidh ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí maidir le cionta mí- úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ní chuirfidh Lárionad an Aontais fógra isteach, a fhada is gá chun cur isteach den sórt sin a sheachaint ach nach faide ná 18 mí.

Airteagal 50

Teicneolaíochtaí, faisnéis agus saineolas

1. Cuirfidh Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí ar fáil a d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide a fháil, a shuiteáil agus a oibriú, saor in aisce, i gcás inarb ábhartha faoi réir choinníollacha ceadúnais réasúnta, chun ordaithe braite a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 10(1).

Chuig an aidhm sin, cuirfidh Lárionad an Aontais i dtoll a chéile liosta de na teicneolaíochtaí sin, ag féachaint do cheanglais an Rialacháin seo agus go háirithe na ceanglais sin in Airteagal 10(2).

Sula gcuirtear teicneolaíochtaí sonracha ar na liostaí sin, iarrfaidh Lárionad an Aontais tuairim a Choiste Teicneolaíochta agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Soláthróidh an Coiste Teicneolaíochta agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí a dtuairimí faoi seach laistigh de 8 seachtaine. Féadfar síneadh breise 6 seachtaine a chur leis an tréimhse sin i gcás inar gá, agus castacht an ábhair á cur san áireamh. Cuirfidh an Coiste Teicneolaíochta agus an Bord Eorpach um

Chosaint Sonraí Lárionad an Aontais ar an eolas faoi aon síneadh den sórt sin agus faoi na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh ar chomhairliúchán a fháil.

2. Déanfaidh Lárionad an Aontais faisnéis ábhartha, oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide maidir le hábhair a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, déanfaidh sé í a bhailiú, a thaifeadadh, a anailísiú agus a chur ar fáil, go háirithe:
 - (a) faisnéis a fuarthas i bhfeidhmiú a chúraimí faoin Rialachán seo a bhaineann le rochtain ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú, agus a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí a bhlocáil;
 - (b) faisnéis a eascraíonn as an taighde, na suirbhéanna agus na staidéir dá dtagraítear i mír 3;
 - (c) faisnéis a thagann as taighde nó gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag údaráis na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile den Aontas, údaráis inniúla tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, ionaid taighde agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.
3. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, déanfaidh Lárionad an Aontais, glacfaidh sé páirt nó spreagfaidh sé taighde, suirbhéanna agus staidéir, ar a thionscnamh féin nó, i gcás inarb iomchuí agus comhoiriúnach lena thosaíochtaí agus lena chlár oibre bliantúil, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún.
4. I ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus an fhaisnéis a thagann as an taighde, na suirbhéanna agus na staidéir dá dtagraítear i mír 3, soláthróidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin lena n- áirítear a anailís orthu sin, agus a thuairimí maidir le saincheisteanna a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, Údaráis Chomhordúcháin, údaráis inniúla eile agus údaráis phoiblí eile na mBallstát, fiú ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don údarás ábhartha. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh Lárionad an Aontais an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.
5. Forbróidh Lárionad an Aontais straitéis chumarsáide agus cuirfidh sé chun cinn idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus soláthraithe seirbhísí óstála nó cumarsáide idirphearsanta chun feachtas phoiblí a ardú maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus bearta chun mí- úsáid den sórt sin a chosc agus a chomhrac.

Roinn 3

Próiseáil faisnéise

Airteagal 51

Gníomhaíochtaí próiseála agus cosaint sonraí

1. A mhéid is gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, féadfaidh Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a phróiseáil.
2. Próiseálfaidh Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a mhéid a bhfuil fíorghá leis chun:
 - (a) na tuairimí a thabhairt maidir le horduithe braite atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(3);

- (b) comhoibriú le agus freagairt d'iarrataí ó Údaráis Chomhordúcháin i ndáil le horduithe blocála dá dtagraítear in Airteagal 16(2);
 - (c) orduithe blocála arna dtarchur chuige de bhun Airteagal 17(3) a fháil agus a phróiseáil;
 - (d) comhoibriú le hÚdaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21 maidir le cúraimí a bhaineann le cearta íospartach ar fhaisnéis agus ar chúnamh;
 - (e) taifid cothrom le dáta a chothabháil maidir le pointí teagmhála agus ionadaithe dlíthiúla soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 23(2) agus Airteagal 24(6);
 - (f) clár ar líne a chruthú agus a chothabháil ina liostaítear na hÚdaráis Chomhordúcháin agus a bpointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 25(6);
 - (g) cúnamh a sholáthar d'Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 25(7);
 - (h) cúnamh a thabhairt don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, i ndáil lena chúraimí faoin sásra comhair dá dtagraítear in Airteagal 37;
 - (i) na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 a chruthú, a chothabháil agus a oibriú;
 - (j) an bunachar sonraí tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 a chruthú, a chothabháil agus a oibriú;
 - (k) rochtain agus faireachán ar na bunachair sonraí táscairí agus tuarascálacha a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 46;
 - (l) bearta rialaithe cáilíochta sonraí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 46(7);
 - (m) tuarascálacha maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne féideartha a mheas agus a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 48;
 - (n) comhoibriú le Europol agus le heagraíochtaí comhpháirteacha i gcomhréir le hAirteagail 53 agus 54, lena n- áirítear maidir le cúraimí a bhaineann le híospartaigh a shainaithint;
 - (o) staidreamh a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 83.
3. Ní stórálfaidh Lárionad an Aontais na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 2 ach amháin i gcás ina mbeidh fíorghá leis, agus a fhad a bheidh gá leis, chun na gcríoch is infheidhme a liostaítear i mír 2.
4. Áiritheoidh sé go stóráiltear na sonraí pearsanta ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla. Áirithítear leis na coimircí sin, go háirithe, nach féidir na sonraí pearsanta a rochtain agus a phróiseáil ach chun na críche a stóráiltear iad lena haghaidh, go mbaintear ardleibhéal slándála amach agus go scriostar na sonraí pearsanta nuair nach bhfuil fíorghá leo chun na gcríoch is infheidhme. Déanfaidh sé athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh sé iad a choigeartú i gcás inar gá.

Roinn 4

Comhar

Airteagal 52

Oifigigh teagmhála

1. Ainmneoidh gach Údarás Comhordúcháin oifigeach teagmhála amháin ar a laghad, a bheidh ina phríomhphointe teagmhála ag Lárionad an Aontais sa Bhallstát lena mbaineann. D'fhéadfaí na hoifigigh teagmhála a fhostú ar iasacht chuig Lárionad an Aontais. I gcás ina n- ainmnítear roinnt oifigeach teagmhála, ainmneoidh an tÚdarás Comhordúcháin duine amháin díobh mar phríomhoifigeach teagmhála.
2. Tabharfaidh oifigigh teagmhála cúnamh i leith malartú faisnéise idir Lárionad an Aontais agus na hÚdaráis Chomhordúcháin a d'ainmnigh iad. I gcás ina bhfaigheann Lárionad an Aontais tuarascálacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 12 a bhaineann le scaipeadh féideartha ábhar nua mí- úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht fhéideartha ar leanaí, éascóidh na hoifigigh teagmhála arna n- ainmniú ag an mBallstát inniúil an próiseas chun neamhdhleathacht an ábhair nó an chomhrá a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 36(1).
3. Is é an Bord Bainistíochta a chinnfidh cearta agus oibleagáidí oifigeach teagmhála i ndáil le Lárionad an Aontais. Beidh na pribhléidí agus na díolúintí is gá ag na hoifigigh teagmhála chun a gcúraimí a chomhlíonadh.
4. I gcás ina bhfostaítear oifigigh teagmhála ar iasacht chuig Lárionad an Aontais, cumhdóidh Lárionad an Aontais na costais a bhaineann leis an áitreabh is gá a sholáthar dóibh laistigh den fhoirgneamh agus soláthróidh sé tacaíocht leordhóthanach d'oifigigh teagmhála chun a ndualgais a chomhlíonadh. Seasfaidh an tÚdarás Comhordúcháin a d'ainmnigh iad gach costas eile a thagann aníos i ndáil le hainmniú oifigeach teagmhála agus a ndualgais a chomhlíonadh.

Airteagal 53

Comhar le Europol

1. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, laistigh dá sainorduithe faoi seach, féadfaidh Lárionad an Aontais comhoibriú le Europol.
2. Soláthróidh Europol agus Lárionad an Aontais an rochtain is iomláine agus is féidir dá chéile ar an bhfaisnéis agus na córais faisnéise ábhartha, i gcás inar gá chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh agus i gcomhréir le gníomhartha dhlí an Aontais lena rialaítear rochtain den sórt sin.

Gan dochar do fhreagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, uasmhéadóidh Lárionad an Aontais éifeachtúlacht trí fheidhmeanna riaracháin a roinnt le Europol, lena n- áirítear feidhmeanna a bhaineann le bainistíocht phearsanra, teicneolaíocht faisnéise (TF) agus cur chun feidhme buiséid.

3. Leagfar síos téarmaí an chomhair agus na socruithe oibre i meabhrán tuisceana.

Airteagal 54

Comhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta

1. I gcás inar gá chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, féadfaidh Lárionad an Aontais comhoibriú le heagraíochtaí agus líonraí chun faisnéis agus saineolas maidir le hábhair a bhaineann le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a

chomhrac, lena n- áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí leathphoiblí.

2. Féadfaidh Lárionad an Aontais meabhrán tuisceana a chur i gcrích leis na heagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1, ina leagtar síos téarmaí an chomhair.

Roinn 5

Eagraíocht

Airteagal 55

Struchtúr riaracháin agus bainistíochta

Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta Lárionad an Aontais:

- (a) Bord Bainistíochta a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 57;
- (b) Bord Feidhmiúcháin a chomhlíonfaidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 62;
- (c) Stiúrtóir Feidhmiúcháin Lárionad an Aontais, a fheidhmeoidh na freagrachtaí a leagtar amach in Airteagal 64;
- (d) Coiste Teicneolaíochta mar ghrúpa comhairleach, a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 66.

Cuid 1: Bord Bainistíochta

Airteagal 56

Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta

1. Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus dhá ionadaí ón gCoimisiún, agus is i gcáil comhaltaí ag a bhfuil cearta vótála a bheidh siad sin ar fad ann.
2. Áireofar ar an mBord Bainistíochta freisin breathnóir saineolach neamhspleách amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, gan ceart vótála.
Féadfaidh Europol ionadaí a ainmniú chun freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta mar bhreathnóir ar ábhair a bhaineann le Europol, arna iarraidh sin do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
3. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht ar an gcomhalta nuair a bheidh sé as láthair.
4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha i bhfianaise a gcuid eolais ar réimse na mí- úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh. Ní cheapfaidh na Ballstáit ionadaí óna nÚdarás Comhordúcháin, laistigh de 4 mhí ó [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athrúcháin a n- ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an bhoird a áirithiú. Díreoidh gach páirtí ar ionadaíocht chothrom idir fir agus mná a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta.
5. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfar an téarma sin a athnuachan.

Airteagal 57

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an méid a leanas:
 - (a) gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a threorú go ginearálta;
 - (b) cuirfidh sé le héascú an chomhair éifeachtaigh le agus idir na hÚdaráis Chomhordúcháin;
 - (c) rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, agus comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus aon ghrúpa comhairleach eile a d'fheadfadh sé a bhunú agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhú leasanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta;
 - (d) glacfaidh sé measúnú feidhmíochta an Bhoird Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2);
 - (e) glacfaidh sé a Rialacha Nós Imeachta agus cuirfidh sé ar fáil don phobal iad;
 - (f) ceapfaidh sé comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta, agus aon ghrúpa comhairleach eile a bhunóidh sé;
 - (g) glacfaidh sé na tuairimí maidir le horduithe braite atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(4), ar bhonn dréacht- tuairime arna tabhairt ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
 - (h) na pleananna maidir le cumarsáid agus scaipeadh dá dtagraítear in Airteagal 77(3) a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta, bunaithe ar anailís ar na riachtanais.

Airteagal 58

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

1. Toghfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach agus Leas- Chathaoirleach as measc a chomhaltaí. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas- Chathaoirleach le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

Glacfaidh an Leaschathaoirleach ionad an Chathaoirligh, go huathoibríoch, má tharlaíonn sé nach féidir leis an gCathaoirleach a chuid dualgas a chomhlíonadh.
2. Mairfidh tréimhse oifige an Chathaoirligh agus an Leaschathaoirligh 4 bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh lena mballraíocht sa Bhord Bainistíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

Airteagal 59

Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Cathaoirleach cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a chomóradh.
2. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa phlé, ach ní bheidh ceart vótála ag an té sin.
3. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú den Bhoird Bainistíochta gach bliain. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú den Bhord Bainistíochta ar thionscnamh a

Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún, nó arna iarraidh sin do thrían dá chomhaltaí ar a laghad.

4. Féadfaidh an Bord Bainistíochta a iarraidh ar aon duine ar díol spéise a thuairim freastal ar a chruinnithe i gcáil breathnóra.
5. Faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe a bheith de chúnamh ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta nó ag a gcomhaltaí malartacha ag na cruinnithe.
6. Cuirfidh Lárionad an Aontais an rúnaíocht ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 60

Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, glacfaidh an Bord Bainistíochta cinntí le tromlach glan dá chomhaltaí.
2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. Má bhíonn comhalta as láthair, beidh an comhalta malartach i dteideal a cheart nó a ceart chun vótáil a fheidhmiú.
3. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa vótáil.
4. Bunófar socruithe vótála níos sonraí le rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, go háirithe na cúinsí ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

Cuid 2: An Bord Feidhmiúcháin

Airteagal 61

Comhdhéanamh agus ceapadh an Bhoird Feidhmiúcháin

1. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, dhá chomhalta eile arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta as measc a chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu agus dhá ionadaí ón gCoimisiún ar an mBord Bainistíochta. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin.

Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcrúinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh an ceart vótála ag an té sin.

2. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin. Le linn an 12 mhí roimh dheireadh an téarma oifige 4 bliana ag an gCathaoirleach agus ag cúig chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin, déanfaidh an Bord Bainistíochta nó déanfaidh coiste níos lú a roghnaítear i measc chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear ionadaí ón gCoimisiún, measúnú ar fheidhmíocht an Bhoird Feidhmiúcháin. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú meastóireacht ar fheidhmíocht chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus cúraimí agus dúshlán Lárionad an Aontais amach anseo. Ar bhonn an mheasúnaithe, féadfaidh an Bord Bainistíochta síneadh a chur lena dtéarma oifige uair amháin.

Airteagal 62

Cúraimí an Bhoird Feidhmiúcháin

1. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as pleanáil fhoriomlán agus as cur i gcrích na gcúraimí a thugtar do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 43. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí uile Lárionad an Aontais, cé is moite de na cinntí a ghlacfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 57.

2. Ina theannta sin, feidhmeoidh an Bord Feidhmiúcháin na cúraimí seo a leanas:
- (a) dréacht- Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ghlacadh, faoin 30 Samhain gach bliain, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin é mar fhaisnéis faoin 31 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin, agus leagan nuashonraithe ar bith eile den doiciméad;
 - (b) dréachtbhuiséad bliantúil Lárionad an Aontais a ghlacadh agus feidhmeanna eile i dtaca le buiséad Lárionad an Aontais a fheidhmiú;
 - (c) tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a mheas agus a ghlacadh, lena n- áirítear achoimre ar a chúraimí, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúcháirí í faoin 1 Iúil gach bliain agus cuirfidh sé an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí ar fáil don phobal;
 - (d) straitéis frithchalaoise a ghlacadh, atá comhréireach leis na rioscaí calaoise agus costais agus tairbhí na mbeart a bheidh le cur chun feidhme á gcur san áireamh, straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a ghlacadh, straitéis le haghaidh comhair le tríú tíortha agus/nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a ghlacadh, agus straitéis le haghaidh na gcóras bainistíochta eagraíochtúla agus rialaithe inmheánacha a ghlacadh
 - (e) rialacha a ghlacadh lena ndéanfar cosc agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa i gcás a chomhaltaí;
 - (f) a rialacha nós imeachta a ghlacadh;
 - (g) na cumhachtaí a tugadh don Údarás Ceapacháin faoi na Rialacháin Foirne agus do Lárionad an Aontais atá Cumhachtaíthe Conradh Fostaíochta a Thabhairt i gCrích⁵¹ faoi Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile ('cumhachtaí an údaráis cheapacháin'), na cumhachtaí sin a fheidhmiú i dtaobh bhaill foirne Lárionad an Aontais;
 - (h) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun feidhm a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;
 - (i) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus é nó í a chur as oifig, i gcomhréir le hAirteagal 65;
 - (j) Oifigeach Cuntasaíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, a bheidh neamhspleách go hiomlán i gcomhlíonadh a chuid dualgas, agus féadfaidh sé gurb é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a bheidh ann;
 - (k) a áirithiú go ndéanfar obair leantach leormhaith ar thorthaí agus ar mholtaí a eascróidh as na tuarascálacha iniúcháireachtaí agus ó mheastóireachtaí,

⁵¹ Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

inmheánacha nó seachtracha, agus ó imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith Chalaoise (OLAF);

- (l) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Lárionad an Aontais a ghlacadh;
 - (m) glacfaidh sé na cinntí uile maidir le struchtúir inmheánacha Lárionad an Aontais a leagan síos agus, más gá, maidir lena modhnú.
 - (n) Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh;
 - (o) treoirlínte inmheánacha a ghlacadh lena sonraítear na nósanna imeachta maidir le faisnéis a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 51, tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
 - (p) tabhairt i gcrích meabhrán tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 53(3) agus Airteagal 54(2) a údarú.
3. I dtaca leis na cumhachtaí a luaitear i mír 2 pointe (g) agus (h), glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta, lena dtarmlichtear cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údaraithe na cumhachtaí sin a fho- tharmligean.
4. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin trí chinneadh tarmligean chumhachtaí an údaráis cheapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus aon fho- tharmligean chumhachtaí an údaráis cheapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin sin a chur ar fionraí ar bhonn sealadach, agus iad a chleachtadh é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó chuig ball foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
5. Más gá, ar chúiseanna práinne, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí sealadacha áirithe a ghlacadh thar ceann an Bhoird Bainistíochta, go háirithe maidir le cúrsaí bainistíochta riaracháin, lena n- áirítear tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin a chur ar fionraí agus cúrsaí buiséadacha.

Airteagal 63

Rialacha vótála an Bhoird Feidhmiúcháin

1. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí trí thromlach simplí dá chomhaltaí. Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Bhord Feidhmiúcháin. I gcás comhionannas vótaí, is ag an gCathaoirleach a bheidh an vóta réitigh.
2. Beidh ceart vótála ag ionadaithe ón gCoimisiún aon uair a phléitear ábhair a bhaineann le hAirteagal 62(2) pointí (a) go (l) agus (p) agus nuair a dhéantar cinneadh ina leith. Chun críocha na cinntí a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 62(2), pointí (f) agus (g), beidh vóta amháin ag gach ceann de na hionadaithe ón gCoimisiún. Ní féidir na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 62(2), pointí (b) go (e), (h) go (l) agus (p) a dhéanamh ach amháin má chaitheann na hionadaithe ón gCoimisiún vóta deimhneach. Chun críocha na cinntí a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 62(2), pointe (a), ní bheidh toiliú na n- ionadaithe ón gCoimisiún de dhíth ach amháin i leith na ngnéithe den chinneadh nach mbaineann le clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil Lárionad an Aontais.

Le rialacha nós imeachta an Bhoird Feidhmiúcháin, leagfar síos socruithe vótála níos mionsonraithe, go háirithe na cúinsí ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

Cuid 3: An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Airteagal 64

Freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin

1. Bainisteoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Lárionad an Aontais. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cuntasach don Bhord Bainistíochta.
2. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa maidir le feidhmiú a d(h)ualgas nuair a iarrtar sin air/uirthi. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt ar fheidhmiú a d(h)ualgas.
3. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina ionadaí dlíthiúil ar Lárionad an Aontais.
4. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí arna sannadh do Lárionad an Aontais leis an Rialachán seo. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas:
 - (a) riaradh laethúil Lárionad an Aontais;
 - (b) na cinntí atá le glacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú;
 - (c) cinntí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a chur chun feidhme;
 - (d) an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún;
 - (e) an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin maidir lena chur chun feidhme;
 - (f) an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite maidir le Gníomhaíochtaí (CAAR) a ullmhú maidir le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena meas agus lena glacadh;
 - (g) plean gníomhaíochta a ullmhú ag féachaint do chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha agus do chonclúidí na meastóireachtaí, agus imscrúduithe ón Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) agus ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus tuairisc ar an dul chun cinn a chur chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Bainistíochta agus chuig an mBord Feidhmiúcháin ar bhonn rialta;
 - (h) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, gan dochar don inniúlacht imscrúdaitheach atá ag OLAF agus ag OIPE trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, más rud é go mbraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach comhréireach athchomhairleach a chur i bhfeidhm;
 - (i) straitéis frithchalaoise a ullmhú, straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a ghlacadh, straitéis le haghaidh comhair le tríú tíortha agus/nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a ghlacadh agus straitéis le haghaidh na gcóras bainistíochta eagraíochtúla agus rialaithe inmheánacha a ghlacadh le haghaidh Lárionad an Aontais agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena bhformheas;
 - (j) dréachtrialacha airgeadais a ullmhú is infheidhme maidir le Lárionad an Aontais;

- (k) dréachtráiteas Lárionad an Aontais ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú agus a bhuiséad a chur chun feidhme;
 - (l) straitéis slándála TF a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear bainistíocht riosca iomchuí don bhonneagar, córais agus seirbhísí TF uile, a fhorbraíonn nó a sholáthraíonn Lárionad an Aontais agus cistiú slándála TF leordhóthanach.
 - (m) clár oibre bliantúil Lárionad an Aontais a chur chun feidhme faoi rialú an Bhoird Feidhmiúcháin;
 - (n) dréachtráiteas ar mheastacháin maidir le hioncam agus caiteachas Lárionad an Aontais a dhréachtú mar chuid de Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair Lárionad an Aontais agus buiséad Lárionad an Aontais a chur chun feidhme de bhun Airteagal 67;
 - (o) dréacht- tuarascáil a ullmhú ina dtugtar tuairisc ar gach gníomhaíocht de Lárionad an Aontais le roinn inti maidir le cúrsaí airgeadais agus riaracháin;
 - (p) earcaíocht a chothú d'fhoireann Lárionad an Aontais a bhfuil scileanna agus taithí iomchuí acu, fad is a áirítear cothromaíocht inscne.
5. I gcás inar gá mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chinneadh ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát eile chun cúraimí Lárionad an Aontais a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. Sula gcinntídh sé oifig áitiúil a bhunú, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Bainistíochta agus ón mBallstát lena mbaineann. Bunófar an cinneadh ar anailís costais is tairbhe iomchuí a léiríonn go háirithe breisluach cinneadh den sórt sin agus sonrú ann raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh san oifig áitiúil ar bhealach lena seachnófar costais gan ghá agus dubailt feidhmeanna riaracháin Lárionad an Aontais. Féadfar go ndéanfar comhaontú ceanncheathrún leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann.

Airteagal 65

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Beidh an stiúrthóir feidhmiúcháin fostaithe mar ghníomhaire sealadach ag Lárionad an Aontais faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.
2. Ceapfaidh an Bord Feidhmiúcháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ó liosta iarrthóirí arna moladh ag an gCoimisiún, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach.
3. Chun an conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, is é Cathaoirleach an Bhoird Feidhmiúcháin a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann Lárionad an Aontais.
4. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. 6 mhí roimh dheireadh téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ina dtabharfar san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshláin Lárionad an Aontais amach anseo.
5. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún ina gcuirtear an measúnú dá dtagraítear i mír 3 san áireamh, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin aon uair amháin, ar feadh tréimhse 5 bliana ar a mhéad.

6. Ní féidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar fadaíodh a théarma oifige, páirt a ghlacadh i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse foriomláine.
7. Ní féidir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhífhostú ach ar chinneadh ón mBord Feidhmiúcháin ag gníomhú ar thogra ón gCoimisiún.
8. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí maidir le ceapachán, síneadh le téarma oifige nó dífhostú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu.

Foroinn 5: An Coiste Teicneolaíochta

Airteagal 66

Bunú agus cúraimí an Choiste Teicneolaíochta

1. Beidh an Coiste Teicneolaíochta comhdhéanta de shaineolaithe teicniúla arna gceapadh ag an mBord Bainistíochta i bhfianaise a sármhaitheasa agus a neamhspleáchais, tar éis gairm ar léirithe spéise a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Sonrófar nósanna imeachta maidir le ceapachán chomhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus a oibriú i rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.
3. Beidh comhaltaí an Choiste neamhspleách agus gníomhóidh siad ar mhaithe le leas an phobail. Cuirfear an liosta de chomhaltaí an Choiste ar fáil don phobal agus déanfaidh Lárionad an Aontais an liosta a thabhairt cothrom le dáta ar a shuíomh gréasáin.
4. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta na critéir neamhspleáchais a thuilleadh, cuirfidh sé nó sí an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi sin. De rogha air sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta, de bharr moladh ó thrian dá chomhaltaí ar a laghad nó ón gCoimisiún, easpa neamhspleáchais a dhearbhu agus an duine lena mbaineann a chúlghairm. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta comhalta nua ar feadh na coda den téarma oifige atá fágtha i gcomhréir leis an nós imeachta le haghaidh gnáthchomhaltaí.
5. Mairfidh sainorduithe chomhaltaí an Choiste Teicneolaíochta ar feadh 4 bliana. Beidh na sainorduithe sin inathnuaite aon uair amháin.
6. Déanfaidh an Coiste Teicneolaíochta na nithe a leanas
 - (a) cur le tuairimí Lárionad an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, pointe (d);
 - (b) rannchuidiú le cúnamh Lárionad an Aontais leis do na hÚdaráis Chomhordúcháin, don Bhord Bainistíochta, don Bhord Feidhmiúcháin agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i leith cúrsaí a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta;
 - (c) saineolas a sholáthar go hinmheánach, arna iarraidh sin, ar ábhair a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a bhrath.

Roinn 6
Bunú agus Struchtúr an Bhuiséid
Foroinn 1
Doiciméad Clársceidealaithe Aonair

Airteagal 67

Bunú agus cur chun feidhme an bhuiséid

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtráiteas a tharraingt suas uair sa bhliain ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas Lárionad an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear plan bunaíochta, agus seolfaidh sé chuig an mBord Feidhmiúcháin é.
2. Ar bhonn an dréachtráitis ar mheastacháin, glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus ar chaiteachas Lárionad an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin agus seolfaidh sé chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain é.
3. Seolfaidh an Bord Feidhmiúcháin an dréachtmheastachán críochnaitheach ar ioncam agus ar chaiteachas Lárionad an Aontais, lena gcuimseofar dréachtphean bunaíochta, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta gach bliain.
4. Seolfaidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle in éineacht le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais.
5. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais na meastacháin sin a mheasfaidh sé a bhfuil gá leo le haghaidh an phean bunaíochta agus mhéid an fhóirdheontais a bheidh le muirearú ar an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle é i gcomhréir le hAirteagail 313 agus 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
6. Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe don ranníocaíocht ón Aontas a íocfar le Lárionad an Aontais.
7. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle plan bunaíochta Lárionad an Aontais.
8. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin buiséad Lárionad an Aontais. Beidh sé ina bhuiséad críochnaitheach nuair a bheidh glactha go críochnaitheach le buiséad ginearálta an Aontais. I gcás inar gá, coigeartófar é dá réir.
9. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin buiséad Lárionad an Aontais chun feidhme.
10. Gach bliain, seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin gach faisnéis ábhartha a bhaineann le torthaí aon nós imeachta meastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Airteagal 68

Rialacha airgeadais

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Lárionad an Aontais. Ní imeoidh siad ón Rialachán

Tarmligthe (AE) 2019/715⁵² mura mbeidh gá sonrach leis an imeacht sin maidir le feidhmiú Lárionad an Aontais agus mura mbeidh toiliú tugtha ag an gCoimisiún roimh ré.

1.

Foroinn 2

An buiséad a chur i láthair, a chur chun feidhme agus a rialú

Airteagal 69

Buiséad

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas uile Lárionad an Aontais gach bliain airgeadais, a bheidh comhfhreagrach leis an mbliain féilire, agus léireofar i mbuiséad Lárionad an Aontais iad, a bheidh cothromaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais.
2. Gan dochar d'acmhainní eile, cuimseofar in ioncam Lárionad an Aontais ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear i mbuiséad ginearálta an Aontais.
3. Féadfaidh Lárionad an Aontais leas a bhaint as cistiú an Aontais i bhfoirm comhaontuithe tarmligin nó deontais ad hoc i gcomhréir lena rialacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 68 agus le forálacha na n-ionstraimí ábhartha a thacaíonn le beartais an Aontais.
4. Cuirfear luach saothair foirne, speansais riaracháin agus bonneagair, agus costais oibriúcháin san áireamh i gcaiteachas Lárionad an Aontais.
5. D'fhéadfaí gealltanais bhuiséadacha maidir le tionscadail mhórsála a shíneann thar bhreis agus aon bhliain airgeadais amháin a mhiondealú i roinnt tráthchodanna bliantúla.

Airteagal 70

Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh

1. Seolfaidh oifigeach cuntasaíochta Lárionad an Aontais na cuntais shealadacha le haghaidh na bliana airgeadais (bliain N) chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúcháirí faoin 1 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin (bliain N + 1).
2. Seolfaidh Lárionad an Aontais tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais le haghaidh bhliain N chuig Pharlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúcháirí faoin 31 Márta de bhliain N + 1.
3. Cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha Lárionad an Aontais le haghaidh bhliain N, arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúcháirí faoin 31 Márta de bhliain N + 1.
4. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh maidir le cuntais chríochnaitheacha Lárionad an Aontais le haghaidh bhliain N.
5. Faoin 1 Iúil de bhliain N + 1, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta Lárionad an Aontais na cuntais chríochnaitheacha le haghaidh bhliain N, mar aon le tuairim an Bhoird Bainistíochta dá dtagraítear i mír 5, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an

⁵² IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

6. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha le haghaidh bhliain N in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh faoin 15 Samhain de bhliain N + 1.
7. Faoin 30 Meán Fómhair de bhliain N + 1, seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí ar na barúlacha arna ndéanamh ina thuarascáil bhliantúil. Seolfaidh sé nó sí an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta freisin.
8. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá faoina bráid chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil le haghaidh bhliain N.
9. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a dheonú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2, i leith chur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh bhliain N.

Roinn 7

An fhoireann

Airteagal 71

Forálacha ginearálta

1. Beidh feidhm maidir le Lárionad an Aontais le haghaidh gach ábhar nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo ag na Rialacháin Foirne agus ag Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus ag na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt dóibh.
2. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na bearta cur chun feidhme is gá, i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne.
3. Beidh rochtain ag baill foirne Lárionad an Aontais, go háirithe na baill foirne sin a oibríonn i réimsí a bhaineann go díreach le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, ar sheirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta iomchuí.

Airteagal 72

Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile

1. Féadfaidh Lárionad an Aontais úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as foireann eile nach bhfuil fostaithe aige.
2. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin rialacha a bhaineann le foireann ó na Ballstáit, lena n- áirítear na hoifigigh teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 52, atá le fostú ar iasacht i Lárionad an Aontais agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá. Áireofar, go háirithe, ar na rialacha sin na socruithe airgeadais a bhaineann leis na hiasachtaí sin, lena n- áirítear árachas, agus oiliúint. Cuirfear san áireamh leis na rialacha sin go bhfuil an fhoireann ar iasacht agus go bhfuil siad le himlonnú mar fhoireann de chuid Lárionad an Aontais. Áireofar leo sin forálacha maidir le coinníollacha an imscartha. I gcás inarb ábhartha, beidh sé mar aidhm ag an mBord Feidhmiúcháin comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha is infheidhme maidir le speansais mhisin na foirne reachtúla a aisíoc.

Airteagal 73

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir le Lárionad an Aontais agus foireann Lárionad an Aontais.

Beidh pribhléidí agus díolúintí na n- oifigeach teagmhála agus baill dá dteaghlach faoi réir comhaontaithe idir an Ballstát ina bhfuil ceanncheathrú Lárionad an Aontais suite agus na Ballstáit eile. Leis an gcomhaontú sin, déanfar foráil maidir leid na pribhléidí agus na díolúintí sin a bhfuil gá leo chun cúraimí na n- oifigeach teagmhála a chomhlíonadh i gceart.

Airteagal 74

Oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil

1. Beidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus an Bhoird Feidhmiúcháin, agus comhaltaí uile d'fhoireann Lárionad an Aontais, lena n- áirítear oifigigh ar iasacht ó Bhallstáit ar bhonn sealadach, agus gach duine eile a bhfuil cúraimí á ndéanamh acu thar ceann Lárionad an Aontais ar bhonn conarthach, faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais.
2. Áiritheoidh an Bord Feidhmiúcháin go mbeidh gach duine a sholáthraíonn aon seirbhís, go díreach nó go hindíreach, go buan nó go hócáideach, a bhaineann le cúraimí Lárionad an Aontais, lena n- áirítear oifigigh agus daoine eile a bheidh údaraithe ag an mBord Feidhmiúcháin nó ceaptha ag na húdaráis chomhordúcháin chun na críche sin, go mbeidh siad faoi réir na gceanglas rúndachta gairmiúla atá coibhéiseach leo sin i mír 1.
3. Déanfaidh Lárionad an Aontais na socruithe praiticiúla maidir le cur chun feidhme na rialacha rúndachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.
4. Cuirfidh Lárionad an Aontais Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún i bhfeidhm⁵³.

Airteagal 75

Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis neamh- rúnaicmithe íogair a chosaint

1. Glacfaidh Lárionad an Aontais a rialacha slándála féin a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh- rúnaicmithe a chosaint, mar a leagtar amach i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443⁵⁴ agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún. Cuimseofar le rialacha slándála Lárionad an Aontais, inter alia, forálacha chun faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin rialacha slándála Lárionad an Aontais tar éis iad a fhormheas ag an gCoimisiún.

⁵³ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

⁵⁴ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

2. Aon socrú riaracháin maidir le malartú faisnéis rún- aicmithe le húdaráis ábhartha tríú tír nó, in éagmais comhshocrú den sórt sin, aon eisiúint ad- hoc FRAE chuig na húdaráis sin, beidh sé nó sí faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Roinn 8

Forálacha ginearálta

Airteagal 76

Socruithe teanga

Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos i Rialachán Uimh. 1⁵⁵ maidir le Lárionad an Aontais. Soláthróidh Lárionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a bheidh ag teastáil i ndáil le feidhmiú Lárionad an Aontais.

Airteagal 77

Trédhearcacht agus cumarsáid

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001⁵⁶ maidir le doiciméid atá i seilbh Lárionad an Aontais. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha mionsonraithe chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.
2. Beidh an phróiseáil a dhéanfaidh Lárionad an Aontais ar shonraí pearsanta faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, leagfaidh an Bord Bainistíochta síos bearta le haghaidh Lárionad an Aontais chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm, lena n- áirítear bearta a bhaineann le hOifigeach um Chosaint Sonraí a cheapadh do Lárionad an Aontais. Déanfar na bearta sin a shuí tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
3. Féadfaidh Lárionad an Aontais tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide as a stuaim féin laistigh dá réimse inniúlachta féin. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir le pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta.

Airteagal 78

Bearta frith- chalaoise

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013⁵⁷ chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac.
2. Aontóidh Lárionad an Aontais don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh laistigh de 6 mhí ó [dáta tosaigh na n- oibríochtaí mar a leagtar amach in *Airteagal 82*] agus glacfaidh sé na forálacha iomchuí is infheidhme maidir lena

⁵⁵ Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfídh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58).

⁵⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle agus den Choimisiún, Iris Oifigiúil L 145, 31/05/2001 lch. 0043 – 0048.

⁵⁷ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle. (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1)

fhoireann, agus an teimpléad a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin á úsáid aige chuige sin.

3. Beidh cumhacht iniúcháireachta ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, i gcás gach faighteora deontais, gach conraitheora agus gach fochonraitheora a fuair cistí Aontais ó Lárionad an Aontais.
4. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n- áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a mbeadh tionchar aige ar leas an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna mhaoiniú ag Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle⁵⁸.
5. Gan dochar do mhír 1, 2, 3 ná 4, maidir le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, conarthaí, comhaontuithe deontais agus cinntí deontais Lárionad an Aontais, cuimseofar leo forálacha a thugann cumhacht go sainráite do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus do OLAF chun iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, i gcomhréir lena n- inniúlachtaí faoi seach.

Airteagal 79

Dliteanas

1. Beidh dliteanas conarthach Lárionad an Aontais faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gceist.
2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag Lárionad an Aontais.
3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh Lárionad an Aontais, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a ranna nó a seirbhísigh ina siocair leis i gcomhlíonadh a ndualgas.
4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh i leith damáiste dá dtagraítear i mír 3.
5. Beidh dliteanas pearsanta a foirne i leith an Lárionaid á rialú ag na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne nó Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir léi.

Airteagal 80

Fiosrúcháin riaracháin

Beidh gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais faoi réir fiosrúchán an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

⁵⁸ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún d'fhonn cosaint a thabhairt do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí eile. (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2)

Airteagal 81

Comhaontú maidir le ceanncheathrú agus coinníollacha oibrióchta

1. Na socrúithe riachtanacha maidir leis an gcóiríocht a chuirfear ar fáil do Lárionad an Aontais sa Bhallstát ina bhfuil Lárionad an Aontais lonnaithe agus na saoráidí a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil, mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát sin maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, foireann Lárionad an Aontais agus baill dá dteaghlaigh, leagfar síos iad i gComhaontú maidir le Ceanncheathrú idir Lárionad an Aontais agus an Ballstát ina mbeidh an ceanncheathrú lonnaithe, comhaontú a thabharfar i gcrích tar éis formheas a fháil ón mBord Feidhmiúcháin agus tráth nach déanaí ná [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
2. Soláthróidh an Ballstát ina bhfuil suíochán Lárionad an Aontais lonnaithe na coinníollacha is fearr is féidir lena áirithiú go bhfeidhmeoidh Lárionad an Aontais go rianúil agus go héifeachtach, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach atá dírithe ar an Eoraip agus naisc iompair iomchuí.

Airteagal 82

Tosach ghníomhaíochtaí Lárionad an Aontais

1. Beidh an Coimisiún freagrach as Lárionad an Aontais a bhunú agus a oibriú i dtosach go dtí go rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun a dhualgais nó a dualgais tar éis don Bhord Feidhmiúcháin é nó í a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 65(2). Chun na críche sin:
 - (a) féadfaidh an Coimisiún oifigeach ón gCoimisiún a ainmniú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach agus na dualgais a shanntar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chomhlíonadh;
 - (b) de mhaolú ó Airteagal 62(2)(g) agus go dtí go nglacfar cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 62(4), feidhmeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach cumhachtaí an údaráis cheapacháin;
 - (c) féadfaidh an Coimisiún cúnamh a thabhairt do Lárionad an Aontais, go háirithe trí oifigigh ón gCoimisiún a thabhairt ar iasacht chun gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a chur i gcrích faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin eatramhaigh nó an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;
 - (d) féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach gach íocaíocht a chumhdófar le leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad Lárionad an Aontais a údarú tar éis formheas a fháil ón mBord Feidhmiúcháin agus féadfaidh an duine sin conarthaí a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear conarthaí foirne, tar éis plean bunaíochta Lárionad an Aontais a ghlacadh.

CAIBIDIL V

BAILIÚ SONRAÍ AGUS TUAIRISCIÚ TRÉDHEARCACHTA

Airteagal 83

Bailiú sonraí

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála, soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta agus soláthraithe seirbhíse rochtana idirlín sonraí a bhailiú ar na hábhair a leanas agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do Lárionad an Aontais arna iarraidh sin dó:
 - (a) i gcás ina raibh an soláthraí faoi réir ordú braite arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7:
 - na bearta arna nglacadh chun an t- ordú a chomhlíonadh, lena n- áirítear na teicneolaíochtaí arna n- úsáid chun na críche sin agus na coimircí arna soláthar;
 - rátaí earráide na dteicneolaíochtaí a úsáidtear chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus na bearta arna nglacadh chun aon earráid a chosc nó a leigheas;
 - i ndáil le gearáin agus cásanna arna gcur isteach ag úsáideoirí i ndáil leis na bearta arna nglacadh chun an t- ordú a chomhlíonadh, an líon gearán a cuireadh isteach go díreach chuig an soláthraí, an líon cásanna a tugadh roimh údarás breithiúnach, an bunús atá leis na gearáin agus na cásanna sin, na cinntí arna nglacadh i ndáil leis na gearáin agus sna cásanna eile sin, an meánam a theastaíonn chun na cinntí sin a ghlacadh agus an líon cásanna inar aisiompaíodh na cinntí sin ina dhiaidh sin;
 - (b) an líon orduithe baint anuas a eisíodh chuig an soláthraí i gcomhréir le hAirteagal 14 agus an meánam is gá chun rochtain a bhaint nó a dhíchumasú ar an ítim nó na hítimí d'ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí i gceist;
 - (c) an líon foriomlán ítimí d'ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí a bhain an soláthraí nó ar ar dhíchumasaigh an soláthraí rochtain eile, arna miondealú de réir cé acu a baineadh nó a dhíchumasaíodh rochtain ar na hítimí de bhun ordaithe baint anuas nó fógra arna chur isteach ag Údarás Inniúil, Lárionad an Aontais nó tríú páirtí nó ar thionscnamh féin an tsoláthraí;
 - (d) an líon orduithe blocála a eisíodh chuig an soláthraí i gcomhréir le hAirteagal 16;
 - (e) an líon uaireanta inar agair an soláthraí Airteagal 8(3), Airteagal 14(5) nó (6) nó Airteagal 17(5), mar aon leis na forais ar an méid sin;
2. Déanfaidh na hÚdaráis Chomhordúcháin sonraí a bhailiú ar na hábhair a leanas agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do Lárionad an Aontais arna iarraidh sin dó:
 - (a) bearta leantacha arna dtabhairt do thuarascálacha maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne féideartha a chuir Lárionad an Aontais ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 48(3), agus an méid a leanas á shonrú le haghaidh gach tuarascála:

- cé acu a bhí imscrúdú coiriúil mar thoradh ar an tuarascáil, a rannchuidigh sé le himscrúdú leanúnach, a tháinig aon ghníomhaíocht eile as nó nár tharla aon ghníomhaíocht eile as;
 - i gcás inar tharla imscrúdú coiriúil mar thoradh ar an tuarascáil inar gur chuir sé le himscrúdú leanúnach, staid nó toradh an imscrúdaithe, lena n- áirítear cé acu a dúnadh an cás ag an gcéim réamhthrialach, cé acu a forchuireadh pionóis mar gheall ar an gcás, cé acu a sainaithníodh agus a tarrtháladh íospartaigh agus má sainaithníodh agus tarrtháladh a líon á n- idirdhealú de réir inscne agus aoise, agus cibé acu a gabhadh aon duine faoi amhras agus a ciontaíodh aon déantóir coire agus má ciontaíodh, a líon;
 - i gcás inar tharla aon ghníomhaíocht eile as an tuarascáil, an cineál gníomhaíochta, staid nó toradh na gníomhaíochta sin agus na cúiseanna lenar glacadh í;
 - i gcás nár glacadh aon ghníomhaíocht, na cúiseanna nár glacadh aon ghníomhaíocht;
- (b) na rioscaí is tábhachtaí agus athfhillteacha maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne, mar a thuairiscigh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta i gcomhréir le hAirteagal 3 nó arna sainaithint trí fhaisnéis eile atá ar fáil don Údarás Comhordúcháin;
- (c) liosta de na soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta ar dhírigh an tÚdarás Comhordúcháin ordú braite chucu i gcomhréir le hAirteagal 7;
- (d) an líon orduithe braite arna n- eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7, arna n- idirdhealú de réir soláthraí agus de réir chineál na mí- úsaíde gnéasaí leanaí ar líne, agus an líon cásanna inar agair an soláthraí Airteagal 8(3);
- (e) liosta de na soláthraithe seirbhísí óstála ar dhírigh an tÚdarás Comhordúcháin ordú baint anuas chucu i gcomhréir le hAirteagal 14;
- (f) an líon orduithe baint anuas arna n- eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 14, arna n- idirdhealú de réir soláthraí, an t- am a theastaigh chun an ítim nó na hítimí mí- úsaíde gnéasaí leanaí lena mbaineann a bhaint nó rochtain uirthi nó orthu a dhíchumasú, agus an líon cásanna inar agair an soláthraí Airteagal 14(5) agus (6);
- (g) an líon orduithe blocála arna n- eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16, arna n- idirdhealú de réir soláthraí, agus an líon cásanna inar agair an soláthraí Airteagal 17(5);
- (h) liosta de na seirbhísí sochaí faisnéise ábhartha lenar dhírigh an tÚdarás Comhordúcháin cinneadh de bhun Airteagail 27, 28 nó 29, an cineál cinnidh a glacadh, agus na cúiseanna gur glacadh é;
- (i) na cásanna inar imigh tuairim Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 7(4)(d) go substaintiúil ó thuairim an Údaráis Chomhordúcháin, ag sonrú na bpointí ag ar imigh sí agus na príomhchúiseanna gur imigh sí.
3. Baileoidh Lárionad an Aontais sonraí agus cothóidh sé staidreamh maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó rochtain uirthi

a dhíchumasú faoin Rialachán seo. Bainfidh na sonraí go háirithe leis na hábhair a leanas:

- (a) na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 a chothabháil agus a oibriú;
 - (b) an líon ábhair mí- úsáide gnéasaí leanaí a cuireadh isteach agus sirtheoireacht ar leanaí dá dtagraítear in Airteagal 36(1), arna scagadh de réir Ballstáit a d'ainmnigh na hÚdaráis Chomhordúcháin atá á gcur isteach, agus, i gcás ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí, an líon táscairí arna nginiúint ar an mbonn sin agus an líon aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne a áirítear leis an liosta aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne i gcomhréir le hAirteagal 44(3);
 - (c) an líon iomlán tuarascálacha arna gcur isteach chuig Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 12, arna n- idirdhealú de réir soláthraí seirbhísí óstála agus soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a chuir an tuarascáil isteach agus de réir Bhallstát an údaráis inniúil ar chuir Lárionad an Aontais na tuarascálacha ar aghaidh chuige i gcomhréir le hAirteagal 48(3);
 - (d) an mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne lena mbaineann na tuarascálacha, lena n- áirítear an líon ítimí d'ábhar aitheanta agus nua mí- úsáide gnéasaí féideartha agus cásanna sirtheoireachta féideartha leanaí, Ballstát an údaráis inniúil ar sheol Lárionad an Aontais na tuarascálacha ar aghaidh chuige i gcomhréir le hAirteagal 48(3), agus cineál na seirbhíse sochaí faisnéise ábhartha a chuireann an soláthraí tuairiscithe ar fáil;
 - (e) an líon tuarascálacha a mheas Lárionad an Aontais a bheith go follasach gan bhunús, dá dtagraítear in Airteagal 48(2);
 - (f) an líon tuarascálacha a bhaineann le hábhar nua mí- úsáide gnéasaí leanaí féideartha agus sirtheoireacht leanaí a measadh nárbh ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí iad ar cuireadh Lárionad an Aontais ar an eolas fúthu de bhun Airteagal 36(3), arna n- idirdhealú de réir Ballstáit;
 - (g) torthaí na gcuardach i gcomhréir le hAirteagal 49(1), lena n- áirítear an líon íomhánna, físeán agus URLanna de réir an Bhallstáit ina n- óstáiltear an t- ábhar;
 - (h) i gcás inar tuairiscíodh an ítim mí- úsáide gnéasaí leanaí féideartha chéanna níos mó ná uair amháin chuig Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 12 nó inar braitheadh iad níos mó ná uair amháin trí na cuardaigh i gcomhréir le hAirteagal 49(1), an líon uaireanta a tuairiscíodh nó a braitheadh an ítim sin ar an mbealach sin.
 - (i) an líon fógraí agus an líon soláthraithe seirbhísí óstála dá dtugtar fógra ag Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 49(2);
 - (j) an líon íospartach de mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne ar chuidigh Lárionad an Aontais leo de bhun Airteagal 21(2), agus an líon íospartach a d'iarr an cúnaimh sin ar bhealach inrochtana dóibh de bharr míchumas.
4. Maidir le soláthraithe seirbhísí óstála, soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta agus soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín, na hÚdaráis Chomhordúcháin agus Lárionad an Aontais, áiríteoidh siad nach stóráiltear na sonraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, faoi seach, níos faide ná mar is gá le haghaidh an tuairiscithe trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 84. Ní bheidh aon sonra pearsanta sna sonraí a stóráilfear.

5. Áiritheoidh siad go stóráiltear na sonraí ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla. Áirithítear leis na coimircí sin, go háirithe, nach féidir na sonraí a rochtain agus a phróiseáil ach chun na críche lena stóráiltear iad, go mbaintear ardleibhéal slándála amach agus go scriostar an fhaisnéis nuair nach bhfuil gá léi chun na críche sin. Déanfaidh siad athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh siad iad a choigeartú i gcás inar gá.

Airteagal 84

Tuairisciú trédhearcachta

1. Tarraingeoidh gach soláthraí seirbhísí sochaí faisnéise ábhartha tuarascáil bhliantúil suas maidir lena ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 83(1) i dtoll a cheile sa tuarascáil sin. Faoin 31 Eanáir gach bliain tar éis an bhliain lena mbaineann an tuarascáil, cuirfidh na soláthraithe an tuarascáil ar fáil don phobal agus cuirfidh siad in iúl í don Údarás Comhordúcháin bunaíochta, don Choimisiún agus do Lárionad an Aontais.
2. Tarraingeoidh gach Údarás Comhordúcháin tuarascáil bhliantúil suas maidir lena ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 83(2) i dtoll a cheile sa tuarascáil sin. Faoin 31 Márta gach bliain tar éis an bhliain lena mbaineann an tuarascáil, cuirfidh sé an tuarascáil ar fáil don phobal agus cuirfidh sé in iúl í don Choimisiún agus do Lárionad an Aontais.
3. I gcás inar ainmnigh Ballstát roinnt údarás inniúil de bhun Airteagal 25, áiritheoidh sé go dtarraingeoidh an tÚdarás Comhordúcháin tuarascáil amháin suas lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil uile faoin Rialachán seo agus go bhfaigheann an tÚdarás Comhordúcháin an fhaisnéis agus an tacaíocht uile is gá chuige sin ó na húdaráis inniúla eile lena mbaineann.
4. Tarraingeoidh Lárionad an Aontais, ag obair i ndlúthchomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, tuarascáil bhliantúil suas maidir lena ghníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfear i dtoll a cheile agus déanfar anailís sa tuarascáil sin ar an bhfaisnéis atá sna tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. Faoin 30 Meitheamh gach bliain tar éis an bhliain lena mbaineann an tuarascáil, cuirfidh Lárionad an Aontais an tuarascáil ar fáil don phobal agus cuirfidh sé in iúl í don Choimisiún.
5. Ní bheidh aon fhaisnéis san áireamh sna tuarascálacha trédhearcachta bliantúla dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí leanúnacha chun cúnamh a thabhairt d'íospartaigh nó chun cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ní bheidh aon sonra pearsanta iontu.
6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na teimpléid agus na rialacha mionsonraithe is gá a bhaineann le foirm, ábhar beacht agus sonraí eile na dtuarascálacha agus an phróisis tuairiscithe de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 85

Meastóireacht

1. Laistigh de [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil isteach maidir lena iarratas chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
2. Laistigh de [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le feidhmíocht Lárionad an Aontais i ndáil lena chuspóirí, a shainordú, a chúraimí agus a rialachas agus a láthair. Tabharfar aghaidh ar leith sa mheastóireacht ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le cúraimí Lárionad an Aontais a mhodhnú, agus impleachtaí airgeadais aon mhodhnú den sórt sin.
3. Tráth gach dara meastóireachta dá dtagraítear i mír 2, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain Lárionad an Aontais amach, ag féachaint dá chuspóirí agus dá chúraimí, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil údar cuí fós leis ó thaobh na gcuspóirí agus na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh le Lárionad an Aontais.
4. Tuairisceoidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi thorthaí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 3. Poibleofar torthaí na meastóireachta.
5. Chun na meastóireachtaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a dhéanamh, soláthróidh na hÚdaráis Chomhordúcháin agus na Ballstáit i Lárionad an Aontais faisnéis don Choimisiún arna iarraidh sin dóibh.
6. Agus na meastóireachtaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 á ndéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhianaise ábhartha atá ar fáil dó.
7. I gcás inarb iomchuí, beidh tograí reachtacha ag gabháil leis na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4.

Airteagal 86

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 3, 8, 13, 14, 17, 47 agus 84 a ghlacadh, déanfar iad a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dáta glactha an Rialacháin].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3, 8, 13, 14, 17, 47 agus 84 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a

leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithé a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghactar de bhun Airteagail 3, 8, 13, 14, 17, 47 agus 84 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 87

Nós imeachta coiste

1. Chun glacadh leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 39(4), tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 88

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (AE) 2021/1232 ó [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Airteagal 89

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ó 6 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. An réimse beartais lena mbaineann
- 1.3. Baineann an togra le
- 1.4. Cuspóirí
- 1.5. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige
- 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Riail faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne bhuiséid chaiteachais
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Slándáil

Gníomhaíocht: Straitéis an Aontais maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí ⁵⁹

1.3. Baineann an togra le

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart ⁶⁰

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

Cuspóirí ginearálta

Is é an cuspóir ginearálta feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí rialacha comhchuibhithe an Aontais a thabhairt isteach atá dírithe ar íospartaigh Mí- úsáide Gnéasaí Leanaí (CSA) a shainaithint, a chosaint agus tacú leo ar bhealach níos fearr, ag áirithiú cosc éifeachtach agus ag éascú imscrúduithe, go háirithe trí shoiléiriú ar ról agus freagrachtaí soláthraithe seirbhíse ar líne mar a bhaineann sé le CSA.

Rannchuidíonn an cuspóir seo go díreach leis na SFIIna is ábhartha a bhaint amach le haghaidh an tionscnaimh seo, 5.2., deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh ban agus cailíní, agus 16.2., deireadh a chur le mí- úsáid, saothrú, gáinneáil agus gach cineál foréigin in aghaidh ban, agus téann sé i ngleic go páirteach le SFI 17 i ndáil le bailiú sonraí maidir le leanaí faoi mhíchumas a iarrann faisnéis agus cúnamh ó Lárionad an Aontais.

Cuspóirí sonracha

Cuspóirí sonracha Uimh.

1. brath, tuairisciú agus baint éifeachtach mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a áirithiú,
2. feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil, ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht, agus cosaint cearta bunúsacha a áirithiú,
3. leathadh agus éifeachtaí mí- úsáide gnéasaí leanaí a laghdú trí chomhordú níos fearr.

⁵⁹ Straitéis an Aontais maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, COM(2020)607 final an 24/7/20

⁶⁰ Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Táthar ag súil go dtairbheoidh soláthraithe seirbhísí sochaí faisnéise de dheimhneacht dhlíthiúil a bhaineann le rialacha comhchuibhithe an Aontais maidir le brath, tuairisciú agus baint mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne, agus de leibhéil níos airde muiníne i gcás ina léiríonn a seirbhísí cuntasacht níos mó trí ghlacadh le modhanna níos sábháilte trí dhearadh, agus trí thuairisciú trédhearcachta feabhsaithe agus caighdeánach.

Táthar ag súil go dtairbheoidh gach úsáideoir idirlín agus go háirithe leanaí de chur chuige níos struchtúrtha i leith cosc, brath, tuairisciú agus baint mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne ar fud an Aontais, arna éascú ag Lárionad an Aontais, agus ó leibhéil níos airde muiníne i seirbhísí ar líne a ghlacann le modhanna níos sábháilte trí dhearadh.

Táthar ag súil go dtairbheoidh údarais náisiúnta d'éascú Lárionad an Aontais ar an bpróiseas braite, tuairiscithe agus bainte, agus go háirithe rannchuidiú chun áirithiú go bhfuil tuarascálacha maidir le mí- úsáid ghnéasaí leanaí ar líne a fhaigheann gníomhaireachtaí forfheidhmithe an dlí náisiúnta ábhartha agus go bhfuil faisnéis leordhóthanach iontu le go mbeadh forfheidhmiú an dlí in ann gníomhú. Tairbheoidh údarais náisiúnta freisin den éascú ar mhalartú saineolais a sholáthraíonn Lárionad an Aontais ó thaobh na gcleachtas is fearr agus na gceachtanna a fhoghlaimítear ar fud an Aontais agus go domhanda maidir le cosc agus cúnamh d'íospartaigh a roinnt.

Táscairí feidhmíochta

Sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra, tugtar tuairisc ar chreat faireacháin ar leith, lena n- áirítear táscairí éagsúla de réir na gcuspóirí sonracha.

Ina theannta sin, bunófar cuspóirí mionsonraithe agus torthaí mionsonraithe a mbeidh coinne leo lena n- áirítear táscairí feidhmíochta le clár oibre bliantúil Lárionad an Aontais, agus leagfar síos leis an gclár oibre ilbhliantúil na cuspóirí straitéiseacha foriomlána, torthaí a mbeidh coinne leo agus táscairí feidhmíochta.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 CFAE atá dírithe ar an margadh inmheánach a bhunú agus a fheidhmiú.

Léirítear leis an rogha bunús dlí príomhchuspóirí agus príomhraon feidhme an tionscnaimh ós rud é go bhfuil an tIdirlíon de chineál trasteorann. Is é Airteagal 114 an bunús dlí iomchuí le dul i ngleic le difríochtaí idir forálacha dhlíthe na mBallstát atá amhail chun bac a chur leis na saoirsí bunúsacha agus dá bhrí sin éifeacht dhíreach a bheith acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus chun teacht chun cinn aon bhacainn le trádáil amach anseo mar thoradh ar éagsúlachtaí sa bhealach a d'fhorbairt dlíthe náisiúnta a chosc.

Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh seo rialacha comhchoiteanna a áirithiú chun na dálaí is fearr a chruthú chun timpeallacht shábháilte ar líne a chothabháil le hiompar freagrach agus cuntasach soláthraithe seirbhíse. Ag an tráth céanna, foráiltear leis an idirghabháil do mhaoirseacht iomchuí a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse agus ar chomhar idir údarais ar leibhéal an Aontais, le rannpháirtíocht agus tacaíocht Lárionad an Aontais i gcás inarb iomchuí. Dá réir sin, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil, muinín, nuálaíocht agus fás sa mhargadh aonair le haghaidh seirbhísí digiteacha a mhéadú leis an tionscnamh.

Tá amlíne 5 bliana ón dáta a thagann an reachtaíocht i bhfeidhm beartaithe le go mbainfeadh Lárionad an Aontais atá beartaithe acmhainn oibríochtúil iomlán amach. D'úsáidfí acmhainn an Choimisiúin freisin chun tacú le bunú an Lárionaid le linn na tréimhse ionduchtaithe seo.

- 1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach

Maidir le feabhas sásúil maidir leis na rialacha infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse ábhartha ar líne atá gníomhach ar an margadh inmheánach dírithe ar an gcomhrac in aghaidh CSA a uaschéimniú, ní féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú astu féin nó ar aon bhealach neamhchomhordaithe. Go háirithe, ní féidir le Ballstát aonair cíorclaíocht ar líne íomhá nó físeán CSA ná mealltóireacht linbh ar líne a chosc nó a stopadh go héifeachtach gan an cumas a bheith aige comhoibriú agus comhordú leis na heintitis phríobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí i roinnt Ballstát (nó go deimhin gach Ballstát).

In éagmais gníomhaíochta den Aontas, bheadh ar na Ballstáit leanúint ar aghaidh ag glacadh le dlíthe náisiúnta aonair chun freagairt do dhúshláin atá ann faoi láthair agus a thiocfaidh chun cinn agus bheadh sé mar iarmhairt dhóchúil leis go mbeadh ilroinnt dlíthe agus dlíthe éagsúla ann ar dóchúil go ndéanfaí difear diúltach leo don mhargadh inmheánach, go háirithe i ndáil le soláthraithe seirbhíse ar líne atá gníomhach i níos mó ná Ballstát amháin.

Breisluach lena bhfuil coinne le haghaidh an Aontais

Áirítear an méid a leanas leis an mbreisluach lena bhfuil coinne ón tionscnamh le haghaidh an Aontais:

- Ilroinnt agus costais chomhlíontachta/oibriúcháin a laghdú, feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Rannchuideoidh Lárionad an Aontais go suntasach trí éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhíse chun CSA ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, agus gníomhaíocht fhorfheidhmiú an dlí chun leanúint de na tuarascálacha sin.
- Éascú agus tacú le gníomhaíocht na mBallstát maidir le cosc agus cúnamh d'íospartaigh chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a mhéadú. Rannchuideoidh Lárionad an Aontais go suntasach trí mhalartú na geleachtas is fearr a éascú agus a bheith mar mhol eolais le haghaidh na mBallstát.
- Spleáchas ar chomhar le tríú tíortha a laghdú agus é a éascú. Rannchuideoidh Lárionad an Aontais go suntasach trí na cleachtais is fearr a mhalartú le tríú tíortha, agus éascóidh siad rochtain Ballstát ar shaineolas agus ar cheachtanna a foghlaimíodh ó ghníomhartha chun CSA a chomhrac ar fud an domhain.

- 1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá an togra seo bunaithe ar fhaisnéis dhá ítim de reachtaíocht earnála a théann i ngleic le réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí. An chéad Treoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus níos déanaí Rialachán 2021/1232/AE maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac.

Is gá do na Ballstáit Treoir 2011, a bhí ina céim thábhachtach chun cinn an tráth sin, a thrasú ina hiomláine ar bhonn práinne. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag úsáid a chumhachtaí forfheidhmithe faoi na Conarthaí trí nósanna imeachta sáruithe chun cur chun feidhme tapa a áirithiú. Go comhthreomhar leis sin, mar a thugtar le fios i Straitéis an Aontais maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí, a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, chuir an Coimisiún tús le staidéar chun an mheastóireacht ar Threoir 2011 agus a athbhreithniú féideartha amach anseo a ullmhú.

Ba é an aidhm a bhí le Rialachán 2021/1232/AE (an ‘Rialachán Eatramhach’) seirbhísí cumarsáide ar líne áirithe a chumasú chun leanúint ar aghaidh ag úsáid teicneolaíochtaí chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú agus ábhar mí- úsáide gnéasaí leanaí ar a seirbhísí a bhaint. Tá fad teoranta agus raon feidhme cúng aige atá teoranta do ghníomhaíochtaí deonacha seirbhísí ar líne áirithe le linn tréimhse eatramhaí 3 bliana ar a mhéad, a rachaidh in éag i mí Lúnasa 2024.

Leis an togra reatha, forbraítear Treoir 2011, go háirithe maidir le sainmhíniú ar chionta mí- úsáide gnéasaí leanaí, agus forbraítear an Rialachán Eatramhach leis, go háirithe maidir lena choimircí maidir le mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Leagtar amach i *Straitéis 2020 an Aontais chun CSA a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí* ocht dtionscnamh chun tábhacht freagartha iomlánaíoch leis an réimse coireachta seo a chur i dtábhacht. Gné amháin den sórt sin is ea an reachtaíocht. Dá réir sin, tá sé mar aidhm leis an togra seo creat dlíthiúil iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, freagra fhorfheidhmiú an dlí a fheabhsú, agus gníomhaíocht comhordaithe ilpháirtí leasmhar a spreagadh maidir le cosc, imscrúdú agus cúnamh d’íospartaigh.

Léirítear an togra seo faoin gceannteideal ‘Ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn’ i gClár Oibre 2021 an Choimisiúin.

Leis an togra seo, forbrófar gá na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha atá beartaithe chun na coinníollacha is fearr le haghaidh forbairt seirbhísí digiteacha trasteorann nuálacha a áirithiú san Aontas Eorpach thar theorainneacha náisiúnta agus timpeallacht shábháilte ar líne a choinneáil ar bun do gach saoránach den Aontas.

Tá sé mar aidhm leis an togra seo creat sonrach Aontais a chruthú chun CSA ar líne a chomhrac agus a chosc, le gnéithe cosúil leis an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne, agus ag forbairt ar an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha chun bonnlíne comhchuibhithe a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar gach ábhar neamhdhleathach trí dhíriú ar mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus mealltóireacht go háirithe.

Comhpháirt bhunúsach is ea Lárionad an Aontais chun tacú le cur chun feidhme na n- oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhíse chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, agus táthar ag súil go gcothófar leis gnóthachtálacha éifeachtúlachta tábhachtacha le haghaidh na mBallstát trína gcomhar a éascú agus trí acmhainní a bhailiú le haghaidh cúnamh teicniúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Lárnach ó thaobh measúnú a dhéanamh ar na roghanna maoinithe difriúla ba ea an gá go mbeadh Lárionad beartaithe an Aontais neamhspleách d’fhonn go bhfeidhmeodh sé mar éascaitheoir ar obair

soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, agus obair fhorfheidhmiú an dlí chun na tuarascálacha sin ó sholáthraithe seirbhíse a leanúint.

Tugadh aghaidh ar roghanna eile le haghaidh Lárionad an Aontais sa Mheasúnú Tionchair lena ngabhann i gcás, mar shampla, i dtéarmaí Lárionad an Aontais a ionchorprú i Lárionad an Aontais le haghaidh na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha (FRA), cinneadh, inter alia, go mbeadh sé mar thoradh air go mbeadh *míchothromaíocht shuntasach i sainordú FRA:mar go ndúblódh sé i méid, agus leath de tiomanta do CSA agus an leath eile dá chúraimí reatha*, agus go mbeadh tuilleadh deacrachtaí mar thoradh air seo bainteach le rialachas agus reachtaíocht bhunúsach FRA a athmhúnlú.

Dá réir sin, d'fhoillíonn tacú níos mó le neamhspleáchas an Lárionaid moltar go mbeadh an Lárionad neamhspleách ó thaobh airgeadais agus go maoineodh an tAontas Eorpach é.

Ba cheart don Lárionad freisin a bheith neamhspleách ar eintitis phoiblí náisiúnta an Bhallstáit a d'óstálfadh é d'fhoillíonn an riosca a sheachaint a bhainfeadh le tosaíocht agus fabhar a thabhairt d'iarrachtaí sa Bhallstát áirithe sin. Tá sé seo gan dochar don deis chun tarraingt ar shaineolas Bhallstáit agus gníomhaireachtaí Cheartais agus Gnóthaí Baile an Aontais chun cúnamh a thabhairt chun mais chriticiúil saineolais a thógáil laistigh de Lárionad beartaithe an Aontais.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [DD/MM]YYYY go dtí an [DD/MM]YYYY

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 5 bliana ó 2025 ar aghaidh, agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁶¹

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún trí

☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Sainaithníodh leibhéal rannchuidithe an Aontais leis an Lárionad CSA bunaithe ar an Measúnú Tionchair a rinneadh.

⁶¹ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin [Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid](#)

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfar athbhreithniú agus meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar fheidhmiú an Rialacháin go tréimhsiúil trí thuairisciú.

Chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an rialacháin, baileoidh Lárionad an Aontais (mar aon le soláthraithe seirbhíse agus Údaráis Chomhordúcháin) agus déanfaidh sé anailís ar shonraí atá ábhartha chun éifeachtacht na n-oibleagáidí braite, tuairiscithe agus baint anuas a thomhas. Cuirfidh Údaráis Chomhordúcháin agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide óstála nó idirphearsanta le bailiú sonraí agus tuairisciú ar ghnéithe a thiteann laistigh dá réimse freagrachta. Ba cheart na sonraí a bhailíonn Lárionad an Aontais a chur ar fáil do na hÚdaráis Chomhordúcháin agus don Choimisiún chun measúnú ar chur chun feidhme a chumasú.

Foilseoidh Lárionad an Aontais tuarascálacha trédhearcachta bliantúla. Ba cheart an fhaisnéis atá sna tuarascálacha bliantúla ó na soláthraithe seirbhíse faisnéise ábhartha agus ó na hÚdaráis Chomhordúcháin a chur i dtoll a chéile agus a anailísiú sna tuarascálacha sin agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí agus iad a chur chuig an gCoimisiún, chomh maith le foinsí ábhartha eile, agus ba cheart faisnéis a áireamh maidir le gníomhaíochtaí an Lárionaid.

Ag tarraingt ón staidreamh agus ón bhfaisnéis atá bailithe ó na próisis struchtúrtha agus ó shásraí trédhearcachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo laistigh de 5 bliana ó dháta a theachta i bhfeidhm, agus ansin gach 5 bliana ina dhiaidh sin. Tuairisceoidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Oibríonn gach gníomhaireacht den Aontas faoi chóras faireacháin docht lena mbaineann comhordaitheoir rialaithe inmheánaigh, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach den Choimisiún, an Bord Bainistíochta, an Coimisiún, an Chúirt Iniúcháirí agus an tÚdarás Buiséadach. Léirítear agus leagtar síos an córas seo i gCaibidil 4 den rialachán beartaithe lena mbunaítear Lárionad an Aontais chun Mí-úsáid Ghnéasach Leanáí a Chosc agus a Chomhrac.

I gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh, is é a bheidh i gclár oibre bliantúil an Údaráis cuspóirí mionsonraithe agus na torthaí a bhfuil coinne leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh príomhtháscairí feidhmíochta ag gabháil le gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a áirítear ina clár oibre. Déanfar gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a thomhas de réir na dtáscairí sin sa Tuarascáil Bhliantúil ar Gníomhaíochtaí.

Beidh an clár oibre bliantúil ag teacht leis an gclár oibre ilbhliantúil agus áireofar an dá chlár oibre i ndoiciméad clársceidealaithe bliantúil amháin, doiciméad a chuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.

Beidh Bord Bainistíochta Lárionad an Aontais freagrach as gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais a threorú go ginearálta. Beidh Bord Feidhmiúcháin freagrach as bainistíocht riaracháin, buiséadach agus oibriúcháin éifeachtach agus éifeachtúil Lárionad an Aontais, agus ghlacfaidh sé meastachán buiséid le haghaidh Lárionad an Aontais sula gcuirfí an méid sin in iúl don Choimisiún.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Ós rud é go mbaineann tromlach an mhaoinithe faoin togra seo le Lárionad nua an Aontais a bhunú, cuirfear chun feidhme maoiniú bhuiséad an Aontais trí bhainistíocht indíreach.

Tionscnófar straitéis rialaithe inmheánaigh iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an buiséad sin chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

Maidir le rialuithe ex- post, tá Lárionad an Aontais, mar ghníomhaireacht dhílárailte, faoi réir an mhéid a leanas:

- iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach den Choimisiún;
- tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúcháirí, lena dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialacht na n- idirbheart is bun leo;
- urscaoileadh bliantúil arna dheonú ag Parlaimint na hEorpa;
- imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí.

Mar chomhpháirtí Gníomhaireachta um Cheartas agus Gnóthaí Baile le AS um Imirce agus Gnóthaí Baile beidh Lárionad an Aontais faoi réir Straitéis Rialaithe AS um Imirce agus Gnóthaí Baile maidir le gníomhaireachtaí díláraithe chun tuairisciú iontaofa faoi chuimsiú a Thuarascála Bliantúil ar Ghníomhaíochtaí a áirithiú. Cé go bhfuil gníomhaireachtaí díláraithe iomlán freagrach as a mbuiséad a chur chun feidhme, tá AS um Imirce agus Gnóthaí Baile freagrach as ranníocaíochtaí bliantúla a íoc go tráthrialta arna mbunú ag an Údarás Buiséadach.

Beidh gníomhaíochtaí Lárionad an Aontais faoi réir mhaoirseacht an Ombudsman freisin i gcomhréir le hAirteagal 228 den Chonradh.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Ós rud é gur Lárionad nua den Aontas a bheidh sa Lárionad, tá baol ann nach mbeidh an próiseas earcaíochta de réir an sceidil, agus go mbeidh tionchar aige sin ar acmhainn oibríochtúil an Lárionaid. Anseo, tá tacaíocht ón mháthair- Ard- Stiúrthóireacht rithábachtach i ndáil le róil an Oifigigh Údarúcháin agus i ndáil le feidhmiú na gcumhachtaí arna dtabhairt ag an Rialachán Foirne don údarás ceapacháin (AIPN)⁶² go dtí go mbaineann an Lárionad amach neamhspleáchas riaracháin foriomlán.

Beidh cruinnithe tráthrialta agus teagmhálaithe tráthrialta de dhíth idir an mháthair- Ard- Stiúrthóireacht agus an Lárionad le linn na céime tosaigh 5 bliana chun a áirithiú go bhfuil an Lárionad neamhspleách agus go bhfuil ag oibriú de réir an sceidil.

Cuirtear san áireamh i riosca le cur chun feidhme éifeachtach an togra seo an aidhm Rialála chun feabhas a chur ar bhrath, tuairisciú agus baint CSA ar líne agus chun é a fheabhsú ar fud an Aontais, agus i gcás ian mbeadh cur i bhfeidhm níos leithne an Rialacháin ina mhéadú suntasach i méid agus cáilíocht an tuairiscithe. Cé gur soláthraíodh leis an measúnú tionchair meastacháin maidir leis an líon tuarascálacha a bhfuil coinne leo, d'fhéadfadh an méid iarbhir tuarascálacha a fhaigheann an Lárionad, agus dá bhrí sin ualach oibre an Lárionaid, a bheith éagsúil leis na meastacháin.

Ceanglófar ar Lárionad an Aontais Creat Rialaithe Inmheánach a chur chun feidhme i gcomhréir le Creat Rialaithe Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh. Áireofar faisnéis maidir le rialuithe inmheánacha Lárionad an Aontais i dtuarascálacha bliantúla an Lárionaid.

Bunófar cumas Iniúcháireachta Inmheánaí chun cuntas a choinneáil ar rioscaí sonracha d'oibriú Lárionad an Aontais, agus chun cur chuige córasach agus críochnúil a thabhairt isteach chun

⁶²

C(2013) 3288 final an 4 Meitheamh 4/6/2013

meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe, agus rialachais, agus trí mholtaí a eisiúint maidir le feabhas a chur orthu.

Reáchtálann AS um Imirce agus Gnóthaí Baile cleachtadh bliantúil um bainistiú riosca chun rioscaí arda féideartha a bhaineann le hoibríochtaí gníomhaireachtaí a aithint agus measúnú a dhéanamh orthu. Tuairiscítear na rioscaí a mheastar a bheith criticiúil go bliantúil i bplean bainistíochta AS um Imirce agus Gnóthaí Baile agus bíonn plean gníomhaíochta ag gabháil leo ina luaitear an ghníomhaíocht mhaolaithe.

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

Tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas ‘costais rialaithe/luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’. Tuairiscítear i dTuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2020 AS um Imirce agus Gnóthaí Baile gurb é 0.16 % an cóimheas i ndáil le hEintitis a gCuirtear Bainistíocht Indíreach de Chúram Orthu agus Gníomhaireachtaí Díláraithe.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leis na bearta coiscthe calaoise is infheidhme maidir leis an gCoimisiún atá ann cheana, cumhdófar aon leithreasú breise is gá maidir leis an Rialachán seo.

Maidir le Lárionad an Aontais atá beartaithe, tá straitéis frith- chalaoise intí forbartha ag AS um Imirce agus Gnóthaí Baile agus déanann sé nuashonrú tráthrialta uirthi faoi threoir na straitéise arna soláthar ag OLAF.

Thitfeadh Lárionad an Aontais, arna bhunú mar ghníomhaireacht dhíláraithe laistigh de raon feidhme na straitéise sin.

Chinn AS um Imirce agus Gnóthaí Baile, ina Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2020 gur soláthraíodh leis na próisis um chalaois a chosc agus a bhrath dearbhú sásúil maidir le gnóthachtáil na gcuspóirí um rialú inmheánach.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thiortha de chuid CSTE	ó thiortha is iarrthóirí	ó thríú tiortha	de réir bhí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
5	12 10 04 Lárionad an Aontais chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ‘CSA’ a chosc agus chomhrac	Neamhdh if.	TÁ /NÍL	TÁ /NÍL	TÁ /NÍL	TÁ/NÍL

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas *

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	5	Slándáil agus Cosaint
--	----------	-----------------------

CSA			2022	2023	2024	2025 ⁶³	2026	2027	IOMLÁN CAI 2021- 2027	2028	2029	2030
Teideal 1:	Gealltanais	(1)				11.122	10.964	16.497	38.583	22.269	26.694	28.477
	Íocaíochtaí	(2)				11.122	10.964	16.497	38.583	22.269	26.694	28.477
Teideal 2:	Gealltanais	(1a)										
	Íocaíochtaí	(2a)										
Teideal 3:	Gealltanais	(3 a)										
	Íocaíochtaí	(3b)										
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh CSA	Gealltanais	=1+1a +3a				11.122	10.964	16.497	38.583	22.269	26.694	28.477
	Íocaíochtaí	=2+2a+3 b				11.122	10.964	16.497	38.583	22.269	26.694	28.477

* **Tabhair faoi deara:** Rinneadh na suimeanna uile a ríomh ar nós dá mba rud é go raibh an tÚdarás suite sa Bhruiséil, óir níl ceanncheathrú Lárionad an Aontais cinntithe go fóill. Rinneadh measúnú ar an tréimhse tosaigh chun Lárionad an Aontais a bhunú chuig 5 bliana ag tosú in **2025**, le hacmhainn oibriochtúil foriomlán faoi **dheireadh 2029**, le figiúr caiteachais iomlán an Lárionaid **€ 28 477 milliún** in 2030 i gcás ina dtiteann costáil foirne na chéad bhliana iomláine den líon iomlán foirne dlite. Tagann méadú 2 % ar bhuiséad foriomlán an Lárionaid gach bliain chun boilsciú a chumhdach.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

⁶³ Áirítear i mBliain 1 €5 mhilliún de chostais bunaithe tosaigh le haghaidh bonneagair (i.e. bunachar sonraí táscairí agus foirgneamh)

		2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
ARD- STIÚRTHÓIREACHT: Imirce agus Gnóthaí Baile								
○ Acmhainní daonna		0.201	0.780	1.174	1.197	1.221	1.245	5.818
○ Caiteachas riaracháin eile		-	0.660	0.660	0,330	-	-	1 650
IOMLÁN AS um Imirce agus Gnóthaí Baile	Leithreasuithe	0.201	1.440	1.834	1.527	1.221	1.245	7.468
		2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN

ARD- STIÚRTHÓIREACHT: Imirce agus Gnóthaí Baile								
• Acmhainní daonna		0.201	0.780	1.174	1.197	1.221	1.245	5.818
• Caiteachas riaracháin eile		-	0.660	0.660	0,330	-	-	1 650
IOMLÁN AS um Imirce agus Gnóthaí Baile	Leithreasuithe	0.201	1.440	1.834	1.527	1.221	1.245	7.468

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	0.201	1.440	1.834	1.527	1.221	1.245	7.468
---	---	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0.201	1.440	1.834	12.649	12.185	17.742	46.051
	Íocaíochtaí	0.201	1.440	1.834	12.649	12.185	17.742	46.051

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe an chomhlachta CSA

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin

Sonraigh cuspóirí & aschuir			Bliain		Bliain		Bliain		Iomlán MFF 2021- 27		Bliain		Bliain		Bliain	
			2025		2026		2027				2028		2029		2030	
↕	Saghas	Meán- hostas	E.S.	Costas	E.S.	Costas	E.S.	Costas	E.S.	Costas	E.S.	Costas	E.S.	Costas	E.S.	Costas
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 1																
Brath, tuairisciú agus baint éifeachtach mhí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne																
- Aschur	Seirbhísí agus tacaíochtaí d’údaráis phoiblí agus soláthraithe seirbhíse			1.919		3.741		5.835		11.494		8.017		9.700		10.448
- Aschur	Gníomhaíochtaí cumarsáide agus éascaithe			0.411		0.802		1,250		2.463		1.718		2.079		2.239
- Aschur	Gníomhaíochtaí taighde, iniúchta agus imscrúdaithe			0.411		0.802		1,250		2.463		1.718		2.079		2.239
Fo- iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 1				2.741		5.344		8.335		16.420		11.453		13.857		14.926
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 2																
Deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe, lena n- áirithítear cosaint chearta bunúsacha, trédhearcachta agus cuntasachta																
- Aschur	Seirbhísí agus tacaíochtaí chun cuidiú le cur chun feidhme an Rialacháin			0.582		1.136		1.771		3.489		2.434		2.944		3.172
- Aschur	Gníomhaíochtaí cumarsáide agus éascaithe			0,103		0.200		0,313		0.616		0.429		0,520		0,560
Fo- iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 2				0.685		1.336		2.084		4.105		2 863		3.464		3.732
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 3																
Laghdú i leathadh agus éifeachtaí mí- úsáide gnéasaí leanaí trí chomhordú iarrachtaí níos fearr																
- Aschur	Seirbhísí agus tacaíochtaí d’údaráis phoiblí, soláthraithe agus saineolaithe			6.887		2.999		4.255		14.141		5.567		6.561		6.873
- Aschur	Gníomhaíochtaí cumarsáide agus éascaithe			0,404		0.643		0.912		1.959		1.193		1.406		1.473
- Aschur	Taighde agus meastóireacht – Cúnamh íospartaigh agus Cosc			0,404		0.643		0.912		1.959		1.193		1.406		1.473
Fo- iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 3				7.696		4.284		6.078		18.058		7.953		9.373		9.819
IOMLÁN				11.122		10.964		16.497		38.583		22.269		26.694		28.477

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an chomhlachta CSA

Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2025	2026	2027	Iomlán MFF 2021- 27	2028	2029	2030
--	------	------	------	---------------------------	------	------	------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	1.166	3.229	5.547	9.942	7.956	9.919	11.037
Foirne sealadacha (gráid AST)	0.500	1.445	2.687	4.631	3.978	4.779	5.151
Baill foirne ar conradh	0.226	0.690	1.173	2.089	1.675	2.197	2.490
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht							

IOMLÁN	1.892	5.363	9.407	16.662	13.610	16.895	18.677
---------------	--------------	--------------	--------------	---------------	---------------	---------------	---------------

Riachtanais foirne (FTE):

	2025	2026	2027	Iomlán MFF 2021- 27	2028	2029	2030
--	------	------	------	---------------------------	------	------	------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	14	24	40	60	50	60	60
Foirne sealadacha (gráid AST)	6	11	20	20	25	28	28
Baill foirne ar conradh	5	10	15	15	20	25	25
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht							

IOMLÁN	25	45	75	75	95	113	113
---------------	-----------	-----------	-----------	-----------	-----------	------------	------------

Le haghaidh earcaíocht nua, tá ríomh 50 % de chostais foirne le haghaidh 2022 agus 50 % de na costais foirne bhreise le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin curtha i bhfeidhm.

3.2.4. Ceanglais mheasta na n- acmhainní daonna a mheastar le haghaidh na mátharchuideachta AS um Imirce agus Gnóthaí Baile

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)

	2022	2023	2024	2025	2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)						
20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	2	5	5	5	5	5
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)						
01 01 01 01 (Taighde indíreach)						
10 01 05 01 (Taighde díreach)						
○ Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE)⁶⁴						
20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')	1	4	4	4	4	4
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)						
Líne/línte buiséid (sonraigh) ⁶⁵	- sa Cheanncheathrú ⁶⁶					
	- i dtoscaireachtaí					
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)						
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)						
Línte buiséid eile (sonraigh)						
IOMLÁN	3	9	9	9	9	9

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrtóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁶⁴ AC= Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁶⁵ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

⁶⁶ Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe go príomha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Oibreoidh foireann an Choimisiúin arna dtarraingt ón AS um Imirce agus Gnóthaí Baile ar 1) an talamh a ullmhú chun an Lárionad a bhunú mar a bhaineann le forbairt cláir oibre agus tuairisciú gníomhaíochta, 2) treoraíocht a ullmhú maidir le próisis oibriúcháin a bhaineann le hoibleagáidí riosca, braite, tuairiscithe agus bainte faoin reachtaíocht, 3) leanúint ag cur gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Lárionad ar aghaidh maidir le réimsí coisc agus cúnamh d'íospartaigh, 4) tacaíocht riaracháin a thabhairt chun an Lárionad a bhunú 5) rúnaíocht a sholáthar do Bhord Bainistíochta an Lárionaid mar atá bunaithe
Pearsanra seachtrach	Glacfaidh pearsanra seachtrach mar a earcaítear iad go hincriminteach isteach i Lárionad an Aontais freagrachtaí áirithe ó phearsanra an Choimisiúin, agus oibríochtóidh siad córais agus próisis an Lárionaid mar a bhaineann le próisis bhraite, tuairiscithe agus bainte. Tosóidh pearsanra an Lárionaid freisin ag tabhairt cúnamh chun líonraí saineolais a thógáil ar fud réimse a bhfreagrachtaí. Áirítear sonraí chúraimí Lárionad an Aontais i gCaibidil 4, Roinn 2 den Rialachán atá beartaithe thuas.

Áirítear tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE i roinn 4 den Iarscríbhinn thíos.

3.2.5. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

☒ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Cuimsítear leis an togra acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna breise le haghaidh an Lárionaid CSA. Déanfar tionchar buiséadach na n-acmhainní airgeadais breise le haghaidh CSA a fhritháireamh le laghdú cúiteach ón gcaiteachas réamhshocraithe faoi Cheannteideal 5.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil⁶⁷.

3.2.6. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

☒ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁶⁷ Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 ina leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2027.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
- ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁶⁸						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

[...]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[...]

⁶⁸ Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

1. IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

Ainm an togra/tionscnaimh:

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun rialacha a leagan síos chun mí- úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac

1. LÍON agus COSTAS na nACMHAINNÍ DAONNA A MHEASTAR GO BHFUIL GÁ LEO
2. COSTAS CAITEACHAIS RIARACHÁIN EILE
3. COSTAIS RIARACHÁIN IOMLÁNA
4. MODHANNA RÍOFA A ÚSÁIDTEAR chun COSTAIS A MHEAS
 - 4.1. Acmhainní daonna
 - 4.2. Caiteachas riaracháin eile

Ní mór an iarscríbhinn seo a bheith ag gabháil leis an ráiteas airgeadais reactach nuair atá an comhairliúchán idirsheirbhísi á sheoladh.

Úsáidtear na táblaí sonraí mar fhoinse do na táblaí atá sa ráiteas airgeadais reactach. Tá siad á gcur ar fáil le haghaidh úsáid inmheánach laistigh den Choimisiún amháin.

1. Costas na n-acmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní cheanglaítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna
- ☒ Ceanglaítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		2022		2023		2024		2025		2026		2027				IOMLÁN	
		FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
○ Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)																	
20 01 02 01 - Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíochta	AD	2	0.157	5	0,560	5	0.817	5	0.833	5	0.850	5	0.867			5	4.084
	AST																
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	AD																
	AST																
○ Pearsanra seachtrach ⁶⁹																	
20 02 01 agus 20 02 02 – Pearsanra seachtrach – Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíochta	AC	0	0 000	3	0,130	3	0.265	3	0.271	3	0.276	3	0.282			3	1.224
	END	1	0.044	1	0.090	1	0,092	1	0.093	1	0.095	1	0.097			1	0.511
	INT																
20 02 03 – Pearsanra seachtrach Toscaireachtaí an Aontais	AC																
	AL																
	END																
	INT																
	JPD																
Línte buiséid eile a bhaineann le hacmhainní daonna (sonraigh)																	

⁶⁹ AC = Baill foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Baill foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		2022		2023		2024		2025		2026		2027				IOMLÁN	
		FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
Fo-iomlán na n-acmhainní daonna – CEANNTIDEAL 7		3	0.201	9	0.780	9	1.174	9	1.197	9	1.221	9	1.245			9	5.818

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrtóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfai a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Lasmuigh de CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		2022		2023		2024		2025		2026		2027				IOMLÁN	
		FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
○ Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)																	
01 01 01 01 Taighde Indíreach ⁷⁰ 01 01 01 11 Taighde Díreach Eile (sonraigh)	AD																
	AST																
○ Pearsanra seachtrach ⁷¹																	
Foireann sheachtrach ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').	- sa cheanncheathrú	AC															
		END															
		INT															
	- i dtoscaireachtaí an Aontais	AC															
		AL															
		END															
		INT															
		JPD															
01 01 01 02 Taighde Indíreach 01 01 01 12 Taighde díreach Eile (sonraigh) ⁷²	AC																
	END																
	INT																
Línte buiséid eile a bhaineann le hacmhainní daonna (<i>sonraigh</i>)																	
Fo-iomlán na n-acmhainní daonna – Lasmuigh de CHEANTEIDEAL 7																	

⁷⁰ Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh líne bhuiséid eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

⁷¹ AC = Baill Foirne ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT = Baill foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóiscara i dToscaireachtaí.

⁷² Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh líne bhuiséid eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		2022		2023		2024		2025		2026		2027				IOMLÁN	
		FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
Iomlán acmhainní daonna (gach Ceannteideal CAI)																	
Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		2022		2023		2024		2025		2026		2027				IOMLÁN	
		FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
• Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)																	
01 01 01 01 Taighde Indíreach ⁷³ 01 01 01 11 Taighde Díreach Eile (sonraigh)		AD															
		AST															
• Pearsanra seachtrach ⁷⁴																	
Foireann sheachtrach ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').	- sa cheanncheathrú	AC															
		END															
		INT															
	- i dtoscaireachtaí an Aontais	AC															
		AL															
		END															
		INT															
		JPD															
01 01 01 02 Taighde Indíreach 01 01 01 12 Taighde díreach		AC															
		END															

⁷³

Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh líne bhuiséid eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

⁷⁴

AC = Baill Foirne ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT = Baill foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		2022		2023		2024		2025		2026		2027				IOMLÁN	
		FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
Eile (sonraigh) ⁷⁵	INT																
Línte buiséid eile a bhaineann le hacmhainní daonna (sonraigh)																	
Fo-iomlán na n-acmhainní daonna – Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7																	
Iomlán acmhainní daonna (gach Ceannteideal CAI)		3	0.201	9	0.780	9	1.174	9	1.197	9	1.221	9	1.245			9	5.818

⁷⁵ Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh líne bhuiséid eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

2. Costas an chaiteachais riaracháin eile

- ☐ Ní cheanglaítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe riaracháin
- ☒ Ceanglaítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Sa cheanncheathrú nó laistigh de chríoch an Aontais:							
20 02 06 01 Costas misin agus ionadaíochta	0 000	0.200	0.200	0.100	0 000	0 000	0.500
20 02 06 02 Costais a bhaineann le comhdhálacha agus cruinnithe	0 000	0.460	0.460	0.230	0 000	0 000	1.150
20 02 06 03 - Coistí ⁷⁶							
20 02 06 04 Staidéir agus comhairliúcháin							
20 04 – Caiteachas TF (corparáideach) ⁷⁷							
Línte buiséid eile nach mbaineann le hacmhainní daonna (sonraigh i gcás inár gá)							
I dtoscaireachtaí an Aontais							
20 02 07 01 – Speansais misin, comhdhálacha agus ionadaíochta							
20 02 07 02 – Oiliúint bhreise a chur ar an bhfoireann							
20 03 05 – Bonneagar agus lóistíocht							
Línte buiséid eile nach mbaineann le hacmhainní daonna (sonraigh i gcás inár gá)							
Fo-iomlán Eile - CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	0 000	0.660	0.660	0,330	0 000	0 000	1 650

⁷⁶ Sonraigh an cineál coiste agus an grúpa lena mbaineann sé.

⁷⁷ Teastaíonn tuairim AS DIGIT – Foireann Infheistíochtaí TF (féach na Treoirínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020, lch. 7)

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin (gan foireann sheachtrach san áireamh) ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA'):							
- sa cheanncheathrú							
- i dtoscaireachtaí an Aontais							
Caiteachas bainistíochta eile ar thaighde							
Caiteachas beartais TF ar chlár oibríochtúla ⁷⁸							
Caiteachas corparáideach TF ar chlár oibríochtúla ⁷⁹							
Línte buiséid eile nach mbaineann le hacmhainní daonna (<i>sonraigh i gcás inár gá</i>)							
Fo-iomlán Eile – Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Caiteachas riaracháin iomlán eile (gach Ceannteideal CAI)	0 000	0.660	0.660	0,330	0 000	0 000	1 650

⁷⁸ Teastaíonn tuairim AS DIGIT – Foireann Infheistíochtaí TF (féach na Treoirínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020, lch. 7)

⁷⁹ Áirítear san ítim seo córais áitiúla riaracháin agus ranníocaíochtaí le cómhaoiniú na geóras corparáideach TF (féach na Treoirínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020)

3. Costais riaracháin iomlána (gach Ceannteideal CAI)

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Achoimre	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Ceannteideal 7 Acmhainní Daonna	0.201	0.780	1.174	1.197	1.221	1.245	5.818
Ceannteideal 7 – Caiteachas riaracháin eile		0.660	0.660	0,330			1 650
Fo-iomlán Ceannteideal 7							
Lasmuigh de Ceannteideal 7 – Acmhainní Daonna							
Lasmuigh de Ceannteideal 7 – Caiteachas riaracháin eile							
Fo-omlán Ceannteideal eile							
IOMLÁN CEANNTIDEAL 7 agus Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7	0.201	1.440	1.834	1.527	1.221	1.245	7.468

Soláthrófar na leithreasuithe riaracháin is gá leis na leithreasuithe a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha reatha.

4. Modhanna ríofa a úsáidtear chun costais a mheas

4.1 Acmhainní daonna

Leagtar amach sa chuid seo an modh ríofa a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar na hacmhainní daonna a mheastar a bheith riachtanach (toimhdí ualach oibre, lena n-áirítear poist ar leith (próifílí oibre Sysper 2), catagóirí foirne agus na meánchostais chomhfhreagracha)

CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
NB: Tá na meánchostais le haghaidh gach catagóire foirne ag an gCeanncheathrú ar fáil ar BudgWeb: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/pre/legalbasis/Pages/pre-040-020_preparation.aspx
Oifigigh agus pearsanra sealadach Ríomhadh na costais le haghaidh oifigeach sa mháthair AS um Imirce agus Gnóthaí Baile ar bhonn an mheánchostais a leanas: EUR 157 000 in aghaidh na bliana (tagairt: Nóta ciorcláin AS an Bhuiséid chuig RUF, Limistéir.(2021)7378761 an 30/11/2021), trí mhéadú boilscithe 2 % in aghaidh na bliana a chur i bhfeidhm ó 2023. Molann LFS acmhainní daonna breise a úsáid sa mháthair AS (AS um Imirce agus Gnóthaí Baile), is é sin le rá 9 FTE breise anuas orthu sin atá ag obair cheana féin sa réimse beartais um Shlándaíl sa Ré Dhigiteach ar Straitéis CSA níos leithne an Aontais agus i dtacaíocht riaracháin. Roinntear na hacmhainní daonna mar a leanas (in FTE): * 5 AD
Pearsanra seachtrach Ríomhadh na costais le haghaidh Saineolai Náisiúnta ar lasacht agus Gníomhairí Conarthacha san AS comhpháirteach ar bhonn an mheánchostais a leanas: EUR 88 000 agus EUR 85 000 in aghaidh na bliana, (tagairt: Nóta ciorcláin AS an Bhuiséid chuig RUF, Limistéir.(2021)7378761 an 30/11/2021), trí mhéadú boilscithe 2 % in aghaidh na bliana a chur i bhfeidhm ó 2023. Roinntear na hacmhainní daonna mar a leanas (in FTE): * 1 SNE agus 3 AC

Lasmuigh de CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
☐ Na poist a fhaigheann maoiniú ón mbuiséad taighde agus na poist sin amháin
☐ Pearsanra seachtrach
Lasmuigh de CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
Na poist a fhaigheann maoiniú ón mbuiséad taighde agus na poist sin amháin
Pearsanra seachtrach

4.2 Caiteachas riaracháin eile

Tabhair sonraí maidir leis an modh ríofa a úsáidtear le haghaidh gach líne buiséid agus go háirithe na toimhdí bunúsacha (e.g. an líon cruinnithe in aghaidh na bliana, meánchostais, etc.)

CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil

Cumhdófar leis na costais sin: gníomhaíochtaí oibriúcháin (e.g. cruinnithe teic. le páirtithe leasmhara); tacaíocht le líonraí saineolaithe (gníomhaíochtaí, cruinnithe comhordúcháin); aistriúchán agus ateangaireacht; foilsiú agus scaipeadh taighde; cumarsáid (lena náirítear feachtais).

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil